

Dul Chun Cinn go Nádúrtha

# ervia

Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis

# 2019



# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| **01** | **Tuairisc Straitéiseach** |
| 02 | Tuarascáil an Chathaoirligh |
| 04 | Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh |
| 06 | Struchtúr Rialachais |
| 07 | Ceisteanna Ábhartha |
| 10 | Creat Straitéiseach |
| 13 | Fachtóirí a Imríonn Tionchar ar Chruthú Luacha |
| 14 | Samhail Ghnó Ervia |
| 16 | Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara |
| 20 | Fís 2050 – Líonra Gáis Neodrach ó Thaobh Carbóin de a bhaint amach d'Éirinn |
| 22 | Buaicphointí |
| 24 | Feidhmíocht Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann |
| 30 | An Fhoireann Feidhmiúcháin |
| 31 | Athbhreithniú Airgeadais |
| 37 | Athbhreithniú Oibriúcháin |
| 40 | Inbhuanaitheacht |
| **45** | **Tuairisc Rialachais** |
| 46 | An Bord |
| 48 | Tuarascáil an Bhoird |
| 60 | Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca |
| **63** | **Ráitis Airgeadais** |
| 64 | Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia |
| 66 | Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa |
| 67 | Ráiteas an Ghrúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile |
| 68 | Clár Comhardaithe an Ghrúpa |
| 69 | Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa Chothromas |
| 70 | Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid |
| 71 | Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa |
| 119 | Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta |
| 120 | Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile |
| 121 | Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta |
| 122 | Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas |
| 123 | Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid |
| 124 | Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta |

# Tuairisc Straitéiseach

Is cuideachta thráchtála leathstáit é Ervia a sholáthraíonn na bonneagair agus seirbhísí gáis agus uisce straitéiseacha náisiúnta atá mar bhonn ag fás gheilleagar na hÉireann. Tá ról lárnach againn ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhshaol, a bheith i gceannas ar an aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin, acmhainní uisce luachmhara a chosaint agus athléimneacht a mhéadú. Cuirimid seirbhísí rialachais agus tacaíochta lárnaí ar fáil dár ngnólachtaí rialáilte, Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann.

Is le *Líonraí Gáis Éireann* ceann de na líonraí gáis nádúrtha is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan agus oibríonn sé an líonra sin.

Soláthraíonn *Aurora Telecom* bonneagar leathanbhanda snáithín dhorcha ar ardchaighdeán.

Tá *Uisce Éireann* freagrach as sócmhainní uisce agus fuíolluisce na hÉireann a oibriú agus a chothabháil. Is féidir eolas maidir lena fheidhmíocht in 2019 a aimsiú i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann ag www.water.ie

vision 2050

**Is é Ár bhFís go mBeidh Líonra Gáis na hÉireann Neodrach ó Thaobh Carbóin de faoi 2050**

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó agus is práinní atá romhainn. Téann sé i gcion ar phobail, sláinte an duine agus an comhshaol. Mar gheall ar fhás suntasach ar dhaonra agus gníomhaíocht gheilleagrach, tá an t-éileamh ar fhuinneamh fós ag dul i méid.

**léigh níos mó ar leathanaigh 20 agus 21.**

# Tuarascáil an Chathaoirligh



**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

Mar Chathaoirleach an Bhoird, tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Ervia don bhliain 2019 a chur i láthair. D'éirigh go han-mhaith linn ó thaobh na feidhmíochta airgeadais de arís eile i mbliana, agus d'íocamar díbhinn €139.4 milliún leis an Státchiste.

D'infheistíomar €110 milliún i mbonnegar ar an líonra gáis i mbliana. Mar gheall air sin, bhíomar ábalta custaiméirí nua a cheangal leis an líonra, leanúint de níos mó stáisiún Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite a chur ar fáil mar bhreosla iompair agus cláir a chur ar fáil chun feabhas a chur ar iontaofacht agus sábháilteacht an líonra.

Cruthaímid leas eacnamaíoch dár bhfostaithe, dár scairshealbhóirí, dár gconraitheoirí, dár gcomhpháirtithe agus dár n-infheisteoirí. Déantar cuid den luach a chruthaítear a choinneáil san eagraíocht chun sócmhainní a chothabháil agus sócmhainní nua a cheannach. Leagtar amach eolas mionsonraithe maidir leis an luach a chruthaigh Líonraí Gáis Éireann dár bpáirtithe leasmhara ar leathanaigh 31-44 den tuarascáil seo. Déantar cur síos ar fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Uisce Éireann in 2019 i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann 2019 atá le fáil ar www.water.ie.

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2019. Táimid go hiomlán tiomanta do bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Coimisiún um Rialáil Fóntas chun an leas is mó is féidir a bhaint as an líonra gáis agus chun a chinntiú go bhfuil slándáil soláthair ann le linn an aistrithe i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin.

Leanfaimid orainn lenár bpleananna infheistíochta caipitil a fhorbairt agus a sholáthar chun go mbeidh siad ag teacht le chéile leis na tionscnaimh beartais a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040 agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027. Chuige sin, fanfaimid i dteagmháil lenár gcustaiméirí, rialtóirí agus scairshealbhóirí agus leis an bpobal chun tuiscint a fháil ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn de réir mar a fhorbraíonn ár dtír agus geilleagar.

Oibríodh go dlúth le hoifigigh i mBaile Átha Cliath, sa Bhruiséil agus i Londain le linn 2019 chun a chinntiú nach gcuirfear isteach ar sholáthar fuinnimh na hÉireann mar gheall ar an mBreatimeacht. Táim muiníneach go gcoimeádfar slándáil soláthair ar an leibhéal céanna le linn na tréimhse aistrithe agus ina dhiaidh sin.

## Rialachas Corparáideach

I rith na bliana lean an Bord le tús áite a thabhairt do rialachas corparáideach ar aon dul le dea-chleachtas, rialúchán atá ag teacht chun cinn, beartas rialtais agus trédhearcacht. Cloímid leis na forálacha is infheidhme den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar rioscaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na maolaithe agus rialuithe cuí i bhfeidhm. Mar Chathaoirleach, táim sásta go bhfuil na rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu chun ár riachtanais rialachais a bhaint amach. Leanfaimid d'Uisce Éireann a rialú go dtí go scarfar an eagraíocht agus go gcuirfear ar bun dhá fhóntas thráchtála rialáilte aonair atá faoi úinéireacht phoiblí in 2023.

Gabhann an Bord air go fóill go gcinnteoidh sé go mbeidh cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtaí Ervia inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta. D'fhoilsigh Líonraí Gáis Éireann an chéad tuarascáil inbhuanaitheachta, "Sustainability in Action", in 2019. Tarraingíonn an tuarascáil aird ar an dul chun cinn atá déanta chun prionsabail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm faoi trí cheannteideal, is iad sin tionchar comhshaoil, tionchar sóisialta agus tionchar geilleagrach.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hAirí agus na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, as a dtacaíocht i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hoifigigh NewERA freisin, lena mbímid ag plé ceisteanna rialachais ar bhonn rialta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus leis an bhFoireann Feidhmiúcháin as a dtiomantas leanúnach, a bpaisean agus a rialachas éifeachtach ar an ngnó in 2019. Cuirim fáilte roimh Niall Gleeson a thosaigh sa ról mar Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann i Lúnasa 2019 agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis. Is mian liom chomh maith aitheantas a thabhairt don obair a rinne Mike Quinn, a d'éirigh as an mBord in Aibreán 2019, agus a rinne Peter Cross, a ndeachaigh a théarma oifige in éag in Eanáir 2020.

Rinneamar dul chun cinn i mbliana ar ár gclár oibre maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú chun ionad oibre forásach, ina mothaíonn baill foirne go bhfuil meas orthu, a chur chun cinn. Mar Chathaoirleach, aithním iarracht agus díograis ollmhór ár bhfoirne agus ár gcomhpháirtithe a oibríonn chun soláthairtí gáis atá sábháilte agus slán a chur ar fáil, rud atá mar bhonn agus mar thaca faoin ngeilleagar.

**Tony Keohane**
*Cathaoirleach*

*"Mar Chathaoirleach, aithním iarracht agus díograis ollmhór ár bhfoirne agus ár gcomhpháirtithe a oibríonn chun soláthairtí gáis atá sábháilte agus slán a chur ar fáil, rud atá mar bhonn agus mar thaca faoin ngeilleagar.*

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



Cathal Marley
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa (Eatramhach)*

Ó mo thaobh féin de, ba bhuaicphointe ar leith i mbliana é foilsiú Fís 2050. Leagann an plean seo amach conas is féidir linn líonra gáis atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050. Rachaidh sé i bhfeidhm ar ár bhforbairt amach anseo agus beidh ról tábhachtach aige inár gcóras fuinnimh a dhícharbónú.

Faoi 2050, beifear ábalta leath den éileamh ar ghás a shásamh le gás inathnuaite agus hidrigin agus an leath eile le gás nádúrtha ina ndearnadh carbón a laghdú trí mheán na teicneolaíochta Gabhála agus Stórála Carbóin. In 2019 shíníomar Meabhrán Tuisceana le cuideachta fuinnimh dhomhanda, Equinor, chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann d'Éirinn leas a bhaint as Gabháil agus Stóráil Carbóin.

## Luach a Chruthú do Mhuintir na hÉireann

Is é ár bpríomhghníomhaíocht gás nádúrtha a iompar thar ceann os cionn 705,000 custaiméir gáis gnó agus cónaithe, is cuma cén cuideachta soláthair gáis nádúrtha a roghnaíonn siad. Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn, agus oibríonn agus tógann sé é agus déanann sé cothabháil air. Áirítear leis sin píblínte 14,521 km ar fad, 2 idirnascaire fhomhuirí agus píblínte san Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Chomh maith leis sin, soláthraímid seirbhísí snáthoptaice teileachumarsáide mórdhíola faoin ainm gnó Aurora Telecom.

Tá sé fíorthábhachtach dúinn go bhfuil ár mbeartais infheistíochta ag teacht leis na torthaí straitéiseacha náisiúnta leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018–2027, sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2019 agus i mbeartas bonneagair níos leithne an Rialtais.

Tá a fhios agam go maith an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a aimsiú idir aidhmeanna eacnamaíocha, mar bhrabúsacht agus cruthú luacha, aidhmeanna socheacnamaíocha agus timpeallachta chun fás luacha fad-théarmaigh inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tá tionchar ag macrathreochtaí agus forbairtí sa gheilleagar i gcoitinne ar an mbealach a gcruthaímid luach go fadtéarmach, agus tá roinnt díobh sin leagtha amach ar leathanach 13. Ó am go chéile, cruthaíonn na treochtaí sin éiginnteacht dúinn, dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara i gcoitinne. Tá sonraí maidir lenár bpríomhrioscaí agus leis na gníomhartha maolaitheacha atá ar bun againn ar fáil ar leathanaigh 25-27.

I Márta 2020, d'uasghrádaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte stádas na ráige Covid-19 ó eipidéim go paindéim. Mar mhórfhostóir agus soláthróir seirbhísí riachtanacha, tá sábháilteacht ar bhfoirne, ár gcomhpháirtithe agus pobal fíorthábhachtach. Bhunaigh Ervia Foireann Bainistíochta Éigeandála chun ár bhfreagairt ar an ngéarchéim dhomhanda seo a bhainistiú. Leanfaimid de mhonatóireacht a dhéanamh ar na cúrsaí sin atá ag athrú go tapa agus athróimid ár mbealaí oibre de réir mar is gá chun leanúnachas gnó agus soláthar foirne a choimeád chun seirbhísí an-tábhachtacha a chur ar fáil.

## Feidhmíocht in 2019

Tá áthas orm a rá go raibh feidhmíocht shábháilteachta den scoth againn in 2019. Cuireann ár gclár 'Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile' an t-iompar ceart chun cinn agus spreagann sé ár gcultúr sábháilteachta. Faigheann sé tacaíocht ó na córais bainistíochta sábháilteachta riachtanacha.

In 2019, ba ionann toirt iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann agus thart ar 76.5 TWh. Rinneadh é seo a sholáthair trí Idirnascaire Moffat agus trí gháscheantair na Coiribe agus Cheann Chionn tSáile. Is ionann gás nádúrtha agus 31% de phríomh-mheascán fuinnimh na hÉireann agus úsáideadh an gás nádúrtha chun 51% de leictreachas na hÉireann a ghiniúint in 2019. Athraíonn an figiúr sin i rith na bliana agus de réir an tséasúir. Le linn 2019, sholáthar gáscheantar na Coiribe 43% de riachtanais gháis Phoblacht na hÉireann, iompórtáladh 53% ón Ríocht Aontaithe agus tháinig an chuid eile den ghás ó ghásceantar Chionn tSáile.

In 2019, rinneamar na rudaí seo a leanas:

- D'infheistíomar €110 milliún sa bhonneagar líonra gháis agus teileachumarsáide.
- D'eisíomar banna cúig bliana €300 milliún ar an margadh Eorabhanna ar ráta cúpóin 0.125% agus le toradh 0.164%.
- Chuireamar i gcrích os cionn 38,564 ordú oibre cothabhála pleanáilte.
- Chuireamar i gcrích tógáil saoráide Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite, le toilleadh líonta tapa a bhfuil rochtain phoiblí uirthi, i gCaiseal.
- D'insteallamar gás inathnuaite sa líonra den chéad uair ag an t-aon saoráid insteallta amháin a tógadh le sainchuspóir in Éirinn sa Chois, Contae Chill Dara.
- Rinneadh 15,822 tuairisc phoiblí maidir le gás éalaithe a imscrúdú le meán-am freagartha de 27 nóiméad, agus freagraíodh 99.99% de na tuairiscí sin laistigh d'uair amháin.
- Cuireadh i gcrích an síneadh 315 km leis an líonra snáthoptaice Aurora Telecom ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh.
- Rinneadh conradh le breis is 9,672 custaiméir nua tráchtála agus cónaithe chun an líonra gáis a úsáid, agus dá bharr sin tá éileamh nua 769GWh ar ghás nádúrtha ag an líonra.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha 2020

Cruthóimid fíorthorthaí do mhuintir na hÉireann ach príomhról a ghlacadh san aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin. Mar chuid de sin, cuirfear i gcrích na bearta a thugtar dúinn sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2019. Is éard atá á dhéanamh againn:

- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na scéime Deimhnithe Gáis Ghlais agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an tionscail gáis inathnuaite in Éirinn.
- Líonra náisiúnta stáisiún athbhreoslaithe de Ghás Nádúrtha Comhbhrúite a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt d'iompar ísealcharbóin.
- Féidearthacht maidir le saoráid Gabhála agus Stórais Charbóin a mheasúnú.
- Scrúdú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag hidrigin chun an líonra a dhícharbónú.

Tá níos mó eolais ar fáil faoinár dtionscnaimh gníomhaíochta aeráide ar leathanaigh 35-39.

In 2018, d'fhógair an Rialtas go ndéanfar dhá fhóntas thráchtála rialáilte aonair faoi úinéireacht phoiblí de Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann le linn 2023. D'oibríomar go dlúth leis an nGrúpa Stiúrtha Idir-Rannach le linn na bliana. In 2020, tosóimid ag tabhairt aghaidh ar na socruithe dlí, airgeadais agus oibríochta atá ag teastáil chun dhá fhóntas neamhspleácha a bhunú.

## Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do sheirbhísí chomhaltaí an Bhoird. Cuireann siad maoirseacht, rialachas agus treorú ríthábhachtach ar fáil agus táim an-bhuíoch as a dtacaíocht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí na Foirne feidhmiúcháin as a bhfuinneamh, a ngairmiúlacht agus a gceannaireacht i rith na bliana.

Ar dheireadh, agus thar aon ní eile, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir agus lenár gcomhpháirtithe seachadta as a n-obair chrua agus a dtiomantas. Táim bródúil as an dul chun cinn atá déanta againn in 2019 agus táim ag tnúth le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

**Cathal Marley**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach)*

# Struchtúr Rialachais

**ervia**

Comhlacht Stáit tráchtála a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 (arna leasú).

Cuideachta sealbhaíochta ag a bhfuil dhá phríomhfhochuideachta oibriúcháin, fochuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó sheirbhísí lárnacha tacaíochta.

**Gas Networks Ireland**

Arna bhunú faoin Acht um Rialú Gáis 2013.

Freagrach as úinéireacht agus oibriúchán na gcóras tarchurtha agus dáilte don líonra gáis.

Is iompróir agus soláthróir seirbhísí fiontair é Aurora Telecom a oibríonn líonra nua-aimseartha aisiompair snáthoptaice dorcha de ghrád iompróra.

## Cuspóirí Straitéiseacha

1. Seachadadh Gnó
2. Custaiméir
3. Fás
4. Inbhuanaitheacht
5. Daoine & Cultúr

Is féidir eolas maidir le feidhmíocht Líonraí Gáis Éireann in 2019 a aimsiú ar leathanaigh 31-44.

**UISCE ÉIREANN : IRISH WATER**

An tÚdarás Náisiúnta um Sheirbhísí Uisce, ar comhlacht Stáit tráchtála é, a bunaíodh faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2013.

Freagrach as córais bhailiúcháin a sholáthar, fuíolluisce a chóireáil agus soláthairtí uisce a sholáthar, áiseanna cóireála uisce san áireamh.

## Cuspóirí Straitéiseacha

1. Uisce
2. Fuíolluisce
3. Custaiméir
4. Inbhuanaitheacht
5. Daoine & Cultúr

Is féidir eolas maidir le feidhmíocht Uisce Éirinn in 2019 a aimsiú i dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Uisce Éireann ar www.water.ie.

# Ceisteanna Ábhartha

Oibrímid go dlúth lenár scairshealbhóirí agus páirtithe leasmhara chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna is tábhachtaí dóibh agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

## Slándáil Soláthair agus Iomaíochas



Líonra gáis eacnamúil éifeachtúil a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil chun slándáil soláthair agus iomaíochas a áirithiú le linn an aistrithe i dtreo an dícharbónaithe.

## Gníomhú ar son na hAeráide



Páirt mhór a ghlacadh san aistriú i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin agus scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi raon ár sainordaithe thráchtála.

## Cumas



Éascaíocht a dhéanamh ar fhás Uisce Éireann mar fhóntas. Na scileanna agus an cumas a fhorbairt in Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann chun go mbeidh siad ábalta oibriú mar dhá fhóntas thráchtála rialáilte aonair atá faoi úinéireacht phoiblí faoi 2023.



# Conas a Chruthaíonn Ervia agus Líonraí Gáis Éireann Luach

# Creat Straitéiseach

## Cuspóir

Feabhas a chur ar shláinte agus ar cháilíocht bheatha mhuintir na hÉireann, ár dtimpeallacht a chosaint agus forbairt eacnamaíoch a chumasú trí bhonneagar agus seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhealach sábháilte éifeachtach.

## Cuspóirí Straitéiseacha

**Is é an straitéis atá againn ná bonneagar agus seirbhísí gáis, uisce agus fuíolluisce bunriachtanacha a chur ar fáil go héifeachtúil agus go sábháilte i gcomhréir lenár bplean fadtéarmach. Tá ról lárnach againn in Ervia feabhas a chur ar an gcomhshaol, a bheith mar cheannairí san aistriú go córas fuinnimh ísealcharbóin, acmhainní uisce luachmhara a chosaint agus athléimneacht a mhéadú. Is éard a dhéanfaimid:**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Eagraíocht | Samhail eagraíochta a fhorbairt atá struchtúrtha go cuí agus a rialaítear go cuí do raon agus nádúr an ghnó a bhainistítear. |
| 2 | Gníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Fuinnimh | An ról lárnach a d'fhéadfadh a bheith ag an líonra gáis i ndícharbónú gheilleagar na hÉireann a léiriú agus tacú leis an ról sin, agus an bonneagar náisiúnta tacaíochta a sholáthar atá de dhíth chun líonra go hiomlán dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2050. |
| 3 | Neart Airgeadais | Staid láidir airgeadais a chaomhnú agus leas a bhaint as sin chun maoiniú iomaíoch a fháil le riachtanais ghnó a chomhlíonadh agus luach scairshealbhóra a uasmhéadú. |
| 4 | Inbhuanaitheacht | A bheith ar na príomhghnóthais ghlasa inbhuanaithe in Éirinn faoi 2025. |
| 5 | Nuálaíocht | Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le deiseanna nua a bhaineann le bonneagar a théann i ngleic le míreanna tosaíochta an scairshealbhóra ar chlár cruinnithe, agus béim a leagan mar chuid de sin ar dhícharbónú fuinnimh, agus toradh tráchtála a tháirgeadh. |
| 6 | Daoine agus Cultúr | Tacú le cultúr a mheallann, a spreagann agus a chumasaíonn ár ndaoine agus comhpháirtithe gnó trí thimpeallacht foirne chomhoibríoch as a bhfuilimid bródúil agus a sholáthraíonn sábháilteacht do mhuintir na hÉireann. |

## Luachanna

**Is iad na cúig chomhluach sin a shainíonn carachtar ár n-eagraíochta, a thugann treoir dár ngníomhartha agus ár gcinntí, agus a chuireann creat ar fáil don chaoi a ndéanaimid idirghníomhú agus cumarsáid lena chéile, lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara.**

### Feidhmíocht

Bímid ar ár ndícheall ag iarraidh a bheith inár gcuideachta ilfhóntais ardfheidhmíochta, a sholáthraíonn seirbhísí agus bonneagar ardchaighdeáin an t-am ar fad.

### Ionracas

Bímid oscailte agus macánta inár gcuid oibre go léir. Caithimid go measúil lenár gcustaiméirí, lenár sócmhainní agus leis na hacmhainní nádúrtha ar a mbraithimid i dtaca leis sin.

### Sábháilteacht

Cuireann muid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre.

### Comhar

Oibrímid le chéile chun torthaí a fháil, ag roinnt lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.

### Seirbhís do Chustaiméirí

Is í ár n-aidhm seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí. Éistimid leo chun a fháil amach cad atá uathu agus déanaimid iarracht a bhfuiltear ag súil leo a shárú.




GREEN
POWER
CNG
GREEN POWER CNG
IVECO
CNG 1
MECAR
STRALIS
330
Logistica e Trasporti
HT22

# Tosca le tionchar ar Chruthú Luacha

| | IS É AN DÚSHLÁN | MAR SIN, NÍ MÓR DÚINN | AGUS CRUTHÓIMID LUACH MAR SEO A LEANAS |
|---|---|---|---|
| Slándáil Soláthair | Iomaíochas eacnamaíoch a chothabháil. | Soláthar daingean iontaofa gáis a chur ar fáil. | **Comhoibriú le páirtithe leasmhara chun ullmhúchán a dhéanamh don Bhreatimeacht agus pleananna a dhéanamh do theagmhais ar an líonra.** |
| Gníomhú ar son na hAeráide | Astaíochtaí carbóin in Éirinn a laghdú 30% faoi 2030. | An líonra gáis a dhícharbónú. | **Na gníomhartha a tugadh dúinn faoin bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2019 a chur i gcrích agus scrúdú a dhéanamh ar réimse réiteach nuálach le haghaidh an aistrithe i dtreo geilleagar ísealcharbóin (Fís 2050).** |
| Custaiméir | Eispéireas do chustaiméirí a sholáthar a shásaíonn a riachtanais. | Infheistíocht a dhéanamh in ardáin TF agus sonraí a dhigitiú. | **Córais láidre a chur i bhfeidhm chun sonraí a chosaint agus cosaint a chur ar fáil ar chibearionsaithe, agus an tseirbhís do chustaiméirí a fheabhsú ag an am céanna.** |
| Fás Geilleagrach | An Creat Pleanála Náisiúnta agus Tionscadal Éireann 2040 a chur i bhfeidhm go céimneach. | Tionscadail chaipitil ar scála mór a mhaoiniú agus a bhainistiú. | **Feabhas a chur ar chumais agus inniúlachtaí i mórthionscadail bhonneagair.** |
| Inbhuanaitheacht | An comhshaol a chosaint, úsáid chuí a bhaint as acmhainní agus meas a léiriú ar fhostaithe. | A bheith ar na príomhghnóthais ghlasa inbhuanaithe in Éirinn faoi 2025. | **Gnó inbhuanaithe a oibriú a fheabhsaíonn bithéagsúlacht, a íoslaghdaíonn cur amú agus a thacaíonn lenár ndaoine agus pobail.** |

# Samhail Ghnó Ervia

## Mar a chruthaímid luach

### Ionchuir

#### Airgeadas

Tuillimid ioncam ar mheascán sócmhainní rialáilte agus neamhrialáilte.

| | SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA |
|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | **€2.7bn** |
| Aurora Telecom | **€24m** |

#### Líonraí

Clúdaíonn ár líonraí gáis uisce agus teileachumarsáide an tír ar fad.

| | KM DE LÍONRAÍ |
|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | **14,521 km** |
| Aurora Telecom | **1,240 km** |

#### Daoine agus Comhpháirtithe

Trí obair a dhéanamh le chéile agus ár saineolas go léir a úsáid, is féidir linn ár ngnó a chothú agus a fhás.

522 fostaí i Líonraí Gáis Éireann

chomh maith le 574 fostaí i Seirbhísí Lárnacha a sholáthraíonn seirbhísí d'Uisce Éireann freisin

#### Páirtithe Leasmhara

Téann muid i gcomhairle lenár bpobail agus bíonn muid go gníomhach ag lorg a dtuairimí : ár gcustaiméirí, ár rialtóirí, an Rialtas agus infheisteoirí.

#### Acmhainní Nádúrtha

Oibrímid chun ár gcomhshaol a chosaint le linn an aistrithe i dtreo córas fuinnimh ísealcharbóin.

iompraímid **76.5** TWh de Ghás Nádúrtha gach bliain

### Gníomhaíochtaí Gnó

Déanaimid **Forbairt** agus Maoiniú ar Phleananna le haghaidh an Todhchaí

- Plean gnó
- Tosaíochtaí infheistíochta
- Gníomhú ar son na hAeráide

Ag Cur **Feabhais** ar ár dTairiscint go Leanúnach

- Gás Nádúrtha Comhbhrúite
- Gabháil agus Stóráil Carbóin
- Hidrigin
- Éifeachtúlacht a fheabhsú

**Freastal** Maith a Dhéanamh ar ár gCustaiméirí

- Comhoibritheach
- Ceangail nua

Agus iad ag obair le chéile, tógann agus oibríonn ár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe ár líonraí gáis agus snáthoptaice, agus déanann siad cothabháil orthu, chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar dár gcustaiméirí, don phobal agus don gheilleagar.

**Infheistiú** i Sócmhainní

- Fás
- Athfheistiú
- Acmhainn
- Slándáil Soláthair
- Caomhnú

Ár mbonn sócmhainní **a chothabháil**

- Slándáil chórais
- Straitéis sócmhainne
- Cláir chothabhála

Na Córais **a Oibriú**

- Soláthar leanúnach ar ardchaighdeán
- Sábháilteacht
- Rialú eangaí
- Freagairt do thuairiscí faoi sceitheadh gáis

## Aschuir



Seirbhísí éifeachtúla, atá cost-éifeachtúil agus dírithe ar chustaiméirí

Bonneagar daingean seasmhach



## Sochair

### Custaiméirí

- Freastal a dhéanamh ar bhreis is **705,000** custaiméir gáis
- Soláthairtí leanúnacha sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Seirbhísí atá ag éirí níos éifeachtaí i gcónaí a chur ar fáil

### Fostaithe

- Foghlaim agus Forbairt
- Sláinte agus Folláine
- Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

### Pobail

- Ag cosaint na timpeallachta agus ag tacú le bithéagsúlacht
- Gníomhú ar son na hAeráide
- Ag tacú le pobail áitiúla

### Rialtóirí

- Feabhas a chur ar fheidhmíocht de réir na gcaighdeán rialála

### Scairshealbhóir

- Díbhinní

### Geilleagar

- Ag cumasú forbairt gheilleagrach
- Tacú le fostaíocht
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar

# Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Ag Ervia, tugaimid an-aird ar nádúr agus cáilíocht ár gcaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Bímid ag obair go dlúth leo chun a dtuairimí agus a leasanna a thuiscint, chun ár dtionscadail a chur i gcrích i gcomhpháirt, agus chun freagairt dá leasanna de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn maidir lenár gcuid bpleananna.

| | I MEASC NA GCOMHLACHTAÍ IONADAÍOCHTA TÁ | TOSAÍOCHTAÍ |
|---|---|---|
| **An Pobal i gCoitinne agus Pobail** | Daoine aonair, pobail, grúpaí comhshaoil, grúpaí tomhaltóirí, grúpaí le leas i ngnó, forais feirmeoireachta, etc. | Soláthairtí sábháilte seasmhacha gáis nádúrtha a áirithiú.<br><br>Iomaíochas a chaomhnú.<br><br>Tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch. |
| **Páirtithe** | Comhpháirtithe, soláthraithe seirbhíse tríú páirtí agus soláthróirí. | Oibriú go héifeachtúil le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. |
| **Rialtóirí** | An Coimisiún um Rialáil Fóntas, Rialtóir Fóntas (Tuaisceart Éireann), Office of Gas and Electricity Markets (Ríocht Aontaithe). | Tionscnaimh a chur i gcrích chun beartais fuinnimh agus aeráide a chur i bhfeidhm.<br><br>Leanúint ar aghaidh le Pleananna Gnó a chur i bhfeidhm go céimneach, lena n-áirítear an Plean Infheistíochta Caipitil a chur ar fáil.<br><br>Oibriú go héifeachtúil agus costais a laghdú. |
| **Scairshealbhóirí** | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. | Beartas Rialtais a chur i bhfeidhm.<br><br>Cumarsáid a dhéanamh go cruinn trédhearcach agus dul chun cinn maidir le pleananna a léiriú.<br><br>Uisce Éireann a bhunú mar eagraíocht aonair agus na scileanna agus cumais a fhorbairt laistigh d'Uisce Éireann chun go mbeidh sé ina fhóntas tráchtála rialáilte faoi úinéireacht phoiblí. |

| | FREAGRA | SUIRBHÉANNA | DUINE LE DUINE | CRUINNITHE COMHCHÉIME | ÓCÁIDÍ EOLAIS | GRÚPAÍ OIBRE | SUÍOMH GRÉASÁIN | NA MEÁIN SHÓISIALTA | CRUINNITHE IL-PHÁIRTITHE LEASMHARA |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
|  | Díriú ar rannpháirtíocht a dhéanamh ag an leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an phobail.<br>Feidhmíocht den scoth a chaomhnú maidir le freagairt phras nuair a thuairiscítear gás éalaithe.<br>Leanúint de bheith ag feidhmiú go héifeachtúil.<br>Bonneagar a chur ar fáil chun fás geilleagrach a éascú. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
|  | Athbhreithnithe feidhmíochta rialta a dhéanamh agus dul i mbun an phlé phleanála dírithe ar an am atá romhainn lenár gcomhpháirtithe seirbhíse. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
|  | Leanúint ar aghaidh le Plean Gnó Líonraí Gáis Éireann a chur i bhfeidhm go céimneach, lena n-áirítear na bearta a thugtar faoin bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2019.<br>Infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite. | | ● | | | ● | | | |
|  | Pleananna gnó a fhorbairt agus a bhaint amach atá ag teacht le beartais Rialtais.<br>Déantar tuairiscí agus nuashonraithe feidhmíochta rialta a chur ar fáil d'fhorais monatóireachta agus maoirseachta.<br>Ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh an scartha le linn 2023. | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |



# Ár Straitéis a Chomhlíonadh

# Fís 2050 – Líonra Gáis Neodrach ó Thaobh Carbóin de a bhaint amach d'Éirinn

Soláthraíonn Fís 2050 straitéis maidir le líonra gáis atá neodrach ó thaobh an charbóin de a fhorbairt faoi 2050. Soláthróidh sé fuinneamh glan solúbtha a thacóidh le hastaíochtaí a laghdú. Bainfimid an fhís sin amach ach leath den éileamh réamh-mheasta ar ghás in 2050 a shásamh le gás inathnuaite agus hidrigin agus an leath eile le gás nádúrtha ina laghdaítear carbón.

Mar fhoinse fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ar leith ag baint le gás nádúrtha do gheilleagar na hÉireann, arb ionann é agus 31 faoin gcéad de phríomh-mheascán fuinnimh na hÉireann agus a ghin thart ar 55 faoin gcéad de leictreachas na hÉireann in 2019. Cé go n-astaíonn gás nádúrtha aon séú d'astaíochtaí na hÉireann, a bheag nó a mhór, má thugtar plean 'Fís 2050' Líonraí Gáis Éireann chun críche, cruthófar líonra gáis atá neodrach ó thaobh an charbóin de agus tiocfaidh laghdú aon trian ar iomlán astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin na hÉireann thar phríomhearnálacha, leictreachas, tionscal, teas, iompar agus talmhaíocht san áireamh. Tacóidh sé sin go mór le hÉire a chur ar ais ar an mbóthar ceart le go mbainfidh sí a spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus fuinnimh inathnuaite amach.

Tá líonra gáis na hÉireann ar cheann de na líonraí gáis is nua-aimseartha agus is sábháilte ar domhan. Níl aon srian acmhainne aige agus is féidir úsáid a bhaint as chun fuinneamh inathnuaite a éascú, gás inathnuaite agus hidrigin san áireamh.

**Gás inathnuaite:** is breosla glan inathnuaite é seo atá neodrach ó thaobh an charbóin de, agus tugtar bithmheatán air chomh maith. Aithnítear go forleathan gur féidir úsáid a bhaint as mar bhreosla inathnuaite le haghaidh an teasa, an leictreachais agus an iompair. D'fhéadfaí é a chur in áit breoslaí iontaise a thruaillíonn go mór, cosúil le gual, ola agus móin. Téann sé go díreach in áit gás nádúrtha gan gá infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar ailtéarnach.

**Gás Nádúrtha Comhbhrúite:** tá an gás seo oiriúnach ach go háirithe lena úsáid i bhfeithiclí tráchtála. Cruthaíodh gur féidir úsáid a bhaint as in áit díosail nó peitril agus gur laghdaíonn sé costais iompair suas le 25% agus astaíochtaí carbóin faoi os cionn fiche faoin gcéad. Meastar go bhfuil thart ar 25 milliún feithicil gáis nádúrtha á n-úsáid ar fud an domhain, agus go bhfuil beagnach dhá mhilliún díobh sin san Eoraip. Cé gurb ionann feithiclí earraí troma agus busanna agus 4% de na feithiclí ar na bóithre in Éirinn, tá siad ina gcúis le 30% de na hastaíochtaí san earnáil iompair bóthair.

**Gabháil agus stóráil carbóin:** is teicneolaíocht í a bhfuil sé cruthaithe go ngabhann sí 100% den dé-ocsaíd carbóin a astaíonn mórthionscail agus gineadóirí leictreachais. Tógann Gabháil agus Stóráil Carbóin an carbón ón múch sceite a chruthaítear nuair a dhóitear gás nádúrtha. Mar chuid den phróiseas, ionsúitear an carbón ón múch sceite sula bhfágann sé an stáisiún cumhachta, agus mar sin tá an leictreachas saor ó charbón. Ina dhiaidh sin, déantar an dé-ocsaíd charbóin a ghabhtar a riochtú, a chomhbhrú, a iompar agus a stóráil go buan sábháilte faoin talamh. Cuireann Gabháil agus Stóráil Carbóin cosc ar astaíochtaí dul isteach san atmaisféar agus a bheith ina gcúis leis an athrú aeráide. Is buntáiste na giniúna cumhachta saor ó charbón ó ghás, le gás ina ndearnadh carbóin a laghdú trí Ghabháil agus Stóráil Carbóin, gur féidir brath go hiomlán uirthi. Mar sin, is iontach a rachaidh sí le fuinneamh gaoithe agus gréine go fadtéarmach.

**Hidrigin:** beidh ról tábhachtach le himirt ag hidrigin chun tacú linn aistriú i dtreo fuinneamh níos glaine sa todhchaí. Mar an gcéanna le hoibreoirí líonraí gáis eile ar fud na hEorpa, táimid ag súil leis go mbeidh príomhról buan ag an líonra maidir le córas fuinnimh na hÉireann a dhícharbónú. Cuirfidh sé le foinsí inathnuaite nach mbíonn ar fáil ó am go ham chun slándáil soláthair a chur ar fáil .

Ní tháirgeann hidrigin aon astaíocht dé-ocsaíde carbóin nuair a dhóitear í. Mar an gcéanna le gás nádúrtha, is féidir úsáid a bhaint aisti le haghaidh an teasa, an iompair agus ghiniúint na cumhachta. Faoi láthair, táirgtear formhór na hidrigine trí í a scaradh ó mheatán. Is féidir hidrigin a tháirgeadh chomh maith trí phróiseas go hiomlán saor ó charbón darb ainm leictrealú. Mar chuid de sin, úsáidtear leictreachas inathnuaite chun uisce a roinnt ina hidrigin agus ocsaigin. Is minic a dtugtar Gás a Fhaightear ó Leictreachas ar an bpróiseas sin. Tá forbairt thapa á déanamh ar theicneolaíocht leictrealaithe. Tá sí ar fáil ar scála atá ag éirí níos mó agus costas atá ag éirí níos ísle. I bhfianaise scála na huaillmhéine maidir le giniúint fuinnimh inathnuaite a mhéadú in Éirinn, tá acmhainneacht shuntasach ag baint leis an gcur chuige seo.

In 2020, leanfaimid ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le teicneolaíochtaí nua chun gás inathnuaite agus hidrigin a éascú, measúnú a dhéanamh ar indéantacht na Gabhála agus Stórála Carbóin, chomh maith le tuilleadh stáisiún Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite a thógáil. Le tuilleadh eolais a fháil ar an bplean oibre a leagtar síos le Fís 2050 chun córas gás neodrach ó thaobh an charbóin de a bhaint amach faoi 2050, tabhair cuairt ar: www.gasnetworks.ie/vision2050

Is féidir an chéad tuarascáil inbhuanaitheachta de chuid Líonraí Gáis Éireann, “Sustainability in Action”, a aimsiú ar: www.gasnetworks.ie

# Buaicphointí




## Fís 2050

I nDeireadh Fómhair 2019, d'fhoilsíomar Fís 2050, ár ráiteas ar an bpríomhról a d'fhéadfadh an líonra gáis a imirt chun geilleagar agus sochaí na hÉireann a dhícharbónú sna blianta amach romhainn.

## Fóram Gáis na hÉireann

Bhí an chéad Fhóram Gáis na hÉireann ar siúl i nDeireadh Fómhair 2019, fóram ar thacaigh Ervia agus Líonraí Gáis Éireann leis.

Ba é fócas an fhóraim an gá a bhí ann chun an díospóireacht beartais a dhíriú níos mó ar líonra gáis nádúrtha na hÉireann a aistriú i dtreo foinsí gáis ísealcharbóin.






## Gabháil agus Stóráil Carbóin

Shíníomar Meabhrán Tuisceana le cuideachta fuinnimh dhomhanda, Equinor, chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann d'Éirinn leas a bhaint as Gabháil agus Stóráil Carbóin, rud a chuirfidh Éire i lár an aonaigh ó thaobh dhícharbónú mórscála na hEorpa.

## An chéad chéim chun an líonra gáis a dhícharbónú

Instealladh gás inathnuaite a táirgeadh go háitiúil sa líonra den chéad uair i mbliana ag an t-aon saoráid instealltа amháin a tógadh le sainchuspóir in Éirinn sa Chois, Contae Chill Dara.

Rinneadh an t-iarratas pleanála don dara saoráid instealltа gháis i mBaile Mhistéala, Contae Chorcaí, a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí. Is cuid den tionscadal gáis GRAZE ('Green Renewable Agricultural and Zero Emissions') de chuid Líonraí Gáis Éireann an tsaoráid mhórscála instealltа sa ghreille lárnach seo.






## An Chéad Tuarascáil Inbhuanaitheachta

D'fhoilsíomar ár gcéad tuarascáil inbhuanaitheachta, "Sustainability in Action", a tharraingíonn aird ar an dul chun cinn atá déanta againn chun prionsabail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm ar fud an ghnó.

## An chéad turas bus saor ó charbón

Rinneamar an chéad turas bus neodrach ó thaobh an charbóin de in Éirinn ar bhonn trialach i mbliana.  Murab ionann is na busanna díosail atá á n-úsáid faoi láthair, ritheann an bus sin ar ghás inathnuaite agus is ionann a lorg astaíochtaí carbóin agus náid.  Creidimid go mbeidh iompar poiblí in Éirinn bunaithe ar ghás inathnuaite amach anseo, agus go n-úsáidfí dramhaíl ón tionscal talmhaíochta agus bia mar chuid de sin.




## Síneadh Réigiúnach le Líonra Snáthoptaice Aurora

Chuir Aurora Telecom síneadh 315km lena líonra in 2019, go dtí 1,240km. Tá an líonra ann i 15 chontae anois, i gcomparáid le 8 gcontae roimhe sin. Mar sin, is é Aurora Telecom an rogha soláthróra d'aisiompar trastíre anois. Ceanglaíonn sé trí mhórchábla idirnáisiúnta fhomhuirí a tháinig i dtír in Éirinn le dhá bhliain anuas.



## Ár nIonad Barr Feabhais

D'aithin CCA Global, an comhlacht gairmiúil do phríomhbhrandaí maidir le heispéireas do chustaiméirí, ár bhFoireann Seirbhíse do Chustaiméirí mar 'Ionad Barr Feabhais'.



## Rogha breosla níos glaine don fhlít tráchtála


Thógamar an dara stáisiún líonta tapa Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite in Éirinn, atá inrochtana ag an bpobal, ag áitreabh Circle K i gCaiseal. Tá seacht stáisiún phoiblí eile á bhforbairt.



# Feidhmíocht Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann

## SÁBHÁILTEACHT

RMTAC iomlán – Fostaithe
(>1 lá) #/100k uair an chloig





Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte (RMTAC) chun rianú a dhéanamh ar líon na dtimpistí a tharla d'fhostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear a bhfuil de thoradh air gur gá do bhall foirne > 1 lá saor a thógáil ón obair.

Tá an tsábháilteacht mar luach lárnach ag Ervia. Tá an clár cultúrtha sábháilteachta Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile i bhfeidhm ó 2015 agus leanaimid orainn ag cur feabhais ar ár bhfeidhmíocht sábháilteachta.

## SÁBHÁILTEACHT

Meánlíon na nóiméad le freagairt ar Thuairiscí ón bPobal faoi Sceitheadh Gáis





Déanann an tomhas seo an meán-am a thógann sé orainn freagairt ar thuairiscí ón bpobal faoi sceitheadh gáis a rianú. Is é an mhéadracht atá socraithe againn leis an CRU ná ráta freagartha 97% laistigh d'uair amháin; in 2019 baineadh amach ráta comhlíonta de 99.9%.

Is méadracht sábháilteachta an-tábhachtach í sin. Taispeánann sé cé chomh tábhachtach is atá sé dúinn na caighdeáin ardfheidhmíochta sin a choimeád go leanúnach thar am.

## SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Réiteach Céad Theagmhála





Déanaimid athbhreithniú ar shampla dár dteagmhálacha le custaiméirí gach mí thar réimse de chineálacha éagsúla glao. Déantar suirbhé neamhspleách ar rogha dár nglaonna chun na scóir a bhailíochtú.

Insíonn an tomhas seo dúinn cé chomh minic is a bhfuilimid in ann éileamh an chustaiméara a réiteach ar an gcéad teagmháil, gan gá le tuilleadh eolais a fháil, é a sheoladh chuig an gcúloifig, gearán a chruthú nó é a fhiosrú níos mó.

## FÁS

Ceangail Nua Charnacha 2014–2020





Tomhaisimid an méadú ar úsáid an líonra de bharr ceangail nua.

Tá líon na gceangal nua á fhás againn ag an am céanna. Den chuid is mó, is iad custaiméirí agus cuideachtaí tionsclaíocha atá taobh thiar den mhéid.

## CAITEACHAS CAIPITIÚIL

Caiteachas Caipitiúil €m





Cuimsímid caiteachas ar bhonneagar cosúil le gléasra, réadmhaoin, trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe.

Tá cur i gcrích na gclár caipitiúil ag croílár ár gcumais líonraí a fhorbairt agus a chothabháil.

## ÉIFEACHTÚLACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN CARNACHA

Éifeachtúlachtaí Opex €m




Spreagaimid éifeachtúlachtaí sa chaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a chur ar fáil ar bhonn leanúnach.

Tá sé mar sprioc againn coigilteas de €21.5m thar an tréimhse 2016–2020 a bhaint amach.

# Bainistíocht Riosca

Tá bainistíocht riosca réamhghníomhach ríthábhachtach dár gcumas na cuspóirí straitéiseacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon atá againn a shású.

Déanann Líonraí Gáis Éireann bainistíocht, monatóireacht agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcumas na huaillmhianta straitéiseacha atá againn a chur i gcrích. Tá an córas bainistíochta agus beartais riosca seanbhunaithe. Tá sé mar an gcéanna ar fud na heagraíochta agus tá sé soiléir don eagraíocht ar fad. Is é an tosaíocht atá againn tuiscint a fháil ar an timpeallacht riosca, rioscaí ar leith a aithint agus measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint a d'fhéadfadh a bheith ann.

## Creat Bainistíochta Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as bainistíocht riosca agus as na córais rialaithe inmheánaigh. Tacaíonn cultúr réamhghníomhach maidir le bainistíocht riosca le cultúr foriomlán agus luachanna na heagraíochta agus leis an iompar a bhfuiltear ag súil leis san eagraíocht. Rinneadh struchtúir rialachais oiriúnacha a fheabhsú agus a chomhtháthú níos mó chun a chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir le húinéireacht agus freagracht ó thaobh na bainistíochta riosca de. Déanann an Bord inghlacthacht riosca a shocrú gach bliain trí nádúr agus fairsinge na rioscaí a bhfuilimid sásta glacadh leo a dheimhniú. Fágtar an t-údarás ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca chun tacú leis an mBord i dtaobh na n-oibleagáidí sin. Tugann fóraim rialachais fheidhme agus fheidhmiúcháin tacaíocht dóibh timpeallacht éifeachtach bainistíochta riosca a choimeád.

Tá cuspóir fadtéarmach ag ár n-oibríochtaí gnó, agus mar sin bíonn an-chuid dár rioscaí buanseasmhach. Is féidir leis na rioscaí seo forbairt agus athrú le himeacht ama, de réir mar a athraíonn an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu nó an seans go dtarlóidh na rioscaí sin de bharr imeachtaí inmheánacha agus seachtracha. Ag an am céanna, bíonn rioscaí nua ag teacht chun cinn an t-am ar fad. Mar sin, tá creat éifeachtach comhtháite bainistíochta riosca agus cultúr láidir maidir le riosca ríthábhachtach chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a bhaint amach. Bíonn an straitéis agus creat riosca ag athrú de réir a chéile ar bhonn leanúnach. Mar gheall ar bhainistíocht riosca réamhghníomhach, is féidir linn breisluach a chruthú dár ngeallsealbhóirí, dár gcustaiméirí agus don phobal i gcoitinne.

### Ár nGníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca

| Ó Lá go Lá | Ag comhtháthú le Straitéis & Próiseas | Rialachas |
|---|---|---|
| **Ceantair Oibriúcháin** | **Creat Riosca** | **Beartas** |
| Rioscaí a aithint, a bhainistiú, a cheistiú agus a thuairisciú. | Tá measúnú riosca ina chuid lárnach de phleanáil straitéiseach, infheistíocht a chur in ord tosaíochta agus meastóireacht tionscadal. | Tacaíonn Coistí Feidhmiúla agus Feidhmiúcháin Riosca leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca. |

Bainistíocht Riosca (ar lean),

# Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

| # | RIOSCA | COMHTHÉACS | MAOLÚ |
|---|---|---|---|
| **Sláinte, Sábháilteacht agus an Comhshaol** | | | |
| 1 | Mórtheagmhas sláinte agus sábháilteachta nó comhshaoil a bhfuil tionchar suntasach aige ar fhostaí, conraitheoir nó an pobal i gcoitinne nó a dhéanann dochar dóibh. | Ní mór cloí leis an reachtaíocht agus na socruithe sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil ar fad chun an fhoireann, conraitheoirí agus an pobal a chosaint ar ghortú nó bás agus chun ionchúisimh fhéideartha, caillteanas airgeadais agus damáiste do chlú a sheachaint. | ▸ Déanann an Príomhchoiste Sábháilteachta (atá ina Choiste Feidhmiúcháin) maoirseacht ar fheidhmíocht Sláinte & Sábháilteachta.<br>▸ Deimhniú ISO14001 Córas Bainistíochta Comhshaoil.<br>▸ Gníomhaíocht, iniúchtaí agus athbhreithnithe dearbhaithe Inmheánaigh agus Sheachtraigh. |
| 2 | Riosca suntasach do shláinte fostaithe nó riosca go gcuirfí isteach ar ghnó mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag eipidéim/paindéim (an bhagairt atá ann ó Covid-19 faoi láthair). | Líon mór fostaithe a bheith tinn mar gheall ar eipidéim nó paindéim (an bhagairt atá ann ó Covid-19 faoi láthair) a théann i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann, agus tionchar féideartha ar shláinte fostaithe, oibriúcháin, soláthar seirbhíse agus an slabhra soláthair dá bharr. | ▸ Foirne Bainistíochta Éigeandála i bhfeidhm<br>▸ Teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ranna Rialtais, etc.)<br>▸ Socruithe leanúnachais gnó agus teagmhais ar bun agus á gcur i bhfeidhm/á dtástáil de réir mar a fhorbraíonn cúrsaí. |
| **Slándáil Soláthair Líonra** | | | |
| 3 | Má tharlaíonn imeacht nach mbeidh Líonraí Gáis Éireann ábalta dá bharr soláthar gáis leordhóthanach a choimeád chun an t-éileamh atá ann agus a bheidh ann a shásamh, d'fhéadfadh sé sin damáiste a dhéanamh do chlú agus chúrsaí airgeadais. | Tá Líonraí Gáis Éireann freagrach as líonra píblínte Gáis Nádúrtha a oibriú chun soláthar gáis i bPoblacht na hÉireann a áirithiú. | ▸ Cuireadh stráice 50km de phíblíne i gcrích, a cheanglaíonn le píblíne ar tír Iardheisceart na hAlban, chun feabhas a chur ar shlándáil soláthair.<br>▸ Cláir chuimsitheacha na cothabhála agus cigireachta sócmhainne.<br>▸ An Plean Forbartha Líonra agus an Plean Bainistíochta Toillte a fhoilsiú. |
| **An Todhchaí a Dhéanamh Slán - Dícharbónú agus an tAthrú Aeráide** | | | |
| 4 | Cliseadh an straitéis fáis fhadtéarmach de Líonraí Gáis Éireann a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh, cailleadh iomaíochais, an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht, gan a bheith ábalta na dualgais maidir le dícharbónú a chomhlíonadh, nó cliseadh ar Ervia a bheith ina phríomhghnó inbhuanaithe in Éirinn. | Tá dícharbónú fuinnimh fós ar cheann de na dúshláin mhóra atá roimh Éirinn. Díríonn beartais fuinnimh an AE agus na hÉireann ar úsáid breoslaí iontaise a laghdú go fadtéarmach, gás nádúrtha san áireamh (arb é sin an breosla iontaise is glaine). Dá bharr sin, ní bhaintear dóthain úsáide as an líonra gáis agus tá méadú tagtha ar tharaifí. | ▸ Leanadh ar aghaidh leis an bhfís agus an straitéis a fhorbairt nuair a seoladh "Fís 2050: Ról an Gháis sa Todhchaí" chun a chinntiú go mbeidh an líonra gáis ag croílár bheartas na hÉireann maidir leis an athrú aeráide.<br>▸ Infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh inbhuanaitheachta agus straitéisí fadtéarmacha, lena n-áirítear Gás Nádúrtha Comhbhrúite (GNC), Gás Nádúrtha Inathnuaite agus Gabháil agus Stóráil Carbóin (GSC). |

| # | RIOSCA | COMHTHÉACS | MAOLÚ |
|---|---|---|---|
| **Bonneagar agus Soláthar Seirbhíse** | | | |
| 5 | Gan a bheith ábalta na Pleananna Infheistíochta Caipitil atá ann nó a bheidh ann a sholáthar ina n-iomláine mar gheall ar acmhainn theoranta sa slabhra soláthair sa tionscal foirgníochta, nó cliseadh ar phríomhsholáthraí a d'fhéadadh nach gcomhlíonfaí uasteorainn líonra dá bharr nó a d'fhéadfadh nach gcothófaí sláinte sócmhainní le linn gníomhaíochtaí pleanáilte cothabhála dá bharr. | Clár mór caipitil a comhaontaíodh leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) le haghaidh Rialú Praghsanna 4 (2017-2022). | ▸ Teagmháil leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) maidir le Rialú Praghsanna.<br>▸ Plean corparáideach socraithe i gcomhréir leis an lamháltas.<br>▸ Samhail bainistíochta caidreamh.<br>▸ Pleanáil éilimh agus pleanáil ghnó.<br>▸ Saineolas inmheánach maidir leis an slabhra soláthair.<br>▸ Teagmháil réamhghníomhach maidir le cúrsaí slabhra sholáthair. |
| 6 | Má tharlaíonn cailliúint thromchúiseach seirbhíse, sceitheadh sonraí nó srianta ar theicneolaíocht eolais agus/nó oibriúcháin mar thoradh ar chibear-ionsaí, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar sholáthar agus ar bhonneagar seirbhíse. | D'fhéadfadh cur isteach ar sholáthar gnó féideartha, ceisteanna sábháilteachta, dochar clú, nó fíneálacha rialála féideartha de thoradh teagmhais. | ▸ Tá cosc cuimsitheach agus rialú réamhghníomhach curtha i bhfeidhm ar fud na gcóras criticiúil go léir agus tá pleananna teagmhais forbartha.<br>▸ Bíonn measúnuithe riosca, oiliúint feasachta agus athbhreithnithe dearbhaithe neamhspleácha seachtracha ar siúl ar bhonn leanúnach. |
| 7 | An seans go gcuirfí isteach go mór ar ghnó mar gheall ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh teacht as an gcaibidlíocht thrádála idir an AE agus an Ríocht Aontaithe maidir leis an mBreatimeacht. | I measc na réimsí a bhféadfadh tionchar a bheith orthu, tá an slabhra soláthair, rialachán, airgeadas agus cosaint sonraí. Má bhíonn tionchar orthu, d'fhéadfadh riosca a bheith ann do sholáthar oibriúcháin. | ▸ Bunaíodh Grúpa Stiúrtha agus Oibre don Bhreatimeacht chun pleananna teagmhais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.<br>▸ Idirchaidreamh le príomhpháirtithe leasmhara, Ranna Rialtais san áireamh. |
| **Ár nDaoine** | | | |
| 8 | Méadaíonn athrú suntasach eagraíochtúil an riosca ó strus eagraíochtúil. | Chun tacú le cur i bhfeidhm ár gcuspóirí gnó, ní mór don struchtúr eagraíochta iomchuí agus na daoine cearta agus an cultúr ceart a bheith ann. | ▸ Tá Grúpa Stiúrtha Dearaidh Eagraíochta agus próiseas pleanála fórsa oibre i bhfeidhm.<br>▸ Bíonn suirbhéanna rannpháirtíochta agus cultúir ar siúl, in éineacht le próisis leanúnacha feabhsúcháin.<br>▸ Tá straitéis Acmhainní Daonna á cur i bhfeidhm, agus áirítear léi sin tionscnaimh cosúil le cláir éagsúlachta agus ionchuimsithe, obair sholúbtha agus cláir forbartha fostaithe. |
| **Airgeadas agus Eacnamaíoch** | | | |
| 9 | Nochtann ár ngníomhaíochtaí roinnt rioscaí maicreacnamaíocha domhanda agus airgeadais dúinn - riosca creidmheasa, riosca a bhaineann le samhail maoinithe agus liúntas oibriúcháin, riosca leachtacha, riosca a bhaineann le hairgeadra agus riosca a bhaineann le ráta úis. | Leagtar amach sna Pleananna Gnó na riachtanais mhaoinithe agus liúntais don ghnó. | ▸ Tá teorainneacha riosca sainithe, tarmligin údaráis agus monatóireacht ar nochtadh i bhfeidhm.<br>▸ Comhphlé leanúnach agus caidreamh láidir le Rialtas, lucht maoinithe agus infheisteoirí féideartha. |



# Feidhmíocht in 2019

# An Fhoireann Feidhmiúcháin



**Cathal Marley**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
(Eatramhach)



**Ronan Galwey**
Príomhoifigeach Airgeadais
an Ghrúpa (Eatramhach)



**Dawn O'Driscoll**
Stiúrthóir Straitéiseach AD an Ghrúpa



**Niall Gleeson**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta
Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann



**Denis O'Sullivan**
Stiúrthóir Bainistíochta,
Líonraí Gáis Éireann



**Orlaith Blaney**
Príomhoifigeach Cumarsáide
agus Margaíochta



**Brendan Murphy**
Stiúrthóir Rialála Gnó
an Ghrúpa



**Claire Madden**
Príomhoifigeach Dlí an Ghrúpa
(Eatramhach)



**Michael G. O'Sullivan**
Stiúrthóir, Seirbhísí Gnó



**Liam O'Riordan**
Rúnaí Cuideachta

# Athbhreithniú Airgeadais

Bhí feidhmíocht láidir airgeadais ag Ervia le linn 2019, rud a d'éascaigh soláthar infheistíochta caipitil arbh fhiú €110m í i mbonneagar tábhachtach gáis.

D'íoc Ervia díbhinn €139m leis an Státchiste le linn 2019, díbhinn speisialta €85m a bhain le díolachán ghnó Bhord Gáis Energy san áireamh.

In 2019, d'eisigh Líonraí Gáis Éireann, ar fochuideachta de chuid Ervia é, banna €300 milliún ar an margadh Eorabhanna ar ráta cúpóin 0.125% agus le toradh 0.164%. Bhí éileamh mór air sin ó infheisteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta den chéad scoth. Ba léiriú dearfach é sin ar ár bhfeidhmíocht ghnó, cobhsaíocht airgeadais agus an chuma atá ar chúrsaí don fhóntas rialáilte amach anseo.



**Ronan Galwey**
*Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa (Eatramhach)*

Príomh-Bhuaicphointí 2019


- Ioncam **€470m**
- TRÚCDA **€281m**
- Brabús roimh cháin ioncaim **€123m**
- Caiteachas Caipitiúil **€110m**
- Díbhinní íoctha **€139m**
- Eisiúint Bannaí de **€300m**
- Glanfhiachas de **€1,084m**

# Athbhreithniú Airgeadais (ar lean.)


## Ráiteas Ioncaim Achomair

| | 2019 €m | 2018 €m |
|---|---|---|
| Ioncam | **470** | 487 |
| Costais Oibriúcháin | **(189)** | (192) |
| **TRÚCDA** | **281** | 295 |
| Dímheas agus amúchadh | **(136)** | (131) |
| Costais airgeadais | **(21)** | (23) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | **123** | 141 |
| **Díbhinn a íocadh leis an Státchiste** | **139** | 139 |

**DÍBHINNÍ €m**




**IONCAM €m**




### Ioncam

Ba ionann an t-ioncam sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus €470m, ar laghdú €17m é sin ar 2018. Ba iad taraifí níos ísle gáis, den chuid is mó, a bhí taobh thiar den laghdú sin. Bhí na taraifí níos ísle mar aisghabhadh an iomarca ioncaim rialáilte in 2017 agus 2018.

### Costais Oibriúcháin

Tháinig laghdú €3m ar chostais oibriúcháin ó 2018, go dtí €189m. Ba iad ba chúis leis an laghdú, go príomha, costais gháis níos ísle ar na stáisiúin chomhbhrúiteora a rith agus bearta leanúnacha chun éifeachtúlachtaí costais oibriúcháin a bhaint amach. Ar an lámh eile, bhí costais níos airde ann mar gheall ar níos mó gníomhaíochta san fheidhm thacaíochta.

### TRÚCDA

Ba ionann TRÚCDA in 2019 agus €281m, laghdú €14m ar an bhfigiúr de €295m in 2018, den chuid is mó mar gheall ar laghdú €17m ar ioncam.

### Dímheas

Tháinig méadú ar dhímheas agus amúchadh ón mbliain roimhe, go príomha mar cuireadh sócmhainní breise i seirbhís, agus ba ionann é agus €136m.

### Brabús roimh Cháin Ioncaim

Tháinig laghdú €18m ar bhrabús roimh cháin, go dtí €123m in 2019, mar gheall ar:

- feidhmíocht níos ísle maidir le TRÚCDA, arb ionann é sin agus €14m
- muirir dhímheasa níos airde de €5m mar gheall ar infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar
- fritháiríodh an laghdú i bpáirt le costais airgeadais níos ísle de €2m, go príomha mar gheall ar rátaí airgeadais níos fearr le linn 2019 i gcomparáid leis an mbliain roimhe.


### Díbhinní

Íocadh díbhinn €139m in 2019 ar aon dul leis an mbliain roimhe.


## Clár Comhardaithe Achomair

| | 2019 €m | 2018 €m |
|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | **2,532** | 2,538 |
| Sócmhainní eile | **243** | 283 |
| **Sócmhainní iomlána** | **2,775** | 2,821 |
| | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | **(1,204)** | (1,192) |
| Dliteanas pinsin (IAS 19) | **(147)** | (98) |
| Dliteanais eile | **(451)** | (491) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,803)** | (1,781) |
| | | |
| **Glansócmhainní** | **972** | 1,040 |
| | | |
| **Glanfhiachas** | **(1,084)** | (1,036) |

### CAITEACHAS CAIPITIL €m




### MAR A BAINEADH ÚSÁID AS AIRGEAD TIRIM IN 2019 €'m



# Athbhreithniú Airgeadais (ar lean.)

## Sócmhainní Bonneagair agus Caiteachas Caipitiúil

Lean Ervia d'infheistíochtaí caipitiúla sceidealaithe a dhéanamh, agus infheistíodh €110m ar an iomlán idir bhonneagar gáis agus bhonneagar teileachumarsáide.

## Glanfhiachas agus Sreafaí Airgid

- Ba ionann glanfhiachas ar an 31 Nollaig 2019 agus €1,084, i gcomparáid le €1,036m sa bhliain roimhe sin.
- Baineadh úsáid as sreafaí airgid oibriúcháin de €274m go príomha chun infheistíochtaí criticiúla caiteachais chaipitiúil a dhéanamh i mbonneagar gáis agus chun an íocaíocht díbhinne don státchiste a mhaoiniú.
- Ba ionann an caiteachas caipitiúil i dtéarmaí eisíocaíochtaí airgid thirim agus €120m.
- Rinne Ervia íocaíocht díbhinne €139m leis an Státchiste, a chuimsigh díbhinn speisialta €85m a bhain le díolachán ghnó Bhord Gáis Energy.

## Glaneasnamh Pinsin


Tá easnamh cuntasaíochta pinsin (IAS 19) de €147m ag Grúpa Ervia amhail ar an 31 Nollaig 2019, ar mhéadú easnaimh €49m é sin ar 2018. De réir na riachtanas IAS 19, úsáidtear torthaí bannaí corparáideacha mar bhonn chun ráta lascaine cuí a dheimhniú chun an luach reatha de dhliteanais fhadtéarmacha scéime pinsin a ríomh, is cuma cén nádúr atá ag sócmhainní na scéime nó a gcuid torthaí ionchais. Tá laghdú 0.85% tagtha i rith na bliana ar na rátaí lascaine a úsáidtear chun luach a chur ar dhliteanais scéime pinsin, rud a mhéadaigh luach dhliteanais na scéime pinsin. Féach ar na Ráitis Airgeadais, nóta 20.

## Acmhainní Caipitiúla agus Rialachas Státchiste

### Acmhainní Caipitiúla

Ba ionann iomlán na n-iasachtaí agus fiachas eile a bhí ag Ervia ar an 31 Nollaig 2019 agus €1,204m (€1,192m: 31 Nollaig 2018). Bhí saoráidí neamhtharraingthe de €410m agus €105m in airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim ann ar an 31 Nollaig 2019.

**PRÓIFÍL AIBÍOCHT AN FHIACHAIS ERVIA €m**




Tá teorainn reachtúil iasachtaithe de €3 bhilliún ag Ervia, agus socraíonn sé sin an uasteorainn le haghaidh saoráidí tarraingthe. In 2019, chruinnigh Líonraí Gáis Éireann, ar fochuideachta de chuid Ervia é, banna 5 bliana €300 milliún ar an margadh Eorabhanna ar ráta cúpóin 0.125% agus le toradh 0.164%. Bhí éileamh mór ar an eisiúint ó infheisteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta den chéad scoth. Bhí an leabhar orduithe thart ar trí huaire níos mó ná an banna. Úsáidfear na fáltais ón mbanna chun infheistíocht leanúnach a chistiú leis an mbonneagar líonra gáis a chothabháil agus a uasghrádú agus don úsáid ghinearálta chorparáideach. Leis an maoiniú nua sin, laghdaítear costas iasachtaithe Líonraí Gáis Éireann agus sínítear meánaibíocht a chuid iasachtaí. Bhí 88% d'fhiachas Líonraí Gáis Éireann socraithe ag rátaí seasta amhail ar an 31 Nollaig 2019 (62%: 31 Nollaig 2018).

Ba ionann an ráta úis ualaithe ar phunann Líonraí Gais Éireann d'iasachtaí amuigh, gan iasachtaí a bhfuil iontaofacht theoranta ag gabháil leo a chur san áireamh, agus 1.2% (1.6%: an 31 Nollaig 2018) agus ba í meánaibíocht a chuid fiachais ná 7.2 bliain (5.95 bliain: 31 Nollaig 2018). In 2019, choimeád Líonraí Gáis Éireann rátáil fhadtéarmach chreidmheasa A le Standard & Poor's agus A3 le Moody's Investor Services.

### Rialachas Cistíochta

Feidhmíonn Ervia feidhm láraithe chistíochta. Is é an Bord atá freagrach as gníomhaíocht chistíochta agus a fheidhmíocht, agus comhlíonann sé a chuid freagrachta ach athbhreithniú rialta a dhéanamh. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar oiriúnacht an bheartais chistíochta agus a éifeachtaí atá córas na rialuithe inmheánacha.

Comhlíonann Ervia ceanglais an Aire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Ní oibrítear feidhm chistíochta Ervia mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasaimh chistíochta ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart cistíochta agus tá dianchosc ar sheasaimh amhantracha. Tá tuilleadh sonraí faoi bheartais Ervia maidir le bainistíocht riosca airgeadais an rialachais chistíochta, leagtha amach sna Ráitis Airgeadais, nóta 25.

# Athbhreithniú Oibriúcháin

Imríonn gás nádúrtha ról ríthábhachtach i soláthar fuinnimh níos glaine, iomaíoch agus seasmhach a chur ar fáil d'Éirinn. Is é an dúshlán atá romhainn forbairt chóras fuinnimh na hÉireann a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus soláthar fuinnimh sábháilte seasmhach a chur ar fáil ag an am céanna.

D'fhoilsíomar Fís 2050 i mbliana, arb é sin ár straitéis maidir le forbairt an líonra gháis. Leagtar síos ann plean oibre chun líonra gáis atá neodrach ó thaobh an charbóin de a bhaint amach, agus tacaíocht a thabhairt chun astaíochtaí a laghdú thar gach earnáil de gheilleagar na hÉireann ar an gcostas is ísle is féidir. Má chuirtear Fís 2050 i gcrích, beidh Éire in ann an chothromaíocht ríthábhachtach idir inbhuanaitheacht, slándáil agus inacmhainneacht a choimeád. Thosaíomar cheana ar ár dturas i dtreo líonra dhícharbónaithe. D'insteallamar gás inathnuaite sa líonra den chéad uair in 2019.

Chuireamar síneadh os cionn 300km, trínár ngnó teileachumarsáide Aurora Telecom, lenár líonra aisiompair snáthoptaice dorcha in 2019. Mar sin, is é Aurora Telecom an rogha soláthróra d'aisiompar trastíre anois.

Sholáthar an líonra gáis 31% de phríomhriachtanais fuinnimh na tíre i mbliana, agus ghin sé 51% de leictreachas na hÉireann.



**Denis O'Sullivan**
*Stiúrthóir Bainistíochta, Líonraí Gáis Éireann*

## Forbhreathnú

*Mar fhoinse fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ag an ngás nádúrtha d'Éirinn, agus éascaíonn sé jabchruthúchán agus fás geilleagrach.*

Is le Líonraí Gáis Éireann an líonra gáis nádúrtha in Éirinn agus feidhmíonn sé an líonra. Tá ár líonra gáis ar cheann de na líonra is nua-aimseartha agus sábháilte ar domhan. Tá píblínte gáis 14,521km ar fad ann, dhá idirnascaire fhomhuirí san áireamh. Is croílár ár gcuid oibre é gás nádúrtha a iompar ar bhealach sábháilte iontaofa agus seirbhís atá ar fheabhas agus cost-éifeachtúil i gcónaí a chur ar fáil, chun go mbainfidh ár gcustaiméirí go léir leas as. Faoi láthair, baineann 705,868 teach agus gnó úsáid as soláthar gáis nádúrtha atá sábháilte, éifeachtúil agus slán gach aon lá.

Mar fhoinse fuinnimh, tá tábhacht straitéiseach ag an ngás nádúrtha d'Éirinn, agus éascaíonn sé jabchruthúchán agus fás geilleagrach. Tá ról ríthábhachtach ag an líonra gáis i ngeilleagar na hÉireann inniu. Soláthraíonn sé 31% de phríomhriachtanais fuinnimh na tíre. Ar an meán, gintear 51% de leictreachas na hÉireann gach bliain trí úsáid a bhaint as gás nádúrtha.

Tá sé beartaithe go nginfear 70% de leictreachas ó fhoinsí inathnuaite faoi 2030. Leanfaidh an córas ag brath ar ghiniúint faoi chumhacht gáis nádúrtha chun an acmhainn a chur ar fáil a thacóidh le forbairt foinsí inathnuaite in Éirinn. Leagtar amach inár bhfís, Fís 2050, conas is féidir linn líonra neodrach ó thaobh an charbóin de a bhaint amach faoi 2050.

Tá tús curtha againn freisin leis an obair chun ár mian a bhaint amach, is é sin foinse fuinnimh neodrach ó thaobh an charbóin de a dhéanamh de dhramhaíl talmhaíochta agus bia. Instealladh gás inathnuaite a táirgeadh go háitiúil sa líonra gáis den chéad uair ag an t-aon saoráid insteallta amháin a tógadh le sainchuspóir in Éirinn sa Chois, Contae Chill Dara. Rinneadh an t-iarratas pleanála don dara saoráid insteallta gháis i mBaile Mhistéala, Contae Chorcaí, a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí agus táthar ag súil le cinneadh go luath in 2020.

### Timpeallacht Oibriúcháin

In 2019, ba ionann toirt iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann agus 76.5 TWh. Rinneadh é seo a sholáthair trí Idirnascaire Moffat agus trí gháscheantair na Coiribe agus Cheann Chionn tSáile. Is méadú 2.8% é sin ar an bhfigiúr in 2019. Le linn na bliana, sholáthair gáscheantar na Coiribe 43% de na riachtanais gháis ar fad i bPoblacht na hÉireann. Iompórtáladh 53% den éileamh ón Ríocht Aontaithe, agus tháinig an chuid eile den ghás ón stóráil ag gáscheantar Chionn tSáile. Táimid ag súil leis go leanfaidh an méid gáis a sholáthraíonn gáscheantar na Coiribe ag titim sna blianta atá le teacht, ar aon dul le réamh-mheastacháin.

### Rialúcháin agus Táillí

Ag leibhéal an AE, tá Líonraí Gáis Éireann ar tí Cóid Ghréasáin an AE a chur i bhfeidhm go hiomlán agus comhlíonfar na ceisteanna comhlíonta atá fágtha in 2020. Díreofar aird anois ar an gcéad phacáiste reachtach eile maidir le gás, atá le cur i gcrích in 2020/21.

Ba é príomhthoradh an chomhairliúcháin ar Chód Gréasáin an AE maidir le Taraifí i dtaca leis na struchtúir chomhchuibhithe do tharaifí tarchuir gáis (2017/460) ná an cinneadh go leanfar leis an modheolaíocht socraithe taraifí atá ann cheana. Chinn an Coimisiún um Rialáil Fóntas chomh maith go ndéanfar costais gáis chraptha a aisghabháil mar chuid den taraif tarchuir ón 1 Deireadh Fómhair 2020 ar aghaidh, in áit an bhille a chur go díreach chuig lastóirí.

Chomhlíonamar an Cód Gréasáin maidir le Cothromú ina iomláine in 2019, nuair a thugamar isteach athruithe ar an gcóras airgid amach, nuair a leasaíomar roinnt lamháltas agus nuair a sholáthraíomar córasú iomlán an Phointe Idirnascaire ag Baile Mhic Gormáin.

Rinneamar dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na scéime Deimhnithe Gáis Ghlais, scéim a chinnteoidh gur féidir gás inathnuaite a dheimhniú. Tá sé sin ar cheann de na bearta ar tugadh dúinn sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2019. Chomh maith leis sin, chríochnaíomar socruithe margaidh chun éascaíocht a dhéanamh ar ghás inathnuaite a instealladh sa líonra.

Táimid fós i dteagmháil leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i dtaca leis na Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, a tháinig i bhfeidhm i Samhain 2017.

## An Breatimeacht

Bunaithe ar an-chuid teagmhála le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear National Grid, BEIS agus Ofgem, nílimid ag súil leis go gcuirfear isteach ar na próisis laethúla a sheachadann gás ón Ríocht Aontaithe go hÉirinn. Nílimid ag súil leis ach oiread go dtiocfaidh aon athrú ar shlándáil fhisiciúil an tsoláthair. Táthar ag súil leis nach gcuirfear isteach ar shreafaí gáis le linn na tréimhse aistrithe agus ina dhiaidh sin.

## GNI (UK) Ltd



Is í fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Líonraí Gáis Éireann, GNI (UK) Ltd, a ritheann agus ar leis í na píblínte ardbhrú a théann ó Moffat, in Albain, go hÉirinn agus go hOileán Mhanann, trí phíblínte fomhuirí a chuireann gás ar fáil do Phoblacht na hÉireann, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann.

Chomh maith leis sin, ritheann sí agus is léi dhá phíblíne i dTuaisceart Éireann, an píblíne Theas Thuaidh a théann ó Bhaile Mhic Gormáin, Contae na Mí, go Contae Aontroma agus an phíblíne Thuaidh Thiar a théann ó Charraig Fhearghais go cumhachtstáisiún Chúil Caorach.

Is iad an Coimisiún um Rialáil Fóntais i gcás líonra Phoblacht na hÉireann agus an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann agus Ofgem, sa Ríocht Aontaithe, a rialaíonn GNI (UK) Ltd.

## Aurora Telecom



Is le Aurora Telecom líonra leathan náisiúnta aisiompair snáthoptaice agus feidhmíonn sé é. Soláthraímid naisc snáthoptaice ardluais d'iompróirí agus oibreoirí teileachumarsáide (seasta/gan sreang/móibíleacha), soláthróirí mórdhíola agus custaiméirí corparáideacha agus earnála poiblí. In 2019, bhaineamar feidhmíocht oibriúcháin den chéad scoth amach. Bhí an líonra is nua-aimseartha leis an aga folaigh is ísle sa tír againn, chomh maith leis na leibhéil is airde infhaighteachta líonra.

Chuireamar síneadh breise leis an líonra snáthoptaice ultra-ard in Éirinn in 2019, nuair a d'fhás an líonra os cionn 300km. Cuireadh nóid uirbeacha nua leis an líonra i Mainistir na Corann, Dún Garbhán, Port Láirge, Ros Mhic Thriúin agus Ceatharlach, agus mar sin cuireadh méadú ar nascthacht sna ceantair sin.

# Dul chun Cinn de réir Cuspóirí Straitéiseacha in 2019

Shocraigh roinnt príomhchuspóirí straitéiseacha an fócas gnó againn don bhliain 2019.

## Seachadadh Gnó

### Sábháilteacht

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde ar fad agus le linn 2019, leanamar orainn ag bainistiú ghnéithe uile na n-oibriúchán ar bhealach sábháilte agus freagrach ó thaobh na timpeallachta de. Cinntíonn ár gCórais um Bainistíocht Sábháilteachta, Caighdeáin, Fuinnimh agus Sócmhainní, atá deimhnithe go neamhspleách ag ISO 45001, ISO 14001, ISO 9001, ISO 50001 agus ISO 55001, go ndéantar ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr ar fad.

Cuirimid seirbhís phráinnfhreagartha den chéad scoth ar fáil. In 2019, d'fhreagraíomar 15,822 sceitheadh gáis a thuairiscigh an pobal. Ba é 27 nóiméad an meán-am freagartha agus comhlíonadh an spriocaga freagartha d'uair amháin 99.99% den am.

Chomh maith leis sin, leanamar ar aghaidh le feasacht phoiblí ar shábháilteacht a chur chun cinn trí réimse feachtas, lena n-áirítear an tSeirbhís Éigeandála Gáis, Diailigh i gCónaí sula dTosaíonn tú ag Tochailt, Baint do Mhéadair, Úsáid Suiteálaí Cláraithe Gáis agus Aonocsaíd Charbóin.

### Oibríochtaí

Chlúdaigh ár gcaiteachas caipitiúil de €110 milliún cláir leanúnacha le feabhas a chur ar shábháilteacht agus iontaofacht an líonra in 2019.

Rinneamar thart ar 38,564 ordú oibre cothabhála pleanáilte a sholáthar ar fud na líonraí tarchurtha agus dáilte. I gcomhar leis an oibreoir nasctha córais, dhíchoimisiúnaíomar an stáisiún comhbhrúite i Mainistir na Corann, Contae Chorcaí.

### Príomhthionscadail 2019 a chuireadh i gcrích:

- Tógadh stáisiún nua laghdaithe brú i mBaile an Locháin.
- Tógadh suiteáil os cionn na talún ag Belview i bPort Láirge, in éineacht le 6.7km de phíblínte dáilte. Feabhsaíonn an tionscadal slándáil an tsoláthair i gcathair Phort Láirge.
- Leanaimid de bheith ag obair leis an Oibreoir Margaidh Gáis i dTuaisceart Éireann chun feabhas a chur ar oibríochtaí tráchtála do gach lastóir gáis i dTuaisceart Éireann. Mar gheall ar an obair ag an tsuiteáil os cionn talún Derryhale i dTuaisceart Éireann, rinneadh éascaíocht ar choimisiúnú chóras píblíne Gás don Iarthar. Thóg sé sin gás chomh fada le Dún Geanainn, Oileán an Ghuail, an Ómaigh agus Inis Ceithleann.

## Fás

Le seoladh Fís 2050, cuirtear ar fáil straitéis chun líonra gáis atá neodrach ó thaobh an charbóin de a fhorbairt. Soláthróidh sé fuinneamh glan solúbtha, a thacóidh le hastaíochtaí a laghdú i ngach earnáil de gheilleagar na hÉireann ar an gcostas is ísle is féidir. Bainfimid an fhís sin amach ach leath den éileamh réamh-mheasta ar ghás in 2050 a shásamh le gás inathnuaite agus hidrigin agus an leath eile le gás nádúrtha ina laghdaítear carbón.

Tógadh stáisiún líonta thapa Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite ag an stáisiún peitril Circle K i gCaiseal mar chuid d'fhorbairt an líonra náisiúnta, stáisiún a bhfuil sé mar aidhm aige breosla glan a chur ar fáil don earnáil Feithiclí Earraí Troma.

Chláraíomar breis agus 9,672 custaiméir cónaithe agus tráchtála leis an líonra le linn na bliana. Cuirfidh sé sin 769 GWh d'éileamh nua leis.

I Lúnasa, d'insteallamar gás inathnuaite sa líonra den chéad uair. Cuireadh an gás inathnuaite isteach sa líonra ag an t-aon saoráid insteallta amháin a tógadh le sainchuspóir in Éirinn sa Chois, Contae Chill Dara. Ba é sin an chéad chéim i bplean Líonraí Gáis Éireann chun líonra saoráidí insteallta an gháis inathnuaite a chur ar fáil go céimneach ar fud na tíre. Rinneadh an t-iarratas pleanála don dara saoráid insteallta gháis i mBaile Mhistéala, Contae Chorcaí, a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí. Is cuid dár dtionscadal gáis GRAZE ('Green Renewable Agricultural and Zero Emissions') an tsaoráid mhórscála insteallta sa ghreille lárnach seo.

Glacaimid páirt i roinnt fóram agus tionscnamh taighde Éireannach agus Eorpach a dhéanann measúnú ar conas is féidir hidrigin a iompar trí úsáid a bhaint as na líonraí gáis atá ann cheana. Tá dlúthmhonatóireacht á déanamh againn ar fhorbairtí sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil hidrigin á húsáid sa líonra gáis ar bhonn trialach ag Northern Gas Networks.

I Meán Fómhair, shínigh ár máthairchuideachta, Ervia, Meabhrán Tuisceana le cuideachta fuinnimh ilnáisiúnta, Equinor, chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann d'Éirinn leas a bhaint as Gabháil agus Stóráil Carbóin. Cuireadh tionscadal Gabhála agus Stórála Carbóin Chorcaí san áireamh ar liosta na dTionscadal Leasa Choitinn de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Cuireann sé sin ar ár gcumas iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus tacaíocht shuntasach ón AE. Mar chuid den tionscadal, tá scrúdú á dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann úsáid a bhaint as gáscheantar Chionn tSáile chun carbón a stóráil.

In 2020, leanfaimid ar aghaidh le stáisiúin athbhreoslaithe Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite a chur ar fáil go céimneach agus scrúdú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua chun éascaíocht a dhéanamh ar ghás inathnuaite agus ar Ghabháil agus Stóráil Carbóin.

## Custaiméir

Chuireamar seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis agus 705,868 custaiméir cónaithe agus tráchtála in 2019. Rinneadh

- 81,242 coinne le custaiméirí.
- 1.8 milliún méadar a léamh.
- 537,000 teagmháil ó chustaiméirí a láimhseáil ag ár Lárionad Teagmhála.

Bhaineamar ár spriocanna sásaimh custaiméara amach sna gníomhaíochtaí uile a scrúdaíodh agus tháinig laghdú 24% ar líon na ngearán a rinne ár gcustaiméirí. Tá aitheantas á fháil againn go fóill ónár gcomhpháirtithe. Bhuamar an duais 'Customer Experience Impact Award' as tionchar na seirbhíse do chustaiméirí i bhFóntais in Éirinn. Chomh maith leis sin, d'aithin CCA Global sa Ríocht Aontaithe muid mar Ionad Barr Feabhais.

Chabhraíomar le custaiméirí a gcuid costas fuinnimh a bhainistiú in 2019 trí aistriú soláthraí a éascú agus méadair réamhíocaíochta a shuiteáil. Is ionann na méadair sin anois agus 16.8% de líon iomlán na méadar cónaithe. In 2019, d'athraíomar breis agus 24,665 méadar faoinár gclár athsholáthair méadar cónaithe. Is uirlisí an-tábhachtacha iad sin don troid i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh.

Déanaimid éascaíocht ar an bpróiseas trína n-aistríonn custaiméirí gáis ó sholáthraí amháin go soláthraí eile. In 2019, bhí deich soláthraí iomaíochta gníomhach sa mhargadh. Le linn na tréimhse ó Eanáir 2019 go Nollaig 2019, d'athraigh os cionn 128,500 custaiméir gáis a soláthraí. Ónar osclaíodh an margadh gáis don iomaíocht in 2004, cuireadh os cionn 1.1 milliún aistriú soláthraí gáis i gcrích in Éirinn.

## Ár nDaoine

Le linn 2019, lean Líonraí Gáis Éireann de bheith tiomanta do scileanna agus inniúlachtaí foirne a fhorbairt, agus sholáthraíomar roinnt clár nua oiliúna. Chuireamar ár gClár Printíseachta 2015 i gcrích, clár a éascaíodh i gcomhar le SOLAS. Mar chuid de sin, chríochnaigh na chéad printísigh an clár i Líonraí Gáis Éireann den chéad uair le beagnach 30 bliain. Thar thréimhse ceithre bliana, cuireadh oiliúint orthu faoi threoir meantóirí i bpluiméireacht, ionstraimíocht leictreonach, uathoibriú meicniúil agus oirtheoireacht chothabhála. Táimid fós tiomanta do chaidreamh a dhéanamh lenár bhfoireann agus tacaíocht a thabhairt di. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtiomantas dár ndaoine, féach leathanach 42.

# Inbhuanaitheacht

Mar chaomhnóirí bhonneagar gáis nádúrtha na hÉireann, tá sé mar aidhm againn ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe a chuireann le cosaint an chomhshaoil agus a thacaíonn le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta na bpobal ina n-oibrímid, chomh maith leis an ngeilleagar i gcoitinne.

In 2019, d'fhorbraíomar creatlach chun inbhuanaitheacht a leabú inár straitéis agus ár gcuspóir. Tá an creatlach bunaithe ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe faoi trí cheannteideal, is iad sin comhshaol, sóisialta agus tionchar geilleagrach. D'fhoilsigh Líonraí Gáis Éireann a chéad tuarascáil inbhuanaitheachta i mbliana. Tarraingíonn “Sustainability in Action” aird ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir le prionsabail na spriocanna sin a chur i bhfeidhm.

Tá bród orainn go bhfuilimid ar cheann de na 34 cuideachta in Éirinn a bhfuil an Marc do Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach acu. Táimid tiomanta do freagracht shóisialta a chur ag croílár ár ngnó agus gur cuid dhlúth dár straitéis í. Bhronn Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann an gradam "Special Merit Award" maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach ar Líonraí Gáis Éireann ag na Gradaim Aitheantais 'inBUSINESS'. Bhí ríméad orainn go raibh ár gclár STEM do scoileanna, 'Energize', ar an ngearrliosta do Thionscnamh Pobail na Bliana ag na gradaim Utility Week 2019.




Ainmníodh ár ngníomhaíochtaí inbhuanaitheachta do roinnt gradam in 2019, lena n-áirítear:

- Gradaim freagrachta corparáidí Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann.
  - Barr Feabhais i gCúrsaí Pobail – An Clár Pobail.
  - Barr Feabhais san Ionad Oibre – "Walking the Talk" – Staidéar ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cóitseáil le linn na siúlóide.
  - Barr Feabhais sa Chomhshaol – An Clár Feabhsaithe Bithéagsúlachta.
- Gradam Freagrachta Sóisialta Corparáidí ag na Gradaim Ceannairí Teicneolaíochta it@cork.
- An úsáid is fearr is féidir as Margaíocht Dhigiteach chun leas an phobail (freagracht shóisialta chorparáideach) ag Gradaim Dhigiteacha Chomhlachas Tráchtála Chorcaí.

# Tionchar comhshaoil

In 2019, dhíríomar ar dhramhaíl, bithéagsúlacht agus an t-athrú aeráide. Chun an fócas sin a leabú, chruthaíomar sraitheanna saincheaptha dearaidh phleanála chomhshaoil agus chuireamar treoracha dea-chleachtais maidir leis an gcomhshaol i bhfeidhm go céimneach ar fud na heagraíochta ar fad.

Choinnigh Líonraí Gáis Éireann a dheimhniúchán ar leibhéal an chaighdeáin idirnáisiúnta don Chóras Bainistíochta Comhshaoil ISO14001 agus don Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO50001. Chomh maith leis sin, mhéadaíomar ár ráta foriomlán athchúrsála inár n-oifigí go 100% agus chuireamar tionscnaimh feasachta bainistíochta dramhaíola i bhfeidhm ar fud na cuideachta.

Anuas air sin, gheallamar go gcosnóimid bithéagsúlacht agus chláraíomar mar thacadóir gnó don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Thacaíomar le roinnt tionscadal taighde le scoláirí Éireannacha a bhfuil sé mar aidhm acu tuiscint a fháil ar an dúshlán bithéagsúlachta atá romhainn in Éirinn.

Aithnímid go bhfuil ról ríthábhachtach ag gás i meascán fuinnimh na hÉireann agus san earnáil fuinnimh a dhícharbónú. Chun tacú le spriocanna astaíochtaí na hÉireann a chomhlíonadh, táimid ag déanamh scrúdú ar theicneolaíochtaí nuálacha, cosúil le Gabháil agus Stóráil Carbóin, chun an líonra gáis a dhícharbónú.




## Fuinneamh

Is rannpháirtí gníomhach muid i dtionscnamh Monatóireachta agus Tuairiscithe san Earnáil Phoiblí (MTEP) de chuid an Rialtais. Cé go bhfuil sé mar aidhm ag MTEP coigiltis fuinnimh 33% a bhaint amach don earnáil phoiblí roimh 2020, tá Líonraí Gáis Éireann ar an mbóthar ceart chun an sprioc sin a shárú. Tá coigiltis fuinnimh 45% bainte amach againn cheana féin. Tá feachtais méadraithe agus éifeachtúlachta mar bhonn agus mar thaca ag na coigiltis fuinnimh sin, feachtais atá ar siúl i ngach oifig, cosúil le soilsiú nua a chur in áit an tsoilsithe neamhéifeachtúil. Chuireamar feithiclí nua agus níos éifeachtúla in ionad na bhfeithiclí níos sine san fhlít. Mar gheall ar nósanna imeachta agus cláir feabhsaithe cigireachta chun feasacht ar éifeachtúlacht breosla i measc fostaithe a ardú, tá bainistiú níos éifeachtúla á dhéanamh ar ár bhflít.

Mar shínitheoir na Móide Ísealcharbóin, táimid ag díriú go gníomhach ar ár n-astaíochtaí a laghdú trí roinnt tionscnamh. Rinneamar:

- Beartas taistil a chur i bhfeidhm a raibh sé mar aidhm aige an lorg carbóin a bhaineann le taisteal oibre na bhfostaithe a laghdú.
- Próisis soláthair a fheabhsú chun cleachtais níos fearr inbhuanaitheachta a chur chun cinn ar fud shlabhra an tsoláthair ar fad.
- Grúpa Oibre Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhunú chun tacú linn ár spriocanna laghdaithe carbóin a bhaint amach.
- Coinníodh an caighdeán do Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO50001:2011 agus an deimhniúchán do Chóras Bainistíochta Comhshaoil ISO14001:2015.

## Tionchar sóisialta - Líonraí Gáis Éireann

In 2019, bhí Líonraí Gáis Éireann fós ar na 34 cuideachta in Éirinn a fuair an caighdeán Marc do Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach, ar aon dul le ISO26000, ó Ghnó sa Phobal in Éirinn. Is é an Marc an t-aon chaighdeán Freagrachta Corparáidí agus Inbhuanaitheachta in Éirinn atá iniúchta go neamhspleách. Mar shealbhóir an Mhairc, is ball muid den Ghrúpa Ceannairí Inbhuanaitheachta agus is comhchathaoirleach muid de Ghrúpa an Gheilleagair Ísealcharbóin. Ghlacamar leis an Móid Ísealcharbóin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn a laghdú 50% faoi 2030.



Bhí bród orainn go bhfuaireamar an gradam "Special Merit In Business Award" ó Chumann Chomhlachais na hÉireann as ár gClár Freagrachta Corparáidí.

In 2019, chuamar isteach i gcomhpháirtíocht nua trí bliana le Inner City Enterprise (ICE). Chuir fostaithe Líonraí Gáis Éireann painéal meantóirí le chéile chun comhairle gnó a chur ar fáil do ghnólacht nuathionscanta ICE dar teideal "Grow Dome Project". Is fiontar sóisialta é Grow Dome Project, a bhfuil duaiseanna buaite aige. Suiteálann sé cruinneacháin fáis ar thalamh nach n-úsáidtear, agus ar an mbealach sin déantar acmhainn don phobal díobh.

in 2019, chuaigh Líonraí Gáis Éireann i gcomhpháirtíocht le Clár Cúraim agus Deisiúcháin Aoisghníomhaíocht. Mar chuid den chomhpháirtíocht sin, rinneadh €2 a dheonú do Chúram agus Deisiúchán le haghaidh gach Suirbhé um Shásamh Custaiméirí a rinneadh. Dheonaíomar feithicil lena húsáid le hoibrithe deonacha atá ag déanamh jabanna beaga deisiúcháin i dtithe daoine aosta i gCorcaigh a iompar. Anuas air sin, thug os cionn 40 fostaí a gcuid ama agus chaith siad lá ag obair i ngairdíní daoine aosta i gceantar Fhionnghlaise.

Leanamar ar aghaidh lenár gclár oideachais STEM a bhfuil duaiseanna buaite aige, Energize, i gcomhar le Junior Achievement Ireland. Shroich an clár 5,195 dalta 6ú rang ar fud na tíre, agus bhí sé mar aidhm aige spéis na ndaltaí in ábhair STEM a chothú. Áirítear le Energize modúl maidir le sábháilteacht na haonocsaíde carbóin. Bhí 96% de dhaltaí ábalta siomptóim nimhithe na haonocsaíde carbóin a aithint tar éis páirt a ghlacadh sa chlár.

Chomh maith leis sin

- thacaíomar leis an gclár 'Scileanna don Obair' chun spreagadh a thabhairt do dhaltaí meánscoile fanacht sa scoil.
- ghlacamar páirt sa chlár litearthachta 2ú rang 'Time to Read'.
- leanamar de thacaíocht a thabhairt don chlár ceannaireachta de chuid Co-operation Ireland, 'Cork Youth Leadership Programme'.
- chuamar i gcomhpháirtíocht leis an gclár oideachais bruscair 'Leave no Trace'.

| | 2019 |
|---|---|
| Uaireanta Tionchair ar Dhaltaí | 39,034 |
| Uaireanta a Dheonaigh Baill Foirne | 1,461 |
| Imeachtaí Freagrachta Sóisialta Corparáidí | 69 |

### Ár nDaoine

An phríomhaidhm atá againn ná go mothóidh na daoine atá ag obair ar fud ár gcuideachta gur áit den scoth le hoibriú atá ann, agus gur taithí shaibhrithe shásúil é teacht chun na hoibre gach uile lá. Mar eagraíocht, táimid tiomanta do chluas éisteachta a thabhairt dár ndaoine ar bhealaí éagsúla. Áirítear leis sin suirbhéanna rannpháirtíochta trínár bhfóraim fostaithe agus clár cumarsáide ceannaireachta dhá bhealach. Is féidir linn céimeanna an-dearfacha ar fad a thógáil chun ár gcultúr a mhúnlú, an chaoi a dtugaimid faoi rudaí a fheabhsú agus an chaoi a dtacaímid lenár ndaoine a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm againn timpeallacht a chruthú ina mothaíonn gach duine dár bhfoireann go pearsanta agus go gairmiúil go bhfuil ról fiúntach acu.

In 2019, sheolamar na prionsabail cheannaireachta, arb iad sin 6 ghealltanas a shínigh na ceannairí ar




*“Tá sé mar aidhm againn timpeallacht a chruthú ina mothaíonn gach duine dár bhfoireann go pearsanta agus go gairmiúil go bhfuil ról fiúntach acu.*

fud an ghnó agus a gcuireann siad ar taispeáint ag a suíomhanna. Dhíríomar ar shraith chuimsitheach de chláir chumarsáide inmheánacha a chur i bhfeidhm, ar nós seónna ceannaireachta ar camchuairt agus tionscnaimh oscailte. Déanaimid é sin chun ár bhfoirne ar fad a cheangal leis na ceannairí agus le cuspóir na heagraíochta.

Faoinár gclár Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile, tá colún tiomnaithe againn a dhíríonn ar fholláine fostaithe. Bhí ár sceideal gníomhaíochtaí maidir le folláine bunaithe ar na téamaí Intinn, Corp agus Saol i mbliana. Dar leis an bhfoireann, bhí tionchar suntasach ag an gclár oibre solúbtha ar a gcothromaíocht oibre is saoil le linn na bliana. Bhaineamar amach an marc Keepwell ó Ibec in 2019 freisin.

Thugamar na Gradaim Pearsanra Ervia isteach i mbliana, ar searmanas gradam aitheantais bliantúil é. Bhí an deis ag baill foirne daoine ar fud na heagraíochta a ainmniú do cheann de na gradaim, gradam don 'laoch ciúin' agus gradam don 'saoránach thar cionn' ina measc. Is bealach iontach go fóill iad ár ngradaim fadseirbhíse chun aitheantas a thabhairt do thiomantas agus bród laistigh den eagraíocht. Ag imeachtaí na bliana seo, aithníodh roinnt faighteoirí a bhfuil 45 agus 40 bliain seirbhíse déanta acu, agus nach iontach an éacht é sin!

Seoladh iBelong, clár Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Ervia, i Samhain 2019. Rinneadh an Chomhairle agus na Grúpaí Oibre maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú a bhunú níos luaithe sa bhliain. Bhí clár iomlán gníomhaíochtaí ar siúl i Samhain chun comóradh a dhéanamh ar Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. Tá an straitéis fhadtéarmach do na blianta atá le teacht á forbairt ag an gcomhairle.

## Sábháilteacht

Ag Ervia, cuirimid an tsábháilteacht ag croílár ár gcuid oibre. Bhí 2 ghortú ar cailleadh am dá mbarr ('Lost Time Injury', nó LTI) i measc fostaithe in 2019. Bhain déine íseal leis na teagmhais agus mar sin is féidir linn a rá gur feidhmiúchán iontach sábháilteachta é sin. Ach bímid i gcónaí ag déanamh sáriarracht chun nach dtarlódh gortú ar bith. Ba ionann an Ráta Gortuithe ar Cailleadh Am Oibre Dá mBarr* ('Lost Time Injury Rate' nó LTIR) agus 0.12 agus ba ionann an ráta intuairiscithe agus 0.06.

Leanann ár gclár Sábháilte san Áit Oibre, Sábháilte sa Bhaile le feabhsúcháin intomhaiste a sholáthar maidir lenár bhfeidhmíocht sábháilteachta, cumarsáid, ceannaireacht agus cultúr. In 2019, bhí tuilleadh feabhais le feiceáil i dtaca lenár dtáscairí réamhghníomhacha sábháilteachta, cosúil leis an líon tuairiscí guaiseacha agus líon na gcomhráite faoi cheannaireacht sábháilteachta.

Bhí 15 LTInna ann i measc conraitheoirí in 2019, i gcomparáid le 13 in 2018. Anuas ar na LTInna, díríonn Ervia ar an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais nó neasteagmhais, d'fhonn na teagmhais nó imeachtaí a bhfuil leibhéal ard dóchúlachta ag baint leo, agus a bhféadfadh torthaí níos tromchúisí a bheith ann dá mbarr i gcúinsí difriúla, a aithint. Bíonn gach teagmhas agus imeacht, a bhfuil leibhéal ard dóchúlachta ag baint leo, faoi réir ag imscrúdú mionsonraithe chun an bhunchúis a fháil amach agus bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm.


Le linn 2019, d'oibrigh Ervia go dlúth lenár gconraitheoirí chun a chinntiú go leagfaidh siad béim freisin ar imeachtaí a bhfuil seans mór ann go dtarlóidh siad, d'fhonn gortú tromchúiseach a chosc agus an fheidhmíocht fhoriomlán sábháilteachta a fheabhsú. Beidh sé seo ar cheann de na príomhghnéithe a ndíreoidh Ervia orthu amach anseo.


Freagracht Chorparáideach
(ar lean.)

# Tionchar eacnamaíoch

**Dáileadh Luachanna**

- Chuig fostaithe mar íocaíocht agus sochair eile
- Cáin, rátaí údaráis áitiúla agus leibhéal rialacháin
- Costais airgeadais
- Leithdháileadh chuig an scairshealbhóir




Is í an aidhm atá againn seirbhís iontach, éifeachtach, chost-éifeachtúil atá ar leas ár gcustaiméirí uile a chur ar fáil.

## Ráiteas ar Bhreisluach

Cruthaímid leas eacnamaíoch dár bhfostaithe, dár scairshealbhóirí, dár gconraitheoirí, dár gcomhpháirtithe agus dár n-infheisteoirí. Déantar cuid den luach a chruthaítear a choinneáil san eagraíocht chun sócmhainní a chothabháil agus sócmhainní nua a cheannach.

**Sochar Eacnamaíoch**

- Don Scair-shealbhóir €139m (díbhinn)
- D'Infheiste-oirí €22m (ús)
- D'Fhostaithe €93m (párolla)
- Don Stát €49m (cáin, rátaí agus tobhaigh)
- Do sholáthraithe 72m (earraí agus seirbhísí)

45 Tuairisc Rialachais
46 An Bord
48 Tuarascáil an Bhoird
60 Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca

# Tuairisc Rialachais

# An Bord

## Tony Keohane
(Cathaoirleach)



Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Luach saothair

Gairm: Céimí INSEAD, saineolaí ar fhorbairt straitéiseach gnóthaí agus eagraíochtaí, Iar-Chathaoirleach Tesco Ireland, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tesco Ireland ó Fheabhra 2006 go dtí Iúil 2013.

Ceapacháin Sheachtracha: Cathaoirleach Repack agus an Malone Group, Bord Phoitigéirí Sam McCauley agus An Bord Bia, comhairleoir straitéiseach ina ghnó comhairleoireachta féin.

## Chris Banks



Ceaptha: 5 Iúil 2016

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar, Tionscadal 23

Gairm: Stiúrthóir Tráchtála le Scottish Water idir 2002 agus 2014 i rith a thréimhse múnlaithí agus aistriú an ghnó chuig úinéireacht earnála poiblí. Bhí freagrachtaí aige as Soláthar, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí Soláthair Sócmhainní, bainistíocht fuinnimh, maoin agus saoráidí, TF, flít, gnóthaí neamhrialáilte i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, conraitheoireacht agus sainchomhairleoireacht idirnáisiúnta, agus oscailt margaidh don iomaíochas miondíola. Roimhe seo, d'oibrigh sé ag leibhéal boird agus ardbhainistíochta i dtáirgí tógála, mianraí agus tionscail loingseoireachta.

Ceapacháin Sheachtracha: Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus comhairleoir straitéiseach do roinnt comhlachtaí fóntas uisce, comhairleoireachta, seirbhísí agus tacaíochta sa Ríocht Aontaithe.

## Fred Barry



Ceaptha: 10 Eanáir 2020 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 5 Iúil 2016)

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Infheistíocht/Bonneagar, Tionscadal 23

Gairm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa de chuideachtaí éagsúla Jacobs.

Ceapacháin Sheachtracha: Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair, Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin PM Group, Comhalta Acadamh Innealtóireachta na hÉireann, Cathaoirleach Bhord Forbartha Ospidéal Náisiúnta na Leanaí.

## Celine Fitzgerald



Ceaptha: 10 Eanáir 2020 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 20 Eanáir 2015)

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Tionscadal 23

Gairm: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Rigney Dolphin idir 2007 agus 2012, Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí le Vodafone agus Eircell.

Ceapacháin Sheachtracha: A gnóthais comhairleach féin (Integro Consulting), Oifigeach Neamhfheidhmiúcháin VHI.

## Keith Harris



Ceaptha: 5 Iúil 2019 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 5 Iúil 2016)

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca, Luach Saothair, Tionscadal 23

Gairm: Feidhmeannach Sinsearach agus poist Bhoird in Wessex Water, Ceann Rialála Domhanda in ENRON / AZURIX.

Ceapacháin Sheachtracha: Stiúrthóir South Staffordshire plc, Úinéir an ghnóthais phríobháidigh chomhairligh maidir le bonneagar, Lorraine House, Comhpháirtí tionscail in AIP Asset Management, comhalta OXERALLP.

## Sean Hogan



Ceaptha: 10 Eanáir 2020 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 20 Eanáir 2015)

Téarma oifige: 4 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca

Gairm: Cathaoirleach de chuid Uisce Thuaisceart Éireann Teoranta idir Márta 2011 agus Márta 2015. Céim Mháistreachta i mBainistíocht Eagraíochta agus Dioplóma i dTreorú Cuideachtaí.

Ceapacháin Sheachtracha: Comhalta den Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta agus den Institiúid Stiúrthóirí agus ball dá Coiste Gnó agus Comhshaoil. Cathaoirleach WRAS Ltd sa Ríocht Aontaithe, Cathaoirleach Chomhar Creidmheasa an Iúir, Cathaoirleach an choiste chomhairligh saineolaithe maidir le heitinn bólachta sa Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Tuaisceart Éireann.

## Mari Hurley



Ceaptha: 12 Meitheamh 2018 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 11 Meitheamh 2013)

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca, Luach Saothair

Gairm: Príomhoifigeach Airgeadais Hostelworld Group plc, Stiúrthóir Airgeadais Sherry FitzGerald Group, Bear Stearns Bank plc.

Ceapacháin Sheachtracha: Ceaptha ar Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) in Aibreán 2014.

## Finbarr Kennelly



Ceaptha: 12 Nollaig 2017 (agus é ceaptha roimhe sin ar an 11 Nollaig 2012)

Téarma oifige: 5 bliana

Coistí an Bhoird: Iniúchadh agus Riosca, Luach Saothair

Gairm: Poist shinsearacha leis an Gardiner Group, Rialtóir Airgeadais de chuid Alcatel Business Systems Ireland, Stiúrthóir Airgeadais agus Oibríochtaí Golf Vacations Ireland.

Ceapacháin Sheachtracha: Iarchomhalta Boird de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe cpt, Comhairleoir le Plato Ireland.

## Joe O'Flynn



Ceaptha: 10 Iúil 2018 (ceaptha roimhe seo in Eanáir 2015, Samhain 2013 agus Samhain 2008)

Téarma oifige: 3 bliana

Coistí an Bhoird: Tionscadal 23, Infheistíocht/Bonneagar

Gairm: Iar-Ard-Mhéara Chorcaí agus iarchomhairleoir cathrach. Iar-Rúnaí Ginearálta CSTGT, Cisteoir Chomhdháil na gCeardchumann agus ball dá Chomhairle Feidhmiúcháin.

Ceapacháin Sheachtracha: Stiúrthóir de 2 chomhlacht atá cleamhnaithe le CSTGT; Institute for the Development of Employment Advancement Services agus an Larcon Centre. Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin, International Transport Federation. Cathaoirleach ar One Cork Group agus comhalta de Chomhairle Forbartha Aerfort Chorcaí.

# Tuarascáil an Bhoird

## Tuairisc an Bhoird maidir le Rialachas

Comhlacht reachtúil is ea Ervia arb ann dó faoi dhlíthe na hÉireann agus ar bunaíodh de bhun an Achta Gáis 1976 (arna leasú).

### Rialachas

Tá Bord Ervia ("an Bord") freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ("an tAire") as feidhmíocht fhoriomlán an Ghrúpa agus as a chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar an gcaoi ar chuir Ervia na prionsabail sin i bhfeidhm agus ar chloígh sé leis na forálacha infheidhme sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód"). Aithníonn Ervia go bhfuil rialachas maith corparáideach ríthábhachtach chun go n-éireodh leis agus chuige sin, déanaimid athbhreithniú agus uasghrádú leanúnach ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta d'fhonn cloí leis na cleachtais is fearr. Tá an Bord sásta gur chloígh Ervia le riachtanais infheidhme an Chóid le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

Mar chomhlacht reachtúil, níl Ervia faoi réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Chun sonraí a fháil faoin bpríomhreachtaíocht faoina n-oibríonn Ervia agus a chuid fochuideachtaí (Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann) agus chun féachaint ar na príomhcháipéisí atá mar bhonn ag struchtúr corparáideach Ervia, féach www.ervia.ie.

### Róil agus Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as gníomhaíochtaí Ervia, a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat rialúcháin stuama agus éifeachtaigh a cheadaíonn measúnacht agus bainistíocht riosca, a threorú agus a stiúradh.

Déanann an Bord na cinntí suntasacha straitéiseacha ar fad, agus coinníonn sé rialú iomlán éifeachtach ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa, fad a dhéanann sé bainistíocht laethúil a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach) agus a Fhoireann Feidhmiúcháin. Tá ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Feidhmiúcháin an treoir straitéiseach a leagann an Bord síos a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag an mBord ar na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchinntí agus na príomhthorthaí feidhmíochta, chomh maith le haon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach) mar idirchaidreamh díreach idir Bord Ervia agus an lucht bainistíochta.

Chuir an Bord struchtúr rialachais chorparáidigh i bhfeidhm a tharmligeann údarás dá Choistí le tascanna ar leith a chur i gcrích ar a shon, ionas gur féidir leis an leibhéal ceart airde agus breithnithe a thabhairt ar na hábhair sin agus ábhair eile. Cuirtear tuilleadh eolais ar fáil ar Choistí Bhord Ervia ar leathanaigh 52-53.

Pleanáiltear gníomhaíocht an Bhoird agus a chuid Coistí gach bliain chun déanamh cinnte go ndéantar gnó an Ghrúpa a mhaoirsiú agus a rialú go héifeachtach. Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i gCreat Rialachais Ervia. Áirítear leis an gcreat chomh maith ábhair atá forchoimeádta go sonrach don Bhord le cinneadh a dhéanamh, de réir mar a dhéantar achoimre orthu thíos. Ar na míreanna seasta a mheasann an Bord ag gach cruinniú tá:

- Fógra maidir le haon choimhlint leasa.
- Tuarascálacha ó Choistí.
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.
- Sábháilteacht.

## Sceideal Foirmeálta Ábhair atá Forchoimeádta do Bhord Ervia

Áirítear leis an Sceideal Foirmiúil Ábhar atá coimeádta don Bhord amháin le haghaidh cinneadh a dhéanamh, de réir mar a leagtar amach sa Chreat Rialachais Ervia, i leith gach eintiteas Grúpa, faomhadh na nithe seo a leanas:

- Beartas sábháilteachta.
- Buiséid bhliantúla.
- Pleananna gnó ilbhlianta.
- Na conarthaí agus caiteachais ar fad a bhfuil a luach os cionn €10 milliún acu.
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Ceapadh/baint iniúchóirí.
- Ábhair chiste.
- Athruithe suntasacha ar scéimeanna pinsin.
- Téarmaí fostaíochta na hardbhainistíochta.
- Cód Iompair Gnó.
- Beartas um Bainistíocht Riosca Fiontair, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtadh Cosanta, agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.

## Ábhair a Phléigh an Bord in 2019

| | |
|---|---|
| **Straitéis** | ▸ Treoir Straitéiseach Ervia agus scaradh Uisce Éireann in 2023.<br>▸ Plé leanúnach le scairshealbhóir Ervia maidir le ceisteanna straitéiseacha.<br>▸ Fís 2050 |
| **Sábháilteacht** | ▸ Méadracht mhíosúil maidir le sláinte agus sábháilteacht don Ghrúpa.<br>▸ Nuashonruithe leathbhliantúla sábháilteachta. |
| **Oibríochtaí** | ▸ Tuarascáil Oibriúcháin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta.<br>▸ Measúnuithe ar infheistíocht chaipitiúil. |
| **Rialachas Corparáideach** | ▸ Meastóireacht thríbhliantúil agus bhliantúil ar an mBord.<br>▸ Athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird agus Choiste an Bhoird.<br>▸ Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit;.<br>▸ Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach) Ervia a cheapadh.<br>▸ Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann a cheapadh.<br>▸ Athbhreithniú ar Chód Iompair Gnó, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas um Nochtadh Cosanta agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta. |
| **Airgeadas** | ▸ Torthaí bliantúla foilsithe.<br>▸ Torthaí míosúla trádála, lena n-áirítear feidhmiúchán i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéis.<br>▸ Tuarascáil bhliantúil.<br>▸ Réamhaisnéis a dhéanamh arís go ráithiúil.<br>▸ Díbhinní.<br>▸ Maoiniú.<br>▸ Pleananna Gnó. |

## Ráiteas Freagrachtaí Boird don Tuarascáil Bhliantúil agus do Ráitis Airgeadais

Tá an Bord freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú mar aon leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann léi, a thugann, de réir an Bhoird, léargas fírinneach agus cothrom ar staid cúrsaí agus ar bhrabús Ervia don bhliain. D'ullmhaigh an Bord na Ráitis Airgeadais de réir an dlí is infheidhme de chuid na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Coinníonn an Bord cuntas cuí cuntasaíochta de réir na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht Gáis 1976 (arna leasú).

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, lena n-áirítear rialúcháin airgeadais, oibriúcháin, chomhlíonta agus bainistíochta riosca agus as sin a chur in iúl don Aire. Ar deireadh, tá an Bord freagrach as cosaint sócmhainní uile Ervia agus as gníomhú mar is cuí le calaois agus neamhrialtachtaí eile a sheachaint agus a aimsiú.


Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá an Bord sásta:

- Gur roghnaíodh beartais chuntasaíochta oiriúnacha agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
- Go n-úsáidtear breithiúnais agus meastacháin atá stuama réasúnta.
- Go bhfuil ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh oiriúnach.
- Go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cothrom ar staid airgeadais Ervia ar an 31 Nollaig 2019 agus don bhliain sin atá díreach thart.

# An Bord


### INSCNE AN BHOIRD

● Fir ● Mná





### COMHALTAÍ AR AN MBORD FEIDHMIÚCHÁIN AGUS NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN

● Neamhfheidhmiúcháin ● Feidhmiúcháin




### TIONACHT CHOMHALTAÍ AN BHOIRD NEAMHFHEIDHMIÚCHÁIN

● 3+ bliana ● 0-3 bliana




Cuirtear síos ar Chomhaltaí Boird idir leathanaigh 46 agus 47.

## Comhdhéanamh an Bhoird

Is faoin Aire atá ceist chomhdhéanta an Bhoird. Déanann an tAire cinntí maidir le comhaltaí Boird a cheapadh agus a athcheapadh ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2014. Téann an Cathaoirleach i dteagmháil leis an Aire roimh cheapacháin ar an mBord maidir le haird a tharraingt ar na scileanna sonracha agus an taithí a theastaíonn ar an mBord.

Tá an meascán scileanna agus taithí agus an cumas riachtanach ag Comhaltaí Boird le tacú le cinnteoireacht éifeachtach.

Is é an Cathaoirleach, Tony Keohane, atá i gceannas ar an mBord, agus is eisean atá freagrach as a éifeachtacht maidir le gnéithe uile a róil a chinntiú. Feidhmíonn an tArdstiúrthóir Neamhspleách, Mari Hurley, mar idirghabhálaí do na Comhaltaí Boird nuair is gá agus maidir le ceisteanna a bhfuil coinbhleacht leasa ag an gCathaoirleach leo nó nach bhfuil sé ábalta cinntí a dhéanamh orthu ar chúinsí eile. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird agus as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, faoi chúrsaí rialachais i gcoitinne.

## Ionduchtú agus Forbairt Chomhaltaí Nua Boird

Ar cheapadh dóibh, cuirtear doiciméid mhionsonraithe eolais a bhaineann le rialachas, airgeadas agus oibríochtaí ar fáil do Chomhaltaí Boird, agus tugtar deis dóibh eolas a fháil ón bhFoireann feidhmiúcháin ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa. Tá rochtain ag Comhaltaí Boird ar chláir oiliúna agus déantar athbhreithniú leanúnach ar a riachtanais forbartha.

## Neamhspleáchas

Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird neamhspleách ar an lucht bainistíochta, ó thaobh carachtair agus breithiúnais de, agus saor ó chaidrimh nó ó chúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu, nó a d'fhéadfadh go ndealródh sé go bhfuil tionchar acu, ar a mbreithiúnas agus a gcumas chun dul i ngleic le riachtanais an róil. Tugann gach comhalta Boird a bhreithiúnas neamhspleách féin ar cheisteanna straitéise, feidhmiúcháin, acmhainní agus caighdeán iompraíochta. Ní mór do chomhaltaí Boird aon leas nó caidreamh a fhógairt a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách. Is mír bhuan ar an gclár do gach cruinniú Boird agus Coiste é dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa.

## Luach Saothair, Tinreamh agus Costais Comhaltaí Boird

Is é an tAire a shocraíonn na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Leagtar sceideal tinrimh ag na cruinnithe Boird agus Coiste do 2019 amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a bhain le gach comhalta.

| COMHALTA BOIRD | LUACH SAOTHAIR (€) | COSTAIS (€) | BORD (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | INIÚCHADH AGUS RIOSCA (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | LUACH SAOTHAIR (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | INFHEISTÍOCHT/ BONNEAGAR (I LÁTHAIR/ INCHÁILITHE) | TIONSCADAL 23* (I LÁTHAIR/ IN-CHÁILITHE) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tony Keohane (Cathaoirleach an Bhoird agus an Choiste Luacha Shaothair) | 31,500 | 788 | 14/14 | - | 12/12 | - | - |
| Joe O'Flynn | Nóta 1 | - | 12/14 | - | - | - | 1/3 |
| Sean Hogan | 15,750 | 2,583 | 12/14 | 5/5 | - | - | 2/2 |
| Celine Fitzgerald (Cathaoirleach Thionscadal 23) | 15,750 | - | 14/14 | - | - | - | 5/5 |
| Mari Hurley | 15,750 | - | 12/14 | 4/5 | 10/12 | - | - |
| Finbarr Kennelly | 15,750 | - | 14/14 | 5/5 | 12/12 | - | - |
| Keith Harris (An Coiste Iniúchta agus Riosca) | 15,750 | 2,091 | 13/14 | 3/5 | 12/12 | - | 1/3 |
| Chris Banks | 15,750 | 504 | 14/14 | - | - | 11/11 | 5/5 |
| Fred Barry (Cathaoirleach ar Infheistíocht/ Bhonneagar) | 15,750 | 344 | 12/14 | - | - | 10/11 | 5/5 |
| Peter Cross (ar scor ón 19 Eanáir 2020) Nóta 2 | 15,750 | - | 11/14 | 5/5 | - | - | - |
| Mike Quinn (iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar scor ón 5 Aibreán 2019) | Nóta 3 | Nialas | 4/4 | - | - | 3/3 | - |

* Rinneadh an Coiste um Fhóntas Poiblí Singil agus an Coiste um Thionscadal 23 a chónascadh in Iúil 2019. Tháinig an Coiste um Fhóntas Poiblí Singil le chéile dhá uair in 2019 roimh an gcónascadh. Ní raibh aon chruinniú de chuid an Choiste um Thionscadal 23 ar siúl in 2019 roimh an gcónascadh. Tháinig an Comhchoiste le chéile 3 huaire ón gcónascadh i leith.

Nóta 1 – Tarscaoileadh táille Boird ar bhonn lánroghnach.

Nóta 2 - Chuaigh Peter Cross ar scor ar an 19 Eanáir 2020 agus tháinig Keith Harris ina áit mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Nóta 3 – Ní bhfuarthas táille Boird de réir na dTreoirlínte maidir le Conarthaí, Luach Saothair agus Coinníollacha Eile do Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus Ardbhainistíocht Comhlachtaí Tráchtála Stáit.

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

## Éifeachtacht agus Measúnú an Bhoird agus na gCoistí

Déanann an Bord measúnú bliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Baineann an measúnú le feidhmíocht an Bhoird ina iomláine agus ní le feidhmíocht comhaltaí aonair den Bhord.

Is mar seo a leanas na modheolaíochtaí measúnaithe a chuireann an Bord i bhfeidhm chun a éifeachtacht a shocrú:

| | |
|---|---|
| Measúnú Inmheánach | Scaiptear an ceistneoir Féinmheasúnaithe Boird, mar a cuireadh ar fáil sa Chód, ar an mBord.<br>Tugtar ceistneoirí líonta, lena n-áirítear tuairimí maidir le feidhmiúchán agus moltaí maidir le feabhsúchán, díreach don Chathaoirleach;.<br>Déanann an Bord cinneadh foirmiúil maidir lena fheidhmíocht féin, le feidhmíocht na gCoistí, agus le feidhmíocht an Chathaoirligh. |
| Meastóireacht Sheachtrach | D'fhonn forálacha an Chóid a chomhlíonadh, tugtar faoi mheastóireacht sheachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a Choistí gach 3 bliana. Éascaíodh meastóireacht sheachtrach in 2018. Rinneadh plé ar thorthaí an athbhreithnithe sin le linn 2019 agus cuireadh bearta comhaontaithe i bhfeidhm le linn na bliana chomh maith. |
| Measúnú ar Chomhaltaí Neamhfheidh-miúcháin Boird | Déanann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird meastóireacht feidhmiúcháin ar an gCathaoirleach, agus tuairimí an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (Eatramhach) á gcur san áireamh. |

## Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach Coiste i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Cabhraíonn ceithre Choiste de chuid an Bhoird lena fhreagrachtaí a chur i gcrích agus cuireann an Bord freagrachtaí ar leith orthu mar a leagadh amach ina dTéarmaí Tagartha.

### Coiste Iniúchta agus Riosca

Déantar cur síos ar a ndearna an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2019 i dTuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca ar leathanach 60. Reáchtáil an Coiste Iniúchta agus Riosca 5 chruinniú le linn na bliana.

### Coiste Infheistíochta/Bonneagair

Leagtar freagrachtaí an Choiste Infheistíochta/Bonneagair amach ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.ervia.ie. Bhí 11 chruinniú ag an gCoiste Infheistíochta/ Bonneagair i rith na bliana.

### I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste Infheistíochta/ Bonneagair fúthu in 2019, rinneadh athbhreithniú ar:

- Measúnú ar thionscadal caipitil agus ar chur chuige infheistíochta.
- An eolas is déanaí maidir le mórthionscadail agus meastacháin chostais a bhaineann leo.
- Gach moladh caiteachais chaipitiúil a sháraíonn €10 milliún.
- Plean Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann.
- Próiseas tairiscintí atá le teacht.
- Straitéisí lena n-áirítear TF, foinsiú leictreachais agus foinsiú flíteanna.
- Athbhreithnithe iarthionscadal.
- An eolas is déanaí maidir le teiliméadracht.

### An Coiste Luach Saothair

Leagtar amach freagrachtaí an Choiste Luacha Shaothair ina Théarmaí Tagartha atá ar fáil ar www.ervia.ie. Bhí 12 chruinniú ag an gCoiste Luacha Shaothair i rith na bliana.

### I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste Luacha Saothair in 2019, bhí:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus na mbainisteoirí sinsearacha eile in 2018.
- Athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar phleananna Tallainne agus Comharbais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail pá Ervia.
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ervia a earcú.
- Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann a earcú.
- Feidhmíocht a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi de réir scórchártaí 2019.
- Plé a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé maidir le rannpháirteachas fostaithe.
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phá feidhmiúcháin.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh Éagsúlachta agus Ionchuimsithe.

### Coiste um Thionscadal 23

Bhunaigh an Bord an Coiste um Thionscadal 23 i Lúnasa 2018, agus tugadh le chéile leis an iar-Choiste um Fhóntas Poiblí Singil é in Iúil 2019, le maoirseacht a dhéanamh ar scaradh Uisce Éireann ó Ghrúpa Ervia le linn 2023 ionas go mbeidh Uisce Éireann ina fhóntas aonair rialáilte tráchtála faoi úinéireacht phoiblí. Sular cónascadh na Coistí, bhí dhá chruinniú ag an gCoiste um Fhóntas Poiblí Singil le linn na bliana. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste nua le linn na bliana.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí ar thug an Coiste um Thionscadal 23 fúthu in 2019, bhí:

- Athbhreithniú ar dhréachtphlean scartha.
- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

## Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go ndéanann Ervia riachtanais agus nochtuithe an Chóid a chomhlíonadh. Ní mór cur síos ar na nochtuithe airgeadais seo a leanas sa Tuarascáil Bhliantúil de réir an Chóid. Baineann na nochtuithe seo le Ervia agus Líonraí Gáis Éireann, ach ní bhaineann siad le hUisce Éireann. Féach ar Thuarascáil Bhliantúil Uisce Éireann le haghaidh na nochtuithe ábhartha i dtaca le hUisce Éireann.

### Anailís ar Shochair Fhostaí

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlána (gan costais pinsin fostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain do gach banna de €25,000 ó €50,000 in airde leagtha amach thíos.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| €50,000-€75,000 | **392** | 344 |
| €75,001-€100,000 | **237** | 192 |
| €100,001-€125,000 | **98** | 95 |
| €125,001-€150,000 | **50** | 40 |
| €150,001-€175,000 | **29** | 19 |
| €175,001 agus os a chionn | **28** | 23 |

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais chun anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe a rochtain.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a thabhaítear go díreach maidir le comhairle sheachtrach. Sainmhínítear costais sainchomhairleoireachta mar cheapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse theoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo feidhmeanna 'gnó mar is gnách'. I gcás go gcuirfidh Ervia obair sainchomhairleoireachta ar conradh thar ceann Uisce Éireann, cuirtear an costas a bhaineann leis sin san áireamh i nochtadh Uisce Éireann, agus sa nochtadh sin amháin.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **220** | 357 |
| Comhairle airgeadais | **145** | 790 |
| | | |
| Feabhsú/forbairt gnó | **2,131** | 1,107 |
| Eile | **268** | 696 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlána** | **2,764** | 2,950 |
| | | |
| Caipitlithe | **30** | 229 |
| Ráiteas Ioncaim | **2,734** | 2,721 |
| **Costais sainchomhairleoireachta iomlána** | **2,764** | 2,950 |

## Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí, mar cuirtear san áireamh leis na costais sainchomhairliúcháin thuas iad.

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais agus táillí dlí | **1,159** | 529 |
| Socraíochtaí | **781** | 603 |
| **Iomlán** | **1,940** | 1,132 |
| | | |
| Líon cásanna dlí | **5** | 6 |

Nóta 1: Ní chlúdaíonn an nóta nochta seo íocaíochtaí a rinne ár gcuideachta árachais.

Nóta 2: Baineann an líon cásanna le cásanna ar chuir Ervia féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tógadh ina aghaidh, agus ní áirítear leis imeachtaí árachais agus comhréitigh maidir le cead slí.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| Bord* | **20** | 18 |
| Fostaí | **2,950** | 2,614 |
| | | |
| Idirnáisiúnta | | |
| Bord | **-** | - |
| Fostaí | **264** | 302 |
| **Iomlán** | **3,234** | 2,934 |

* tá costais taistil agus cothaithe de €6,309 san áireamh a íocadh go díreach le comhaltaí Boird in 2019 (2018: €7,250) . Baineann an t-iarmhéid de €13,517 (2018: €10,744) le caiteachas a d'íoc Ervia ar son na gcomhaltaí Boird. Meastar go dtabhaítear caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaíonn comhaltaí feidhmiúcháin Boird ina gcáilíocht mar fhostaithe.

## Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas na foirne | **230** | 161 |
| Fáilteachas na gcliant | **97** | 84 |
| **Iomlán** | **327** | 245 |

### Trédhearcacht

Eagraíocht oscailte is ea an comhlacht tráchtála stáit Ervia, a bhfuil sé mar aidhm aige a bheith freagrach agus trédhearcach os comhair an phobail. D'fhorbair Ervia Beartas Trédhearcachta le cur lena chuntasacht agus mar aitheantas dár bhfreagrachtaí mar shaoránach freagrach corparáideach. Tá Ervia tiomanta do thuiscint an phobail a fheabhsú maidir leis an mbealach a bhfeidhmíonn an eagraíocht agus maidir lenár ról i soláthar bonneagair thábhachtaigh agus seirbhísí tábhachtacha náisiúnta d'fhonn tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann.

| | |
|---|---|
| Nochtuithe Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú | Cuirtear síos ar an meicníocht is féidir le fostaithe agus lucht bainistíochta Ervia a úsáid chun údair imní a ardú, nó chun nochtuithe a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, i mBeartas Ervia um Nochtadh Cosanta. Tá tuilleadh treorach don lucht bainistíochta agus do na fostaithe maidir le cúiseanna imní a léiriú leagtha amach sa Chód Iompair Ghnó, sa Bheartas Frith-Chalaoise agus sa Bheartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta.<br><br>De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear ar Ervia Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú maidir le nochtadh cosanta arna dhéanamh faoin Acht. I gcomhréir leis an riachtanas seo, dearbhaíonn Ervia nach raibh aon nochtadh cosanta le tuairisciú le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019. Rinneadh na nochtuithe cosanta a rinneadh do Ervia sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 a fhiosrú le linn 2019 i gcomhréir le Beartas Ervia um Nochtadh Cosanta agus réitíodh gach ábhar go hiomlán. |
| Brústocaireacht a Rialáil | Tá Ervia agus a fhochuideachtaí (Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann) cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus rinne siad na haighneachtaí riachtanacha do na tréimhsí tuairisceáin in 2019, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015. |
| Íocaíochtaí Prasa | Tá rialuithe airgeadais inmheánacha cuí i bhfeidhm in Ervia lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012-2016. Áirítear leis na rialuithe róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir a shocrú, tuairisciú míosúil agus athbhreithniú ar chleachtais íocaíochta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a mbíonn sonraisc dlite le haghaidh íocaíochta agus chun íocaíochtaí a dhéanamh ar na dátaí sin nó rompu. Soláthraíonn na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. Níor íocadh aon ús i dtaobh íocaíochtaí déanacha in 2019.<br><br>Shínigh Ervia an Cód um Íocaíocht Phras, a sheol an Rialtas in 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sé soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh an cód a ghlacadh laistigh dá slabhraí soláthair féin. |

### Samhailscéimeanna Foilsithe

De réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ní mór d'fhochuideachtaí Ervia, is iad sin Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann, cloí leis an tsamhailscéim foilseacháin arna foilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir na scéime, foilsíonn Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann a oiread eolais agus is féidir ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn gnáthrialta lasmuigh d'iarratais Saorála Faisnéise, agus aird á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta a leagtar amach san Acht.

Tá Scéimeanna Foilseacháin d'Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann ar fáil ar a suíomh gréasáin faoi seach, www.water.ie agus www.gasnetworks.ie. Cé nach bhfuil Ervia féin faoi réir reachtaíocht an Achta um Shaoráil Faisnéise, féachann sé le prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm agus, mar sin, cloíonn sé leis an tsamhailscéim foilseacháin trí fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin, www.ervia.ie.

Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis, agus níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán go gcosnaítear sócmhainní, go bhfuil idirbhearta ceadaithe agus go gcoimeádtar cuntas ceart díobh agus go n-aithnítear nó go stoptar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha i dtréimhse ghairid ama.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Ervia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais.

## Bainistíocht Riosca

Tá na fostaithe Ervia ar fad freagrach as riosca a bhainistiú go héifeachtach agus áirítear leis sin córais rialaithe inmheánaigh a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach) an feidhmeannach freagrach ar a bhfuil an fhreagracht dheiridh. Tarmligeann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach) róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus na daoine faoina stiúir maidir le bainistíocht riosca éifeachtach agus maidir lena chinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánaigh ag feidhmiú go héifeachtúil.

## Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córais chuí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an nGrúpa. Tá roinnt príomhstruchtúr i bhfeidhm a chuireann córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca ar fáil, agus déantar cur síos orthu thíos.

### Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (an "CIR") ag Ervia ar a bhfuil 4 chomhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Baineann na dualgais agus freagrachtaí den CIR, i dtaca le bainistíocht riosca ar fud Ervia, le tacaíocht a thabhairt don Bhord agus le moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le freagrachtaí an Bhoird a chomhlíonadh, faoi mar a bhaineann siad leis an réimse ábhartha.

Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann an Bhoird, agus tá sé freagrach as cabhrú leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Ar bhonn ráithiúil, déanann an CIR athbhreithniú substaintiúil ar chlár riosca an Ghrúpa, a ullmhaíonn an lucht bainistíochta, rud a dhéanann cinnte de go ndéanfaí maoirseacht ar na príomhrioscaí agus athbhreithniú ar a éifeachtaí is atá freagairtí an luchta bhainistíochta maidir leis na príomhrioscaí atá roimh an nGrúpa. Chomh maith leis sin, déanann an CIR athbhreithniú ar iomláine iomlán an chórais bainistíochta riosca, lena n-áirítear éifeacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúchta inmheánaigh.

### Fóram Dearbhaithe Comhtháite

Tá freagracht ar Ervia faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtúlacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, d'fhorbair Ervia an Fóram Dearbhaithe Comhtháite ("FDC") a thuairiscíonn don Phríomhoifigeach Airgeadais (Eatramhach).

Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gach gníomhaíocht dearbhaithe agus na haontuithe riachtanacha, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Ag deireadh na bliana, dearbhaíonn an FDC don Bhord cé acu an bhfuil na rialuithe éifeachtúil nó nach bhfuil. Tacaíonn an próiseas FDC, in éineacht le roinnt gníomhaíochtaí rialachais, riosca agus rialaithe eile ar fud Ervia, leis an mBord a shéala a chur leis an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha.

Déanann an Creat Dearbhaithe Comhtháite gach gníomhaíocht dearbhaithe san eagraíocht a neartú agus a chomhordú tuilleadh ar bhealach struchtúrtha thar an tsamhail "Trí Líne Chosanta". Cinntíonn sé seo go ndéanann Ervia a oiread maoirseachta agus rialaithe agus is féidir ar riosca agus rialachas, ionas gur féidir leis seasmhacht eagraíochtúil a fhorbairt agus go gcloíonn sé le dea-chleachtas chun freastal ar a bhfuil ann d'oibleagáidí comhlíonta agus de riachtanais rialachais. Cuirtear an CIR ar an eolas maidir le torthaí an FDC gach ráithe.

### Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm sheanbhunaithe iniúchta inmheánaigh ag Ervia a bhfuil go leor acmhainní aici agus déanann sé clár oibre a shocraítear leis an CIR a chomhlíonadh. Tuairiscíonn Ceann Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa go díreach don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais (Eatramhach).

Soláthraíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh cur chuige córasach struchtúrtha ar fáil chun éifeachtúlacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach an Ghrúpa a mheasúnú agus a fheabhsú.

Go háirithe, déanann an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh:

- Measúnú ar nochtadh ar rioscaí a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a áirithiú.
- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht agus measúnú ar éifeachtúlacht phróisis bainistíochta riosca an Ghrúpa.
- Seirbhísí sainchomhairleoireachta a bhaineann le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú a thabhairt chun críche de réir mar is cuí.

### Feidhm Bainistíochta Riosca

Tá feidhm sheanbhunaithe Bainistíochta Riosca ag Ervia a bhfuil dóthain acmhainní aici agus atá freagrach as Creat Riosca Fiontair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, agus as a chinntiú gurb ann do na scileanna cuí agus don taithí chuí bainistíochta riosca san eagraíocht. Tuairiscíonn Ceann na Bainistíochta Riosca don Phríomhoifigeach Airgeadais

(Eatramhach) agus freastalaíonn an duine sin ar gach cruinniú CIR.

Déanann an fheidhm Bainistíochta Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- Cinntíonn sí go mbíonn próisis agus maoirseacht leordhóthanach chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na rioscaí atá ann do Ervia a aithint, a thomhas, a bhainistiú agus a thuairisciú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu.
- a chinntiú go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Ervia, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le feiceáil níos mó agus níos mó, agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís. Áirítear leis sin cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta nó na straitéisí cuí maolaithe agus an éifeacht a bhíonn leo.
- Déanann sí cultúr oiriúnach bainistíochta riosca a dhaingniú.

## Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe

Anuas ar na príomhstruchtúir thuas, tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm agus tá na gnéithe seo a leanas inti:

- Freagracht na bainistíochta ag gach aon leibhéal as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca thar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach.
- Próisis sheanbhunaithe chun nádúr, fairsinge agus tionchar airgeadais na rioscaí gnó atá ag bagairt ar an nGrúpa a aithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha. I measc na bpróiseas eile chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú, déantar measúnú ar an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta agus ar chumas an Ghrúpa na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú trí mheán pleananna agus straitéisí lena mbaineann.
- Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir, ina bhfuil teorainneacha sainithe údaraithe agus meicníochtaí um thuairisciú chuig leibhéil níos airde den lucht bainistíochta agus den Bhord.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil faoi réir fhaomhadh an Bhoird.
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais. Tugtar tuairisc ar thorthaí iarbhír míosúla carnacha de réir an bhuiséid agus déanann an Bord breithniú orthu ar bhonn míosúil. Ceistíonn an Bord difríochtaí agus tugtar faoi bheart feabhsúcháin más cuí.
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird le haghaidh tionscadal mór caipitiúil, agus déanann Coiste Infheistíochta/ Bonneagair dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach.
- Leithscaradh cuí na ndualgas agus doiciméadú na nósanna imeachta agus na rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath.
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta a chur le chéile gach ráithe, agus ar an mbealach sin is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cuspóirí fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, treochtaí a mheasúnú agus gníomh a ghlacadh i gcás difríochtaí.
- Próiseas bainistíochta riosca a chumasaíonn rioscaí a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhaint amach cuspóirí comhaontaithe don ghnó agus déanamh cinnte go bhfuil bearta agus rialuithe cuí um maolú curtha i bhfeidhm.
- Coiste Bainistíochta Riosca don Ghrúpa a ndéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach) cathaoirleacht air agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchta agus Riosca.
- Cód Iompair a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí leis na caighdeáin eitice is airde.
- Clár cuimsitheach frith-chalaoise a chuimsíonn beartas frith-chalaoise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois. Seoladh tionscnamh in 2019 ar fud an Ghrúpa chun ionracas a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticiúil. Mar chuid den tionscnamh sin, rinneadh athbhreithniú ar an gCreat Frith-Chalaoise chun deiseanna a aithint le feasacht a ardú ar fud na heagraíochta. Rinne Bord Ervia roinnt beartais a bhaineann le heitic, an Cód Iompair Ghnó, an Beartas Frith-Chalaoise agus an Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta san áireamh, a nuashonrú agus a cheadú. Leanfar ar aghaidh leis an tionscnamh in 2020.
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Déanann an lucht bainistíochta agus na feidhmeanna Iniúchta Inmheánaigh agus Bainistíochta Riosca monatóireacht air sin.
- Athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin ag iniúchadh inmheánach agus bainistíocht riosca. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear le measúnú riosca.
- Measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh ina dtugtar faoi mheasúnú riosca leathan, ina ndéantar athbhreithniú ar oibriú agus éifeachtúlacht na bpríomhbheartas agus príomhphróiseas rialaithe, ina ndéantar tuairisciú féinmheasúnaithe maidir le rialú inmheánach agus ina ndéantar tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, le tacaíocht gníomhaíochtaí dearbhaithe an Riosca, an Iniúchta Inmheánaigh agus an Iniúchta Sheachtraigh.

Níor tarraingíodh aird ar aon saincheist ábhartha inár dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh in 2019.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe maidir le nósanna imeachta rialaithe a mhonatóiriú. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, go pras. Is é an ardbhainistíocht laistigh de Ervia atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh, obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus an CIR a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, a dhéanann eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú Ervia ar éifeachtúlacht a bhainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialaithe.

Deimhníonn an Bord go bhfuil an mhonatóireacht leanúnach seo a leanas ar siúl ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca:

- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an gclár um iniúchadh inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus torthaí.

## Tuarascáil an Bhoird (ar lean.)

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairisciú rialta ón iniúchadh inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ráithiúla bainistíochta riosca Choiste Bainistíochta Riosca an Ghrúpa ar rioscaí, rialuithe agus stádas feidhmithe na bpleananna gnímh.
- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an tuairisc ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach) ar a éifeachtúla is atá na córais um rialú inmheánach, idir rialú airgeadais agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí dearbhaithe comhtháite ar dhearbhú an Aonaid Ghnó maidir leis an gcóras um rialú inmheánach.

Tá creat láidir ag Ervia d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúla atá siad, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca. Tá an Bord sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó.

### Soláthar

Tá córais láidre agus éifeachtacha i bhfeidhm chun a chinntiú, de réir mar is cuí, go gcomhlíontar na prionsabail, riachtanais agus treoirlínte ábhartha sa Chód Caiteachais Phoiblí.

Sonraítear i mBeartas Soláthair Ervia (PD02) na nósanna imeachta a leanfaidh an Grúpa chun tacú le riachtanais soláthair san eagraíocht. Mar gheall ar chur i bhfeidhm PD02, déantar cinnte de go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha a bhaineann le soláthar poiblí, go mbainistítear próisis tairisceana go cuí agus go gcaomhnaítear rialachas agus maoirseacht bhainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud an Ghrúpa.

Leagtar amach i mBeartas Údaraithe Airgeadais agus Ceaduithe Conarthaí Ervia (PD03) an creatlach rialachais maidir le caiteachas airgeadais a chuirtear i bhfeidhm ar chaiteachas caipitil agus oibriúcháin. Ní mór do gach údarú caiteachais cloí le riachtanais an Chreatlaigh Rialachais Ervia agus PD03.

Cuirtear oiliúint ar fáil do bhaill foirne ar fud an Ghrúpa maidir le cur i bhfeidhm PD02 agus PD03.

Anuas ar na riachtanais soláthair náisiúnta agus AE, ní mór do chaiteachas caipitil cloí le haon riachtanais a d'fhéadfadh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a leagadh síos, riachtanais a bhaineann leis an gcomhshaol agus pleanáil agus tosaíochtaí bonneagair. Úsáidtear modhanna cuí measúnaithe infheistíochta i dtaca le tionscadail chaipitil agus cláir chaipitil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar chinnteoireacht éifeachtach. Déantar tionscadail chaipitil a mheasúnú agus a chur i gcrích ar aon dul le próiseas 5 chéim.

Is é an bonn ar a bhfeidhmíonn an próiseas ceangaltas caipitil d'Ervia, Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann go n-iarrann gach cuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré do chlúdach foriomlán ceangaltas caipitil a rachaidh gach cuideachta iontu sa chéad bhliain airgeadais eile.

Cuirtear conarthaí a bhfuil a luach os cionn €3.5 milliún faoi bhráid Choiste Ceadaithe Conarthaí an Ghrúpa lena n-athbhreithniú agus a gceadú. Faomhann Bord Ervia agus Bord na fochuideachta ábhartha gach caiteachas caipitil a bhfuil luach os cionn €10m aige.

Iarrann Líonraí Gáis Éireann ceadanna ar leith ón Aire sula ndéanann sé aon cheangaltas i leith aon tionscadal aonair caipitil a bhfuil costas €20m nó os a chionn ag baint leis ó thaobh an chaiteachais rialaithe de, agus €10m nó os a chionn ó thaobh an chaiteachais neamhrialaithe de. Iarrann Uisce Éireann ceadanna ón Aire sula ndéanann sé aon cheangaltas i leith aon tionscadal aonair caipitil a bhfuil costas €20m nó os a chionn ag baint leis. Cuirtear ceadanna ón Aire faoi bhráid na máthair-Roinne (an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ('RTPRÁ')) agus aon roinn rialtais ábhartha eile a bhfuil baint aici leis an bpróiseas ceadaithe don iarratas áirithe sin. Anuas air sin, cuirtear iarratais ar chead ó Aire faoi bhráid NewERA. Soláthraíonn NewERA comhairle airgeadais agus thráchtála ar leith don RTPRÁ sula dtugann Aire cead.

Tugtar an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le stádas na dtionscadal agus na gclár caipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh, lena n-áirítear an t-eolas is déanaí maidir le cur i bhfeidhm i gcomparáid leis an bplean, sceidil agus cáilíocht. Cuirtear tuairiscí buiséid agus difríochta faoi bhráid an Bhoird chomh maith. Tá cuspóirí ar leith ag gach tionscadal a ndéantar iad a thomhas dá réir. Áirítear le tairiscintí agus conarthaí ina dhiaidh sin Eochairtháscairí Feidhmíochta (ETFanna) a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn thréimhse an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe iarthionscadail agus tuairiscí deiridh airgeadais faoi bhráid Bhoird na bhfochuideachtaí, an Choiste Infheistíochta/Bonneagair de chuid Ervia agus Bhord Ervia lena measúnú. Déanann cruinnithe deiridh tionscadal éascaíocht ar chur chuige 'ceachtanna a foghlaimíodh'. Cuirtear na ceachtanna sin i bhfeidhm maidir le tionscadail atá ann, agus a bheidh ann, ar fud na heagraíochta.

Faoi láthair, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an nGrúpa ar a phróiseas ceadaithe caiteachais chaipitil chun a chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an treoir sa Chód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Nollaig 2019, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020. Mar chuid den anailís sin, aithneofar feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na céimeanna pleanála, cuir i bhfeidhm agus cuir i gcrích atá ann maidir le tionscadail chaipitil, ionas go n-ailíneofar iad a thuilleadh le riachtanais luacha ar airgead maidir le tionscadail infheistíochta phoiblí a mheasúnú, a phleanáil agus a bhainistiú d'Éirinn.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Ghrúpa Ervia maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoin RGCS.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhníonn an Bord go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialú airgeadais, oibriúcháin agus comhlíontachta agus córais bainistíochta riosca le haghaidh 2019 agus go ndéanfaidh sé athbhreithniú

# Conclúid

den chineál céanna in 2020. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe.

## Tuairisciú ar Rialú Inmheánach

Tá bainistíocht á déanamh fós ag Uisce Éireann ar líon mór sócmhainní le bonneagar atá ag dul in aois agus a dteastaíonn infheistíocht mhór uaidh. Bíonn dúshláin leanúnacha roimhe ar a bhealach chun spriocanna an phlean ghnó a sheachadadh. Lean na príomhnósanna imeachta rialaithe, oibríocht phrótacail na nÚdarás Áitiúil faoi Chomhaontuithe Seirbhíse a dhéanann bainistíocht ar na próisis idirghníomhaíochta idir Uisce Éireann agus Údaráis Áitiúla, ag fabhrú agus ag forbairt in 2019. D'oibrigh Uisce Éireann lena chomhpháirtithe Údaráis Áitiúil faoi na Comhaontuithe Seirbhíse atá ann cheana chun seirbhísí uisce a sholáthar. Chomh maith leis sin, lean sé ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar phleananna chun an tseirbhís a aistriú ina fóntas nua-aimseartha poiblí. Le linn 2019, fanadh i dteagmháil, tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, le roinnt páirtithe, lenar áiríodh Uisce Éireann, lucht bainistíochta Údarás Áitiúil, RTPRÁ agus ceardchumainn éagsúla a dhéanann ionadaíocht ar fhoireann Sheirbhísí Uisce Údarás Áitiúil. I ndiaidh don Aire litir a sheoladh chuig an gComhchoiste Oireachtais in Iúil 2019 maidir le reifreann faoi úinéireacht phoiblí seirbhísí uisce a fhéadfar a reáchtáil amach anseo, rinneadh an cheist sin a phlé go dtí deireadh 2019, plé a d'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Táthar ag súil leis go mbeidh cruinnithe eile ar siúl le linn 2020. Tá Uisce Éireann ag leanúint leis na córais, na próisis agus na nósanna imeachta atá riachtanach chun rialuithe airgeadais inmheánaigh daingne a chinntiú trí bheartais agus creat rialaithe inmheánaigh Ervia a chur i bhfeidhm. Mar chuid dá chreat rialaithe in 2019, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil Uisce Éireann fós ag brath ar rialuithe áirithe arna n-oibriú ag na hÚdaráis Áitiúla thar a cheann.

Le linn do na hiniúchtaí inmheánacha a bheith á gcur i bhfeidhm in 2019, níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa timpeallacht rialaithe inmheánaigh nach bhfuiltear tar éis déileáil leo nó nach bhfuiltear ag déileáil leo faoi láthair, nó nach bhfuil curtha ar a súile do CIR Ervia i gcaitheamh na bliana.

## Bainistíocht Riosca

Rinne an Bord measúnú forleathan ar na príomhrioscaí a bhí ann don eagraíocht i rith 2019. Leagtar amach na rioscaí agus na rialuithe nó gníomhartha maolaithe seo ar leathanaigh 26-27.

## Caidreamh leis an Scairshealbhóir

Feidhmíonn Ervia go neamhspleách óna Mháthair-Roinn (an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil) agus glacann sé páirt i gcomhairliúchán leanúnach agus gníomhach lena Máthair-Roinn de réir mar a éilíonn reachtaíocht agus an Cód.

## Ráiteas Comhlíontachta

Agus a Bheartas Rialachais Chorparáidigh á fhorbairt ag an mBord chun déanamh cinnte go gcomhlíonann sé a ról go héifeachtach, rinne an Bord iarracht feidhm a thabhairt don Chód. Thuairiscigh an Cathaoirleach don Aire maidir le comhlíonadh an Chóid le linn na bliana airgeadais.

## Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Ní raibh aon leas ag na Comhaltaí Boird in Ervia ná a chuid fochuideachtaí i rith na bliana. Tá an Bord sásta go bhfuil a chuid comhaltaí saor ó aon chaidrimh ghnó nó eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ábhartha acu, nó a d'fhéadfadh go mba chosúil go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar chleachtadh a mbreithiúnais neamhspleách. Féadfaidh comhaltaí Boird poist stiúrthóireachta nó feidhmiúcháin a bheith acu nó spéis a chur i gcuideachtaí tríú páirtí, lena n-áirítear bainc agus institiúidí airgeadais, a bhféadfadh go ndéanfadh cuid acu (nó a bhfochuideachtaí), mar chuid de ghnáthchúrsaí gnó, idirbhearta go neamhspleách le Ervia. Scaoileann na comhaltaí Boird uile le haon leas nó gabhann siad a leithscéal agus fágann siad plé agus cinntí Boird sa chás go mbíonn siad faoi choimhlint nó go mbíonn leas díreach nó indíreach de réir an Chóid acu. I gcásanna den sórt sin, coimeádtar taifead ar leithligh (nach bhfuil rochtain ag an gComhalta Boird) air.

## Measúnú Feidhmiúcháin

Faomhann an Bord buiséad bliantúil a thacaíonn leis na pleananna corparáideacha. Déantar measúnú bliantúil ar fheidhmiúchán iarbhír i gcomparáid leis an bplean agus buiséad. Tugtar breithniúchán cuimsitheach san Athbhreithniú Oibriúcháin idir leathanaigh 35-44.

## Taifid Chuntasaíochta

Creideann na comhaltaí Boird gur chuir siad córais agus acmhainní cuí ar fáil, lena n-áirítear pearsanra oiriúnach cáilithe cuntasaíochta a cheapadh ag a bhfuil taithí oiriúnach, chun cuntais chuí chuntasaíochta a choinneáil ar fud na heagraíochta d'fhonn oibleagáid Ervia a chomhlíonadh. Tá leabhair cuntais Ervia á gcoinneáil ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

## Iniúchóir Seachtrach

I ndiaidh an phróiseas tairisceana a chur i gcrích, fuarthas cead ón Aire ar an 25 Márta 2019 chun Deloitte Ireland LLP a cheapadh mar iniúchóir seachtrach do Ghrúpa Ervia do na blianta 2019, 2020 agus 2021.

## Gnóthas Leantach

Ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh fad is a bhíonn an Bord, tar éis dó na fiosrúcháin chuí a dhéanamh, sásta go bhfuil na hacmhainní cuí ag Ervia leanúint ar aghaidh i bhfeidhm go ceann tamall fada.

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Tony Keohane**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord

# Tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca

Mar chathaoirleach ar Choiste Iniúchta agus Riosca Ervia, tá áthas orm tuarascáil an Choiste Iniúchta agus Riosca don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 a chur faoi bhur mbráid.

**Keith Harris**
Cathaoirleach an Choiste



De réir an struchtúir boird aonadaigh atá i bhfeidhm in Ervia, tá an Coiste Iniúchta agus Riosca ("an Coiste") bunaithe ag leibhéal Ghrúpa Ervia agus feidhmíonn sé ar son Ervia agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa"). Tugann an tuarascáil seo léargas ar obair an Choiste le 12 mhí anuas agus tugann sí eolas ar an mbealach ar chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí faoina Théarmaí Tagartha agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("An Cód").

Tá go leor ama caite ag an gCoiste i gcaitheamh na bliana ar a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh. Chuaigh sé i dteagmháil le hardbhainistíocht, iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus iniúchóir reachtúil an Ghrúpa ar bhonn rialta. Anuas air sin, d'fhonn a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach, thug sé faoi chlár iomlán athbhreithnithe le linn a chruinnithe i rith na bliana.  D'fhonn a phríomhfhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh, buaileann Cathaoirleach an Choiste leis an ardbhainistíocht, iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus iniúchóir reachtúil an Ghrúpa as féin ar bhonn rialta.

## Ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste ná tacú le Ervia i ndáil lena fhreagrachtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- Tuairisciú airgeadais
- Bainistíocht riosca
- Rialuithe Inmheánacha
- Iniúchadh inmheánach
- Iniúchadh seachtrach
- Gníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta, frith-chalaois agus frith-bhreabaireacht agus frith-éillitheacht.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste le Bord Ervia maidir le hábhair a phléitear ag gach cruinniú Coiste, agus faigheann an Bord miontuairiscí an Choiste ar fad. Leagtar amach go mion i dTéarmaí Tagartha an Choiste róil agus freagrachtaí

an Choiste agus tá fáil orthu ar shuíomh gréasáin Ervia (www.ervia.ie). Déantar athbhreithniú orthu gach bliain.

## Comhaltas

Tá ceathrar Comhaltaí neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin de chuid Bhord Ervia ar an gCoiste. Ceapann Bord Ervia, i gcomhairle le Cathaoirleach an Choiste, Comhaltaí an Choiste. Féach Tuarascáil an Bhoird ar leathanach 51 le haghaidh sonraí maidir le ballraíocht agus le tinreamh ag cruinnithe. Tá an Coiste neamhspleách ó lucht bainistíochta an Ghrúpa.

## Tuairisciú Airgeadais

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar iomláine phróiseas ullmhúcháin Ráiteas Airgeadais an Ghrúpa agus as athbhreithniú a dhéanamh ar na breithiúnais tuairiscithe airgeadais atá iontu, thar ceann Bhord Ervia. Ullmhaíonn foireann airgeadais a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas cuí aici na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú ar na dréachtráitis airgeadais sular mhol siad go ndéanfadh an Bord iad a fhaomhadh. Chomh maith leis sin, rinne an Coiste athbhreithniú ar ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann sular fhaomh an fobhord ábhartha iad. Scrúdaigh an Coiste oiriúnacht na mbeartas agus caighdeán suntasach cuntasaíochta, na meastachán agus na mbreithiúnas a úsáideadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, mar aon le soiléireacht agus críochnúlacht na nochtuithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais, agus phléigh an Coiste na nithe sin leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (Eatramhach), leis an bPríomhoifigeach Airgeadais (Eatramhach) agus leis an iniúchóir seachtrach.

## Bainistíocht Riosca

Tá an Coiste freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Ghrúpa, forbairtí ó thaobh príomhrioscaí de agus dul chun cinn ó thaobh soláthar na spriocphróifíle riosca, thar ceann Bhord Ervia, rud a ligeann do Bhord Ervia a dheimhniú gach bliain go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí an Ghrúpa.

Le linn na bliana, rinne an Coiste athbhreithniú, i gcomhpháirt leis an ardbhainistíocht, ar phróifíl riosca an Ghrúpa, a bheartais um bhainistiú riosca, a neamhchosaintí ar rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís, agus a fhonn riosca is a spriocphróifíl, agus rinneadh é seo chun go bhfaomhfadh Bord Ervia é.  Rinne an Coiste athbhreithniú ar chuir i láthair ar roinnt príomhrioscaí agus phléigh sé leis an ardbhainistíocht na rialuithe inmheánacha ábhartha atá ann chun na rioscaí sin a mhaolú.

## Rialuithe Inmheánacha

Tá an Coiste freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a iomláine is atá córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cuireadh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe nó nár cuireadh agus cibé acu an dtugann sé réamhrabhadh cuí maidir le haon chliseadh agus riosca atá ag teacht chun cinn.

Tá freagracht ag Ervia faoin gCód as a chinntiú go gcoinnítear agus go gcuirtear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm. Déanann Ervia an fhreagracht seo a bhainistiú ar fud an ghnó tríd an ardbhainistíocht agus an "Fóram Dearbhaithe Comhtháite", ar grúpa bainistíochta é a chomhthiomsaíonn fianaise ó na gníomhaíochtaí éagsúla rialaithe a dhéantar sa Ghrúpa d'fhonn íomhá chuimsitheach a chruthú de rialú agus riosca inmheánach. Tuairiscíonn an Fóram Dearbhaithe Comhtháite don Phríomhoifigeach Airgeadais (Eatramhach). Cuireann sé tuiscint níos fearr ar fáil ar na gníomhaíochtaí dearbhaithe atá i bhfeidhm agus déanann sé moltaí maidir le feabhas a chur orthu, d'fhonn riosca a mhaolú agus maoirseacht rialachais a uasmhéadú, agus chomh maith leis sin tacaíonn sé le haon bhearna dearbhaithe a aithint agus a réiteach.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá an Coiste, thar ceann an Bhoird, freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus scóip na feidhme iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear a phleananna, gníomhaíochtaí agus acmhainní d'fhonn a chinntiú gur féidir leis athbhreithniú éifeachtach a dhéanamh ar oibriúchán rialuithe an Ghrúpa maidir le rioscaí suntasacha laistigh den Ghrúpa.

Le linn 2019, rinne an Coiste athbhreithniú ar na pleananna agus ar an obair a rinne Iniúchadh Inmheánach le linn na bliana agus ar na bearta a theastaíonn ón lucht bainistíochta dá bharr. Chuir an Ceann Iniúchta Inmheánaigh an Coiste ar an eolas go minic faoi thorthaí na n-athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh. Chomh maith leis sin, rinne an Coiste measúnú ar dhul chun cinn lucht na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, nádúr, réim agus tráthúlacht a chuid freagraí san áireamh. Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean bliantúil bunaithe ar riosca um iniúchadh inmheánach do 2020 agus ghlac sé leis, plean a chuimsíonn na hacmhainní a theastaíonn, agus rinne sé measúnú ar fhócas an iniúchta inmheánaigh a ailíniú leis na réimsí is mó riosca a bhfuil an Grúpa ag tabhairt aghaidhe orthu.

Seoladh tionscnamh in 2019 i nGrúpa Ervia chun ionracas a chur chun cinn agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hiompar eiticiúil. Mar chuid den tionscnamh sin, rinneadh athbhreithniú ar an gCreat Frith-Chalaoise chun deiseanna a aithint le feasacht a ardú ar fud na heagraíochta. Rinneadh an tsraith de bheartais chorparáideacha a bhaineann le heitic a nuashonrú freisin agus mhol an Coiste do Bhord Ervia na hathruithe a cheadú.

# Tuairisc an Choiste Iniúchta agus Riosca (ar lean)

## Iniúchadh Seachtrach

Is é an Coiste atá freagrach, thar ceann Bhord Ervia, as monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchta sheachtraigh. Rinne an Coiste monatóireacht ar iomláine ráitis airgeadais an Ghrúpa agus rinne sé athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus ar na saincheisteanna tuairiscithe airgeadais iontu, agus aird á tabhairt ar ábhair a chuireann an t-iniúchóir seachtrach in iúl dó. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar phleananna, tuairiscí agus torthaí an iniúchóra sheachtraigh maidir leis an iniúchadh, agus phléigh sé iad leis an iniúchóir. Rinne an Coiste athbhreithniú ar litir an iniúchóra sheachtraigh chuig an lucht bainistíochta tar éis an iniúchta agus ar na freagraí a thug an lucht bainistíochta.

Tá an Coiste freagrach freisin, thar ceann Bhord Ervia, as tionscnamh na dtairiscintí iniúchta, as an bpróiseas roghnúcháin don iniúchóir seachtrach, agus as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus luach saothair an iniúchóra sheachtraigh. I ndiaidh próiseas tairisceana a chur i gcrích le linn 2018/2019, fuarthas cead ón Aire ar an 25 Márta 2019 chun Deloitte Ireland LLP a cheapadh mar iniúchóir seachtrach do Ghrúpa Ervia do na blianta 2019, 2020 agus 2021.

Déanann an Coiste bearta cuí chun a chinntiú go gcoimeádtar caidreamh oibiachtúil gairmiúil leis an iniúchóir seachtrach. Le linn na bliana, rinne an Coiste measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúchóra, agus mar chuid de sin rinneadh athbhreithniú ar:

- Nádúr agus fairsinge na seirbhísí arna soláthar, agus na táillí arna dtuilleamh, as obair iniúchta agus obair neamhiniúchta arna ndéanamh ag an iniúchóir seachtrach.
- Cloí le beartas an Ghrúpa a rialaíonn soláthar sheirbhísí neamhiniúchta don Ghrúpa trína bhfuil rialacha agus teorannacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamhiniúchta nach bhfuil aon choimhlint leasa ag baint leo.
- Dearbhuithe soláthartha ag an iniúchóir seachtrach maidir leis sin.

Leagtar amach táillí seirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais. Níor tharla sé gur fostaíodh an t-iniúchóir chun seirbhísí a chur ar fáil a measadh go dtiocfadh coimhlint leasa dá mbarr i rith na bliana. Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh an iniúchóra sheachtraigh leis an treoir ábhartha rialála, eitice agus ghairmiúil. Tá an Coiste sásta go bhfuil Deloitte Ireland LLP neamhspleách agus oibiachtúil chomh maith.

Déantar éifeachtacht an iniúchóra sheachtraigh a athbhreithniú gach bliain. Díríonn an measúnú ar ábhair cosúil le daingne an phróisis iniúchta, an fhoireann iniúchta, cumarsáid agus rialachas. Bhí an t-athbhreithniú sásúil ar an iomlán. I rith na bliana, bhuail na hiniúchóirí seachtracha go príobháideach leis an gCoiste, gan aon chomhaltaí bainistíochta a bheith i láthair.


Is Eintiteas Leasa Phoiblí (PIE) í fochuideachta de chuid Ervia, Líonraí Gáis Éireann, toisc go bhfuil fiach atá liostáilte ar mhargadh rialáilte aici. Mar thoradh air seo, ní fhéadfadh a iniúchóir ach na seirbhísí sin nach seirbhísí iniúchta a chur ar fáil a cheadaítear d'Eintitis Leasa Phoiblí i gcomhréir le Treoir AE (2006/43/EC arna leasú le Treoir 2014/56 AE). Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na rialach sin le linn na bliana. Cloíonn an Coiste go beacht leis an teorainn táille 70% do sheirbhísí nach seirbhísí iniúchta iad a leagtar síos in Alt 4 de Rialachán (AE) Uimhir 537/2014.

## Éifeachtúlacht an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtúlacht féin. In 2019, rinneadh an t-athbhreithniú go hinmheánach trí ceistneoirí féinmheasúnaithe agus bhí an t-athbhreithniú iomlán sásúil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne Peter Cross, iar-Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca, a ndeachaigh a théarma oifige in éag in Eanáir 2020.

Thar ceann an Choiste Iniúchta agus Riosca:



**Keith Harris**

Cathaoirleach, an Coiste Iniúchta agus Riosca
31 Márta 2020

# Ráitis Airgeadais

| | |
|---|---|
| 63 | Ráitis Airgeadais |
| 64 | Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia |
| 66 | Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa |
| 67 | Ráiteas an Ghrúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile |
| 68 | Clár Comhardaithe an Ghrúpa |
| 69 | Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa Chothromas |
| 70 | Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid |
| 71 | Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa |
| 119 | Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta |
| 120 | Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile |
| 121 | Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta |
| 122 | Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas |
| 123 | Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid |
| 124 | Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig Comhaltaí Ervia

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Ervia

Dar linne, tugann ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta:

- léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta ar an 31 Nollaig 2019, agus ar bhrabús an ghrúpa agus na máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar críoch an dáta sin; agus
- rinneadh iad a ullmhú go cuí de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheangaltais na nAchtanna Gáis 1976 go 2009.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais a rinneamar iniúchadh orthu:

**ráitis airgeadais an Ghrúpa:**

- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 29, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach iad i nóta 1(f).

**ráitis airgeadais na Máthairchuideachta:**

- Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 17.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm mar ullmhúchán do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ná na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### Bonn le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí infheidhme. Déantar cur síos thíos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa mhír "Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais" den tuarascáil seo.

Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta de réir na gceanglas eiticiúil a mbaineann leis an iniúchadh a dhéanaimid ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuaireamar leordhóthanach agus cuí chun bonn a chur faoinár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas ina dteastaíonn ón gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) tuairisciú a dhéanamh nuair:

- a mheastar go bhfuil úsáid mhíchuí á baint ag an mBord as prionsabal cuntasaíochta an leanúnachais in ullmhúchán na ráitis airgeadais; nó
- más rud é nach ndearna an Bord neamhchinnteacht ábhartha a aithníodh a nochtadh sna ráitis airgeadais, rud a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta prionsabal cuntasaíochta an leanúnachais a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar a ndéantar na ráitis airgeadais a údarú lena n-eisiúint.

### Eolas eile

Tá an Bord freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas a chuirtear san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúchóra ina leith. Ní chlúdaíonn ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, seachas sa mhéad agus a mhaítear é sin go follasach inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál conclúid ráthaíochta ina leith.

Maidir leis an iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais, is í ár bhfreagracht an t-eolas eile a léamh agus, dá bharr sin, a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó an bhfuil nó nach bhfuil an chuma air go ndearnadh an t-eolas a fuaireamar san iniúchadh nó ar aon bhealach eile á mhíshonrú go hábhartha. Má aithnímid a leithéid de neamhréireacht ábhartha nó de mhíshonrú ábhartha dealraitheach, tá sé de cheanglas orainn a dheimhniú cibé acu an ndearnadh an t-eolas a mhíshonrú go hábhartha, nó nach ndearnadh, agus tá sé de dhualgas orainn é sin a thuairisciú. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go gcinnimid go ndearnadh míshonrú ábhartha den eolas eile seo, tá sé de dhualgas orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Freagrachtaí an Bhoird

Mar a míníodh go mionsonrach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird, tá an Bord freagrach as ullmhúchán na ráiteas airgeadais agus as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, ráitis atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid is cúis leis sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, tá an Bord freagrach as meastachán a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar gnóthas leantach, ag nochtadh, más infheidhme sin, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as prionsabal cuntasaíochta an leanúnachais mura bhfuil sé i gceist aige an Grúpa agus an Mháthairchuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena n-oibriúcháin, nó mura bhfuil aon dara rogha réasúnta ann ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais

Is í an aidhm atá againn ná ráthaíocht réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid is cúis leis, agus tuairisc iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim

ag gabháil léi. Is ionann ráthaíocht réasúnta agus leibhéal ard ráthaíochta, ach ní hionann í agus ráthaíocht a thabhairt go ndéanfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) gach míshonrú dá bhfuil ann a bhrath i gcónaí. Féadann míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonair nó le chéile, go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíochta a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchóireacht i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire), déanaimid breithiúnas gairmiúil agus coinnímid sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta ar fad. Agus:

- Na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais a aithint agus a mheasúnú, cibé acu an calaois nó earráid is cúis leis sin, agus nósanna imeachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin d'fhonn fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus cuí agus gur féidir linn í a úsáid mar bhonn dár dtuairimí. Tá an riosca a bhaineann le teip mhíshonrú ábhartha a bhrath níos airde ná an riosca a bhaineann le teip earráid a bhrath, ós rud é go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist.
- Tuiscint ar an rialú inmheánach a fháil atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca; ach ní ar mhaithe le tuairim a thabhairt maidir le héifeachtúlacht rialú inmheánach an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.
- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta, ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus ar na nochtuithe a rinne na stiúrthóirí.
- Cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht úsáid an Bhoird de phrionsabal cuntasaíochta an leanúnachais agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a baineann le himeachtaí nó coinníollacha agus a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé de dhualgas orainn inár dtuairisc iniúchóra aird a tharraingt ar na nochtuithe sna ráitis airgeadais nó, má bhíonn na nochtuithe sin easnamhach, ár dtuairim a choigeartú. Tá ár gcinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuairisc an iniúchóra. É sin ráite, d'fhéadfadh teagmhais nó coinníollacha a tharlaíonn sa todhchaí cosc a chur ar an eintiteas (nó, más iomchuí, an Grúpa) feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais - nochtuithe san áireamh - a mheasúnú agus cinneadh cibé acu an bhfreagraíonn na ráitis airgeadais do na bunidirbhearta agus na bunteagmhais go fírinneach cóir nó nach bhfreagraíonn.
- Fianaise iniúchta leordhóthanach chuí a fháil ó thaobh an eolais airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó laistigh den Ghrúpa d'fhonn a bheith in ann tuairim a thabhairt faoi na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Tá iniúchóir an Ghrúpa freagrach as treorú, maoirseacht agus feidhmíocht iniúchadh an Ghrúpa. Is é iniúchóir an Ghrúpa amháin atá freagrach as an tuairim iniúchta.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialú maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú an iniúchta agus na torthaí is suntasaí a eascraíonn ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnamh suntasach sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir i rith an iniúchta.

Is do chomhaltaí Ervia amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le hAlt 15 den Acht Gáis 1976. Déanaimid ár n-obair iniúchta ionas gur féidir linn na hábhair sin a lua do chomhaltaí na Máthairchuideachta a bhfuil mar dhualgas againn iad a lua i dtuairisc iniúchóra agus chun na críocha sin amháin. Sna téarmaí is leithne agus is féidir a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid freagracht a admháil ná a ghlacadh d'aon ghrúpa seachas Ervia agus a chomhaltaí mar chomhlacht, as an obair iniúchta, as an tuairisc seo, ná as aon cheann de na tuairimí a tháinig muid orthu.

# Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

## Ábhair a bhfuil dualgas orainn iad a thuairisciú

Bunaithe ar an obair a rinneamar i rith an iniúchta amháin, tuairiscímid:

- Go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a cheapamar a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta.
- Dar linne, rinne an Mháthairchuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil.
- Tá Ráiteas Ioncaim agus Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta
- Dar linne, tá an t-eolas a thugtar i dTuarascáil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Ábhair a bhfuil sé de dhualgas orainn iad a thuairisciú mar eisceacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), tá sé de dhualgas orainn a thuairisciú duit más rud é nach bhfreagraíonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaí a éilítear faoin gCód Cleachtais, arna chuimsiú sa Ráiteas um Rialachas Corparáideach i dTuarascáil an Bhoird, le comhlíonadh an Ghrúpa le halt 1.9(iv) den Chód Cleachtais, nó mura bhfuil an ráiteas sin ag teacht leis an eolas a tugadh le fios dúinn i rith ár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.



**Kevin Sheehan**

Le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil

Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Dáta: 31 Márta 2020

Nótaí: Ní thugann iniúchadh ráthaíocht maidir le cothabháil agus ionracas an tsuímh ghréasáin, lena n-áirítear na rialuithe a úsáidtear chun é sin a bhaint amach, agus ach go háirithe, maidir le cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh athruithe ar na ráitis airgeadais ón am a foilsíodh ar dtús iad. Is faoi fhreagracht na stiúrthóirí atá na hábhair seo ach ní féidir le haon nós imeachta rialaithe ráthaíocht iomlán a thabhairt sa réimse seo.

Tá an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa

## don (bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019)

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 3 | 469,863 | 487,183 |
| Costais oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh (glan) a chur san áireamh) | 4 | (188,795) | (192,470) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **281,068** | **294,713** |
| Dímheas agus amúchadh | 7 | (136,361) | (131,067) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **144,707** | **163,646** |
| Ioncam airgeadais[1] | 8 | 1,572 | 1,397 |
| Costais airgeadais[1] | 8 | (22,842) | (24,043) |
| Glanchostais airgeadais | 8 | (21,270) | (22,646) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **123,437** | **141,000** |
| Costas na cánach ioncaim[1] | 9 | (18,160) | (18,950) |
| **Brabús don bhliain** | | **105,277** | **122,050** |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | 105,277 | 122,050 |
| **Brabús don bhliain** | | **105,277** | **122,050** |

[1]Rinneadh nochtuithe 2018 a léiriú chun comparáidí le nochtuithe 2019 a thaispeáint - breathnaigh ar nóta 1(b).

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 Márta 2020 |
| **Tony Keohane** | **Keith Harris** | Dáta Faofa |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | |

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 27, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | 105,277 | 122,050 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais:** | | | |
| (Caillteanais)/gnóthachain plean sochair sainithe | 20 | (43,196) | 39,147 |
| Ioncam ó cháin/(chostais) iarchurtha a bhaineann le hoibleagáidí sochair shainithe | 9 | 5,400 | (4,893) |
| **Iomlán na míreanna nach ndéanfar a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais** | | **(37,796)** | **34,254** |
| | | | |
| **Nithe gur féidir iad a athaicmiú níos déanaí chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais:** | | | |
| Difríochtaí aistrithe a eascraíonn ó chomhdhlúthú fochuideachtaí iasachta | | 2,448 | (418) |
| Gnóthachain luacha chóir ar fhálaithe sreabhaidh airgid | | 1,003 | 917 |
| Cáin iarchurtha ar ghluaiseacht fhálaithe sreabhaidh airgid | 9 | (125) | (115) |
| **Iomlán na nithe gur féidir iad a athaicmiú níos déanaí chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais** | | **3,326** | **384** |
| | | | |
| **Iomlán na (gcostas)/an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim** | | **(34,470)** | **34,638** |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **70,807** | **156,688** |
| | | | |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | 70,807 | 156,688 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **70,807** | **156,688** |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 Márta 2020 |
| **Tony Keohane** | **Keith Harris** | Dáta Faofa |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | |

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 27, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Clár Comhardaithe an Ghrúpa

amhail an 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 10 | 2,508,976 | 2,516,656 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 22,976 | 21,614 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 25 | 16,263 | 13,242 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **2,548,215** | **2,551,512** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 14 | 100,233 | 97,458 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 15 | 105,086 | 131,826 |
| Taiscí srianta | 16 | 17,717 | 26,700 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 25 | 764 | 12,172 |
| Fardail | 13 | 2,578 | 1,675 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **226,378** | **269,831** |
| **Sócmhainní iomlána** | | **2,774,593** | **2,821,343** |
| **Cothromas agus dliteanais** | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | (969,263) | (1,041,186) |
| Cúlchiste um aistriú airgeadra eachtrach | | (3,121) | (673) |
| Cúlchiste fálaithe um shreabhadh airgid | | 503 | 1,381 |
| **Iomlán an chothromais inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Máthairchuideachta** | | **(971,881)** | **(1,040,478)** |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | (1,161,545) | (745,127) |
| Oibleagáidí sochair scoir | 20 | (147,476) | (98,381) |
| Ioncam iarchurtha | 21 | (8,723) | (9,716) |
| Deontais rialtais | 22 | (76,660) | (81,554) |
| Forálacha | 23 | (6,245) | (7,201) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 24 | (14,603) | (6,916) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 25 | (447) | (3,957) |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 9 | (188,013) | (196,130) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(1,603,712)** | **(1,148,982)** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 18 | (42,689) | (446,699) |
| Ioncam iarchurtha | 21 | (10,069) | (8,391) |
| Deontais rialtais | 22 | (6,546) | (6,458) |
| Forálacha | 23 | (4,776) | (5,758) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 25 | (2,764) | (26) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 24 | (128,833) | (162,049) |
| Dliteanais chánach reatha | 9 | (3,323) | (2,502) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(199,000)** | **(631,883)** |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,802,712)** | **(1,780,865)** |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **(2,774,593)** | **(2,821,343)** |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Tony Keohane**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord

31 Márta 2020
Dáta Faofa

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 27, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa Chothromas

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | TUILLEAMH COINNITHE €'000 | CÚLCHISTE UM AISTRIÚ AIRGEADRA EACHTRACH €'000 | CÚLCHISTE FÁLAITHE UM SHREABHADH AIRGID €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | (1,029,071) | (1,091) | 2,183 | (1,027,979) |
| Brabús don bhliain | (122,050) | - | - | (122,050) |
| (Ioncam)/costas cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | (34,254) | 418 | (802) | (34,638) |
| **Iomlán an (ioncaim)/chostais chuimsithigh don bhliain** | **(156,304)** | **418** | **(802)** | **(156,688)** |
| Díbhinní (nóta 19) | 144,189 | - | - | 144,189 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2018** | **(1,041,186)** | **(673)** | **1,381** | **(1,040,478)** |
| Brabús don bhliain | (105,277) | - | - | (105,277) |
| Costas/(ioncam) cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | 37,796 | (2,448) | (878) | 34,470 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **(67,481)** | **(2,448)** | **(878)** | **(70,807)** |
| Díbhinní (nóta 19) | 139,404 | - | - | 139,404 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2019** | **(969,263)** | **(3,121)** | **503** | **(971,881)** |

Inchurtha ar fad i leith sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta.

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 27, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 17 | **235,372** | **301,807** |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltas a bhaineann le díol na Roinne fuinnimh | | - | 20,172 |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | (110,337) | (121,602) |
| Íocaíochtaí do shócmhainní doláimhsithe | | (10,105) | (5,494) |
| Deontais faighte | 22 | 631 | 9,256 |
| **Airgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(119,811)** | **(97,668)** |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Fuascailt nótaí gealltanais | | - | (6,874) |
| Fáltais ó iasachtaí | | 652,823 | 99,662 |
| Aisíocaíocht iasachtaí | | (655,125) | (102,249) |
| Aisíoc na ndliteanas léasa | 11 | (993) | - |
| Díbhinní íoctha | 19 | (139,404) | (139,089) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(142,699)** | **(148,550)** |
| | | | |
| **(Laghdú) / méadú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | 15 | **(27,138)** | **55,589** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 15 | 131,826 | 76,226 |
| Éifeacht luaineachtaí an ráta mhalairte ar airgead tirim a choinnítear | 15 | 398 | 11 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | 15 | **105,086** | **131,826** |

**Nóta:**
Mar a mhínítear i nóta 27, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| 1 | Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta |
| 2 | Faisnéis Rannóige |
| 3 | Ioncam |
| 4 | Costais Oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh san áireamh) |
| 5 | Sochair Fostaithe |
| 6 | Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí |
| 7 | Dímheas agus Amúchadh |
| 8 | Glanchostais Airgeadais |
| 9 | Cáin |
| 10 | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 11 | Léasanna |
| 12 | Sócmhainní doláimhsithe |
| 13 | Fardal |
| 14 | Trádáil agus infháltais eile |
| 15 | Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid |
| 16 | Taiscí Srianta |
| 17 | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 18 | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 19 | Díbhinní |
| 20 | Oibleagáidí sochair scoir |
| 21 | Ioncam Iarchurtha |
| 22 | Deontais Rialtais |
| 23 | Forálacha |
| 24 | Trádáil agus Méideanna Iníoctha Eile |
| 25 | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 26 | Tomhas an Luacha Chóir |
| 27 | Fochuideachtaí |
| 28 | Páirtithe Gaolmhara |
| 29 | Iartheagmhais |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

## 1. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

### (a) Bonn an Ullmhúcháin

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus a cuid fochuideachtaí (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. I gcomhréir le IFRS, ní dhéantar comhdhlúthú ar ghnóthais neamhrialaithe (lean n-áirítear Uisce Éireann), mar atá leagtha amach i nóta 27.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta i gcomhréir leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus le léirmhínithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRIC), arna dtacú ag an AE, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 31 Nollaig 2019. Déantar na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh, ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha áirithe a tomhaistear ar luach cóir. Sainítear luach cóir mar an praghas a gheofar dá ndíolfaí sócmhainn nó dá n-aistreofaí dliteanas in idirbheart eagraithe idir comhpháirtithe sa mhargadh ar dháta an tomhaiste.

Leagtar amach thíos beartais chuntasaíochta shuntasacha an Ghrúpa. Rinneadh na beartais seo a chur i bhfeidhm go comhleanúnach sna blianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo, ach amháin nuair a glacadh le caighdeáin nua mar atá leagtha amach i nóta 1 (c). Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. Féach ar mhír 1 (g) den nóta seo chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis na breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta is suntasaí a chuirtear i bhfeidhm.

Measann an Bord gur iomchuí na ráitis airgeadais a ullmhú ag úsáid phrionsabal an leanúnachais, i ndiaidh aird chuí a thabhairt do ghnéithe ábhartha, lena n-áirítear acmhainní airgeadais agus réamhaisnéisí maidir le sreabhadh airgid atá ar fáil. Glacann prionsabal an leanúnachais leis go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta le leanúint de bheith ag feidhmiú, agus go bhfuil sé i gceist ag an mBord go leanfaidh siad ar aghaidh, ar feadh bliain amháin ar a laghad ón dáta a dhéantar na ráitis airgeadais a shíniú. Sonraítear staid chistithe agus leachtachta an Ghrúpa i nóta 25 (ii).

### (b) Athráiteas den Eolas Comparáideach - Nithe eisceachtúla (lena n-áirítear atomhais áirithe)

Roimhe seo, léirigh an Grúpa gluaiseachtaí neamhréadaithe an luacha chóir ("atomhais áirithe") maidir le díorthaigh agus ionstraimí airgeadais eile i gcolún ar leith dar teideal "Eisceachtúil" i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa. Roghnaigh an Grúpa gan leanúint leis an mbeartas seo i Ráitis Airgeadais 2019, i dtaca le hábharthacht (gnóthachan €0.2m in 2019 agus gnóthachan €1.3m in 2018). Rinneadh nochtuithe 2018 a chur i láthair le go mbeadh siad ag teacht le nochtuithe 2019. Féach ar nóta 8 chun tuilleadh eolais a fháil faoi atomhais áirithe.

### (c) Caighdeán cuntasaíochta IFRS nua in éifeacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

Sa bhliain reatha, rinne an Grúpa agus an Mháthairchuideachta Léasanna IFRS 16 a chur i bhfeidhm (arna n-eisiúint ag an IASB in Eanáir 2016) atá in éifeacht ar feadh tréimhse bhliantúil a thosaíonn ar nó tar éis 1 Eanáir 2019. Tugann IFRS 16 isteach ceanglais nua nó leasaithe maidir leis an gcuntasaíocht léasa. Tugann sé isteach athruithe suntasacha ar chuntasaíocht léasaithe tríd an difríocht idir ceanglais léasa oibriúcháin agus airgeadais a bhaint agus trí aithint sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu, chomh maith le dliteanas léasa, ag tús gach léas a éileamh, ach amháin do léasanna gearrthéarmacha agus do shócmhainní luach íseal nuair a dhéantar a leithéid de dhíolúintí aitheantais a ghlacadh. I gcodarsnacht leis an gcuntasaíocht léasaithe, tá an chuntasaíocht léasóra mórán mar an gcéanna. Sonraítear na ceanglais nua seo in alt 1 (f).

Is é an 1 Eanáir 2019 an dáta tosaigh le haghaidh cur i bhfeidhm IFRS 16 don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta.

Tá IFRS 16 curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta ag úsáid cur chuige an chúitimh charnaigh:

- Éilíonn sé sin ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta an éifeacht charnach a bhíonn ag cur i bhfeidhm IFRS 16 a aithint mar choigeartú ar an iarmhéid tosaigh den tuilleamh coimeádta ag an dáta tosaigh a chuirtear na prionsabail sin i bhfeidhm.
- Ní dhéanann sé foráil d'athráiteas na gcomparáidí. Déantar iad sin a chur i láthair mar is gnách faoi IAS 17 agus IFRIC 4.

Déantar cur síos ar thionchar ghlacadh IFRS 16 ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta in 1 (e).

Rinne an Grúpa na leasuithe caighdeán seo a leanas a ghlacadh, leasuithe nach bhfuil aon tionchar ábhartha acu ar thorthaí ná ar nochtadh ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar IFRS 9: Gnéithe Réamhíocaíochta le Cúiteamh Diúltach
- Neamhchinnteacht IFRIC 23 faoi Chóireálacha Cánacha
- Leasuithe ar IAS 28: Leasanna Fadtéarmacha i bhFiontair Chomhlacha agus i gComhfhiontair
- Leasuithe ar IAS 19: Leasú ar Phlean, Ciorrúchán nó Réiteach
- Feabhsúcháin Bhliantúla ar Chaighdeáin IFRS Timthriall 2015-2017

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

## (d) Caighdeáin chuntasaíochta IFRS nua agus na léirithe nár glacadh leo go fóill

Rinneadh na caighdeáin chuntasaíochta nua seo a leanas agus na leasuithe ar chaighdeáin atá ann cheana a eisiúint, ach níl siad in éifeacht go fóill nó níor thacaigh an AE leo go fóill:

- Conarthaí Árachais IFRS 17
- Leasuithe ar Thagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeáin IFRS
- Leasuithe ar Comhcheangail Ghnó IFRS 3
- Athchóiriú ar Thagarmhairc Ráta Úis (Leasuithe ar IFRS 9, IAS 39 agus IFRS 7)
- Leasuithe ar IAS 1 agus ar IAS 8: Sainmhíniú ar Ábhar
- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Aicmiú a dhéanamh ar Dhliteanais mar dhliteanais Reatha nó Neamhreatha

Meastar nach mbeidh tionchar suntasach ag cur i bhfeidhm na leasaithe agus na bhfeabhsaithe bliantúla ar IFRS atá fágtha, arna n-eisiúint ar an 31 Nollaig 2019 ach nach bhfuil éifeacht leo go fóill, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

## (e)An tionchar a bheidh ag Léasanna IFRS 16 a ghlacadh

### (i) An tionchar a bheidh ag an míniú nua a thugtar ar léas

Tá leas bainte ag an nGrúpa as an mbeart praiticiúil atá ar fáil i rith aistrithe go IFRS 16 - gan a mheasúnú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil léas ag baint le conradh. Dá réir sin, déantar an míniú a thugtar ar léas i gcomhréir le IAS 17 agus IFRIC 4 a chur i bhfeidhm i gcónaí ar na léasanna sin a rinneadh nó a athraíodh roimh 1 Eanáir 2019.

Baineann an t-athrú ar an míniú a thugtar ar léas don chuid is mó le coincheap an rialaithe. Cinneann IFRS 16 cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil léas ag baint le conradh ar an mbonn go bhfuil nó nach bhfuil sé de cheart ag custaiméir sócmhainn shainaitheanta a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin a fháil.

Cuireann an Grúpa i bhfeidhm an míniú a thugtar ar léas agus na treoracha bainteacha atá leagtha amach in IFRS 16 ar gach conradh léasa a rinneadh nó a athraíodh i ndiaidh 1 Eanáir 2019 (cibé acu arb é an léasóir nó an léasaí sa chonradh léasa é). Mar ullmhúchán don chéad ghlacadh de IFRS 16, chuir an Grúpa tionscadal feidhmithe i gcrích. D'aithin an tionscadal nár athraigh an míniú nua a tugadh in IFRS 16 scóip na gconarthaí a comhlíonann an míniú a thugann an Grúpa ar léas.

### (ii) An tionchar ar Chuntasaíocht Léasaí

#### Léasanna oibriúcháin roimhe seo

Athraíonn IFRS 16 an bealach a dtugann an Grúpa cuntas de léasanna a aicmíodh roimhe seo mar léasanna oibriúcháin faoi IAS 17, léasanna nár cuireadh san áireamh iad sa chlár comhardaithe.

Trí IFRS 16 a chur i bhfeidhm ar gach léas (ach amháin orthu siúd a luaitear thíos);

a) Aithníonn an Grúpa sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu agus dliteanais léasa sa chlár comhardaithe, tomhaiste ar dtús de réir luach reatha íocaíochtaí léasa sa todhchaí,

b) Aithníonn an Grúpa dímheas sna sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu agus an t-ús ar na dliteanais léasa sa ráiteas ioncaim, agus

c) Dealaíonn an Grúpa an méid iomlán d'airgead tirim a íoctar isteach sa phríomhchuid (arna cur i láthair laistigh de na gníomhaíochtaí airgeadais) agus ús (arna cur i láthair laistigh de na gníomhaíochtaí airgeadais) sa ráiteas faoi shreabhadh airgid.

Déantar dreasachtaí léasa (m.sh. tréimhsí saor ó chíos) a aithint mar chuid den tomhas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu. Faoi IAS 17, rinneadh na dreasachtaí céanna a aithint mar dhliteanas dreasachtaí léasa, arna amúchadh mar laghdú ar chostais chíosa de réir an mhéid chothroim.

Faoi IFRS 16, déantar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu a thástáil i gcomhair bearnúcháin i gcomhréir le IAS 36. Tagann sé sin in ionad an cheanglais a bhí ann cheana foráil conarthaí léasa troma a aithint.

Maidir le léasanna gearrthéarmacha (téarmaí léasa de 12 mhí nó níos lú) agus le léasanna ar shócmhainní íseal-luacha, roghnaigh an Grúpa costas léasa a aithint de réir an mhéid chothroim, rud a cheadaíonn IFRS 16. Déantar an costas seo a chur i láthair laistigh de chíosanna, rátaí agus saoráidí sa ráiteas ioncaim.

Chomh maith leis an mbeart praiticiúil atá ar fáil faoi réir nach gá athmheasúnú a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil léas ag baint le conradh i rith an aistrithe go IFRS 16, ba é an t-aon bheart praiticiúil amháin eile ar ghlac an Grúpa leis ná an rogha costais dhíreacha thosaigh a fhágáil amach as an tomhas ar shócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu ag an dáta ar cuireadh i bhfeidhm ar dtús é.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (iii) An tionchar ar Chuntasaíocht an Léasóra

Ní athraíonn IFRS 16 an bealach a thugann léasóir cuntas dá léasanna. Faoi IFRS 16, leanann léasóir ar aghaidh de bheith ag aicmiú léasanna mar léasanna airgeadais nó mar léasanna oibriúcháin agus tugann sé cuntas den dhá chineál léas sin ar bhealach éagsúil.

### (iv) Tionchar airgeadais ar chur i bhfeidhm tosaigh IFRS 16

An Grúpa mar Léasaí

Is ionann 2.2% agus an meánráta iasachta incrimintigh ualaithe a chuirtear i bhfeidhm ar dhliteanais léasa a aithnítear sa ráiteas faoi staid airgeadais.

Léiríonn an tábla seo a leanas réiteach cuntas den cheanglas maidir le léasanna oibriúcháin a nochtadh roimh ré, ag cur i bhfeidhm IAS 17 ar an 31 Nollaig 2018, agus arna lascainiú ag úsáid an ráta iasachta incrimintigh ag an dáta ar cuireadh i bhfeidhm ar dtús é agus ag úsáid na ndliteanas léasa a aithnítear sa chlár comhardaithe ag an dáta ar cuireadh i bhfeidhm ar dtús é.

**Dliteanas léasa arna aithint faoi IFRS 16 ar an 1 Eanáir 2019**

| | GRÚPA ERVIA[1] €'000 | MÁTHAIRCHUIDE-ACHTA ERVIA[2] €'000 |
|---|---|---|
| Ceangaltas léasa oibriúcháin ar an 31 Nollaig 2018 faoi IAS 17 | 16,295 | 11,800 |
| Léasanna gearrthéarmacha agus léasanna íseal-luacha | - | - |
| An tionchar a bhaineann le lascainiú na méideanna thuasluaite | (2,488) | (1,511) |
| Luach reatha na n-íocaíochtaí léasa seo, arna gcumhdach ag roghanna sínidh nár cuireadh san áireamh sna ceangaltais léasanna oibriúcháin roimhe seo | 237 | - |
| **Dliteanas léasa arna aithint faoi IFRS 16 ar an 1 Eanáir 2019** | **14,044** | **10,289** |

D'aithnigh an Grúpa agus an Mháthairchuideachta €15.531m agus €10.373m de shócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu faoi IFRS 16 ar an 1 Eanáir 2019, arna mbriseadh síos mar seo a leanas:

**Sócmhainní a bhfuil Ceart Úsáide acu arna n-aithint faoi IFRS 16 ar an 1 Eanáir 2019**

| | GRÚPA ERVIA1 €'000 | MÁTHAIRCHUIDE-ACHTA ERVIA2 €'000 |
|---|---|---|
| Dliteanas léasa arna aithint faoi IFRS 16 ar an 1 Eanáir 2019 | 14,044 | 10,289 |
| Réamhíocaíocht léasa ar an 31 Nollaig 2018 faoi IAS 17 | 1,487 | 84 |
| **Sócmhainní a bhfuil Ceart Úsáide acu arna n-aithint faoi IFRS 16 ar an 1 Eanáir 2019** | **15,531** | **10,373** |

[1]Is í nialas an difríocht a chaithfear a aithint sna tuillimh choimeádta idir an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide aici de €15.531m, an dliteanas léasa aitheanta de €14.044m agus an réamhíocaíocht léasa de €1.487m a bhfuil aitheantas bainte di.

[2]Is í nialas an difríocht a chaithfear a aithint sna tuillimh choimeádta idir an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáidte aici de €10.373m, an dliteanas léasa aitheanta de €10.289m agus an réamhíocaíocht léasa de €0.084m a bhfuil aitheantas bainte di.

An Grúpa mar Léasóir

Gan coigeartuithe aistrithe.

## (f) Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

### (i) Bonn an Chomhdhlúthaithe

i. Fochuideachtaí

Is ionann fochuideachtaí agus eintitis atá rialaithe ag an nGrúpa. I gcomhréir le IFRS, bíonn rialú ann nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar, nó nuair a bhíonn cearta aige i leith, thorthaí inathraitheacha de bharr an ghnó a bhíonn aige leis an eintiteas agus má bhíonn sé de chumas aige éifeacht a bheith aige ar na torthaí sin tríd an gcumhacht atá aige ar an eintiteas. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

ii. Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe

Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/costais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa a dhíbirt in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Déantar gnóthachain néamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a dhíbirt i gcoinne na hinfheistíochta sa mhéid is atá leas ag an nGrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### iii. Comhcheangail ghnó

Déantar cuntas ar chomhcheangail ghnó tríd an modh éadála amhail ar an dáta éadála, (i.e. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa).

Déantar dea-thoil a thomhas ar an dáta éadála mar:

- luach cóir na comaoine arna haistriú, móide
- méid aitheanta aon leasanna neamhrialaitheacha san eintiteas arna fháil, móide
- má bhaintear amach an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir leas reatha cothromais an eintitis san eintiteas arna fháil, lúide
- glanmhéid aitheanta na sócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na ndliteanas arna nglacadh.

Nuair a bhíonn an barrachas diúltach, déantar an brabús ó cheannach sladmhargaidh a aithint láithreach bonn sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Ní chuimsíonn an chomaoin arna haistriú méideanna a bhaineann le réiteach caidreamh atá ann cheana. Déantar méideanna den chineál sin a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar costais a bhaineann leis an gceannach, ach amháin iad siúd a bhaineann le heisiúint urrús fiachais nó cothromais a thabhaíonn an Grúpa mar gheall ar chomhcheangal, a nochtadh de réir mar a tabhaítear iad.

### iv. Cailliúint rialaithe

Nuair a chailltear smacht, dí-aithníonn an Grúpa sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta agus aon ghnéithe de chothromas a bhaineann leis an bhfochuideachta. Aithnítear i mbrabús nó caillteanas aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn nuair a chailltear smacht.

## (ii) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

### i. Aithint

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag a gcostas lúide a ndímheas carntha agus a gcaillteanas carntha de bharr an bhearnúcháin. Cuimsítear i gcostais costais dhíreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais dhíchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a ghlacann an tógáil sin tréimhse ama nach beag le críochnú.

Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

### ii. Dímheas

Déantar dímheas ar mhíreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil le húsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíscríobh, lúide costas iarmharach measta, de réir an mhéid chothroim thar a saol úsáideach measta. Déantar dímheas ar shócmhainní léasaithe thar théarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 40 bliain |
| Gléasra, píblíne agus innealra | 2-60 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní arna dtógáil.

Déantar an modh dímheasa, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

### iii. Caiteachais ina dhiaidh sin

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír réadmhaoine, ghléasra agus trealaimh a athsholáthar, i méid anonn na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bheidh ag baint leis an mír sa todhchaí chuig an nGrúpa, agus más féidir a costas a thomhas go hiontaofa. Déantar méid anonn na coda athsholáthraithe a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh sa chuntas brabúis nó caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

### iv. Costais iasachta

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, thógáil nó tháirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn ar gá tréimhse fhada ama a chaitheamh ar í a ullmhú dá húsáid bheartaithe nó le haghaidh díolacháin. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó nuair a cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fada ama.

Déantar gach costas iasachta eile a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais don bhliain ina tabhaítear iad.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (iii) Sócmhainní Doláimhsithe

#### i. Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt

Cuimsíonn costais as bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach.

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúla bogearraí atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38. Cuimsíonn an caiteachas a dhéantar a chaipitliú an costas as ábhair, saothar díreach, forchostais atá inchurtha go díreach i leith ullmhú na sócmhainne dá n-úsáid bheartaithe, agus costais iasachta ar shócmhainní cáilitheacha.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire faighte a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntar go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitliú.

#### ii. Taighde agus forbairt

Déantar costais a bhaineann le taighde agus forbairt a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad, ach amháin costais áirithe a bhaineann le forbairt agus a dhéantar a chaipitliú laistigh de shócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir atá leagtha amach i Sócmhainní Doláimhsithe IAS 38.

#### iv. Amúchadh sócmhainní doláimhsithe

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh de réir an mhéid chothroim sa chuntas brabúis nó caillteanais thar a saol úsáideach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile a amúchadh, de réir an mhéid chothroim, thar a saol úsáideach measta suas go dtí seacht mbliana.

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

#### v. Costais iasachta

Féach ar bheartas cuntasaíochta (ii) iv.

### (iv) Bearnúchán Sócmhainní

#### i. Sócmhainní nach bhfuil faoi réir an amúchta

Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol úsáideach éiginnte acu nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

#### ii. Sócmhainní atá faoi réir an dímheasa/amúchta

Déantar méideanna anonn na sócmhainní sin a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha de bhearnúchán ag baint leo nó nach bhfuil. Má léirítear go bhfuil bearnúchán i gceist, déantar méid in-aisghabhála na sócmhainne a mheas.

#### iii. Caillteanas bearnúcháin a aithint

Chun an bearnúchán a mheas, déantar sócmhainní a aicmiú de réir na leibhéil is ísle inar féidir iad a aithint mar shreabhadh airgid astu féin (aonaid ghiniúna airgid nó AGAnna). Déantar caillteanas bearnúcháin a aithint don mhéid a bhfuil méid anonn níos mó ná a méid in-aisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun an méid anonn d'aon dea-thoil dáilte ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar mhéid anonn na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata.

#### iv. Caillteanas bearnúcháin a fhreaschur

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur ach amháin sa mhéid go bhfuil méid anonn na sócmhainne níos mó ná an méid anonn, glan ar dhímheas nó amúchadh, a socrófaí mura ndearnadh an caillteanas bearnúcháin a aithint roimhe sin.

Déanfar freaschur de chaillteanas bearnúcháin ar AGA a leithdháileadh chuig sócmhainní an aonaid sin, ach amháin i gcás aon dea-thoil, ar bhonn pro rata le méideanna anonn na sócmhainní sin. Déantar an freaschur a aithint láithreach sa chuntas brabúis nó caillteanais, ach amháin má dhéantar an tsócmhainn a thabhairt ar aghaidh ag méid athluacháilte. Sa chás sin, aithneofar an freaschur mar mhéadú athluachála. Ag baint úsáide as méid anonn leasaithe na sócmhainne, déantar dímheas/amúchadh a sholáthar de réir an mhéid chothroim thar an gcuid eile de shaol úsáideach measta na sócmhainne.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (v) Airgeadra Eachtrach

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa chomh maith.

#### i. Idirbhearta airgeadra eachtraigh

Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a thaifead ag an ráta atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Rinneadh sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha a aistriú isteach san airgeadra feidhmeach ag na rátaí a bhí i bhfeidhm ar dháta an tuairiscithe. Déantar an gnóthachan nó caillteanas a eascraíonn as aistriú an airgeadra eachtraigh a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar sócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta in airgeadra eachtrach a thomhaistear de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh a aistriú ag baint úsáide as an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt, agus ní dhéantar iad a athaistriú ina dhiaidh sin.

#### ii. Oibríochtaí eachtracha

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, áit a fhreagraíonn siad do neastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe).

### (vi) Ioncam

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialaithe agus neamhrialaithe, a thagann ioncaim an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus déanann an Grúpa cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann sé seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, oibríonn an Grúpa agus tá sé ina úinéir ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra aige i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsíonn ioncam an Ghrúpa ioncam ó léasa oibriúcháin, a aithnítear i gcomhréir le IFRS 16 (féach beartas cuntasaíochta (vii) thíos), freisin.

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa go mbeidh sé ina teideal i gconradh le custaiméir, agus ní áirítear méideanna arna mbailiú ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid fheidhmíochta arb é acmhainn líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméara. Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad i gcomhréir le comhlíonadh na n-oibleagáidí feidhmíochta. Ní hionann an oibleagáid feidhmíochta agus na hoibreacha nasctha agus déantar an t-ioncam uaidh sin a aithint thar am de réir mar a chuirtear na hoibreacha nasctha i gcrích.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh idirbhirt, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dócúil inbhailitheacht. Áit is gá, déantar ioncam agus infháltais a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe "ceadaithe" a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain airgeadais. Is féidir aon róghnóthú nó tearcghnóthú a chuimsiú, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú um róghnóthú nó tearcghnóthú sa bhliain ina dtagann siad chun cinn.

### (vii) Léasanna

Bhí IFRS 16 in éifeacht ón 1 Eanáir 2019. Mar a míníodh i nóta 1(c), rinneadh an caighdeán a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach le héifeacht charnach agus dá bhrí sin tá an beartas atá leagtha amach thíos ábhartha don bhliain reatha amháin. Nochtar tionchar an ghlactha i nóta 1(e).

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

## An Grúpa mar Léasaí

Measann an Grúpa cibé acu an léas nó nach léas conradh nó an gcuimsíonn an conradh sin léas nó nach gcuimsíonn, ag tús an chonartha. Aithníonn an Grúpa sócmhainn a bhfuil ceart úsáide aici agus dliteanas léasa a fhreagraíonn dó i dtaobh na socruithe léasa ar fad inarb é féin an léasaí, ach amháin i gcás léasanna gearrthéarmacha (a shainítear mar léas a bhfuil téarma 12 mhí dhéag nó níos lú aige) agus léasanna de shócmhainní íseal-luacha. I dtaobh léasanna gearrthéarmacha agus íseal-luacha, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chaiteachas oibriúcháin de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe.

Déantar an dliteanas léasa a thomhais ar dtús ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach n-íoctar ag an dáta tosaigh, a dhéantar a lascainiú ag baint úsáide as an ráta a bhaineann leis an léas. Murar féidir an ráta sin a shocrú go héasca, baineann an Grúpa úsáid as an ráta iasachta incriminteach. Sainítear an ráta iasachta incriminteach mar an ráta úis a mbeadh ar léasaí a íoc chun iasacht a fháil, thar thréimhse chomhionann agus le hurrús comhionann, d'fhonn an cistiú riachtanach a fháil chun sócmhainn a cheannach a bhfuil an luach céanna aige leis an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide aici i dtimpeallacht eacnamaíoch chosúil.

Cuimsíonn íocaíochtaí léasa a áirítear sa tomhas seo den dliteanas léasa na nithe seo a leanas:

- Íocaíochtaí léasa seasta (lena n-áirítear íocaíochtaí substainte seasta), lúide aon dreasachtaí léasa infhála,
- Íocaíochtaí léasa inathraitheacha a bhraitheann ar innéacs nó ráta, agus a thomhaistear ar dtús ag úsáid innéacs nó ráta ag an dáta tosaigh,
- An méid a mheasann an léasaí a bheidh le híoc faoi na ráthaíochtaí luacha iarmharaigh,
- Praghas feidhmithe na roghanna ceannaithe, más amhlaidh go bhfuil an léasaí réasúnta cinnte go mbeidh sé in ann na roghanna sin a fheidhmiú, agus
- Íocaíocht pionós de bharr fhoirceannadh an léasa, más amhlaidh go bhfreagróidh téarma an léasa d'fheidhmiú rogha chun an léas a fhoirceannadh.

Déantar an dliteanas léasa a chur i láthair laistigh de na hiasachtaí agus den fhiachas eile sa chlár comhardaithe.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ina dhiaidh sin tríd an méid anonn a mhéadú ionas go bhfreagróidh sí don mhéid úis a ghearrtar ar an dliteanas léasa (ag úsáid an mhodh glanráta úis) agus tríd an méid anonn a laghdú ionas go bhfreagróidh sí do na híocaíochtaí léasa a rinneadh.

Déanann an Grúpa an dliteanas léasa a atomhas (agus déanann sé coigeartú comhfhreagrach ar an tsócmhainn bhainteach a bhfuil ceart úsáide aici) aon uair;

- A bhíonn athrú ar an téarma léasa nó ar mheasúnú ar fheidhmiú rogha ceannaigh. Sa chás sin, déantar an dliteanas léasa a atomhas trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú ag úsáid an ráta lascaine leasaithe.
- A n-athraíonn na híocaíochtaí léasa de bharr athruithe a tharlaíonn ar innéacs nó ráta, nó aon uair a tharlaíonn athrú ar íocaíocht a bhfuiltear ag súil leis faoi ráthaíocht luacha iarmharaigh. Sa chás sin, déantar an dliteanas léasa a atomhas trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí léasa leasaithe ag úsáid an ráta lascaine tosaigh (seachas más de bharr athrú ar an ráta comhlúthach úis a tharla an t-athrú íocaíochta léasa; sa chás sin baintear úsáid as ráta lascaine leasaithe).
- Ina ndéantar conradh léasa a choigeartú agus nach ndéantar an coigeartú léasa a chur san áireamh mar léas ar leithligh. Sa chás sin, déantar an dliteanas léasa a atomhas trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú ag úsáid an ráta lascaine leasaithe.

Ní dhearna an Grúpa aon choigeartú den chineál sin i rith na tréimhse atá á cur i láthair.

Cuimsíonn na sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu tomhas tosaigh an dliteanais léasa chomhfhreagraigh, íocaíochtaí léasa a rinneadh ag an dáta tosaigh nó roimhe sin (lúide aon dreasachtaí léasa a fuarthas cheana) agus aon chostais dhíreacha thosaigh.

Aon uair a thabhaíonn an Grúpa oibleagáid i dtaobh costas chun sócmhainn léasaithe a díchóimeáil nó a bhaint, an suíomh ar a raibh an tsócmhainn suite a athchóiriú nó an tsócmhainn bhunaidh a athchóiriú go dtí an riocht ina raibh sí roimhe sin de réir théarmaí agus choinníollacha an léasa, déantar foráil a aithint agus a thomhas faoi IAS 37. Déantar na costais a chuimsiú leis an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide aici, ach amháin más rud é gur tabhaíodh na costais d'fhonn fardail a tháirgeadh.

Déantar sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu a thomhas ina dhiaidh sin de réir a gcostas lúide dímheas carnach agus caillteanas bearnúcháin. Déantar iad a dhímheas thar an tréimhse níos giorra de théarma léasa agus de shaol úsáideach na bunsócmhainne. Má aistríonn léas úinéireacht bunsócmhainne nó má léiríonn costas na sócmhainne a bhfuil ceart úsáide aici go bhfuil sé i gceist ag an nGrúpa a rogha ar cheannach a fheidhmiú, déantar an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide aici a dhímheas thar shaol úsáideach na bunsócmhainne. Tosaíonn an dímheas ag dáta tosaigh an léasa.

Déantar na sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu a chur i láthair laistigh de 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh' sa chlár comhardaithe.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Cuireann an Grúpa IAS 36 i bhfeidhm chun a dheimhniú cibé acu an bhfuil an tsócmhainn a bhfuil ceart úsáide aici bearnaithe nó nach bhfuil, agus cuireann sé san áireamh aon chaillteanas mar gheall ar bhearnúcháin aitheanta mar atá leagtha amach i mír (iv) thuas.

Ní dhéantar cíosanna athraitheacha nach mbraitheann ar innéacs nó ráta a chur san áireamh i dtomhas an dliteanais léasa agus na sócmhainne a bhfuil ceart úsáide aici. Dhéanfaí na híocaíochtaí gaolmhara a aithint mar chostas sa tréimhse ina tharlaíonn an teagmhas nó an choinníoll a spreagann na híocaíochtaí sin, agus dhéanfaí iad a chur san áireamh sa líne chuí sa chaiteachas oibriúcháin sa ráiteas ioncaim.

Mar bheart praiticiúil, tugann IFRS 16 cead don léasaí na gnéithe neamhléasa a fhágáil le chéile, agus cuntas a thabhairt d'aon ghnéithe léasa agus neamhléasa bainteacha mar shocrú aonair. Níor bhain an Grúpa leas as an mbeart praiticiúil seo.

### An Grúpa mar Léasóir

Déantar léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasóir ina leith a aicmiú mar léasanna airgeadais nó oibriúcháin. Aon uair a dhéanann téarmaí an léasa na rioscaí agus sochair a bhaineann le húinéireacht a aistriú chuig an léasaí, déantar an conradh a aicmiú mar léas airgeadais. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

Déanann an Grúpa comhaontuithe léasa agus é ina léasóir i dtaca le cuid dá phíblínte, agus déantar na léasanna sin a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Déantar ioncam cíosa ó léasanna oibriúcháin a aithint de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa chuí, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Déantar costais dhíreacha thosaigh, a tabhaítear i rith an phróisis idirbheartaíochta agus socraithe don léas oibriúcháin, a chur le méid anonn na sócmhainne léasaithe agus déantar iad a aithint de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Déantar na méideanna atá iníoctha ag léasaithe faoi léasanna airgeadais a aithint mar infháltais ag méid atá comhionann leis an nglaninfheistíocht a rinne an Grúpa sna léasanna. Déantar ioncam ó léasanna airgeadais a leithdháileadh ar thréimhsí cuntasaíochta ionas go bhfreagróidh siad do ráta fáltais tréimhsiúil buan ar ghlaninfheistíocht amuigh an Ghrúpa i dtaca leis na léasanna sin

Nuair a chuimsíonn conradh gnéithe léasa agus neamhléasa, cuireann an Grúpa i bhfeidhm IFRS 15 chun an chomaoin faoin chonradh a leithdháileadh ar gach gné.

**Beartais a bhí infheidhme roimh 1 Eanáir 2019**

Aicmítear mar léasanna airgeadais na léasanna a dhéanann an Grúpa an chuid is mó de na rioscaí agus sochair a bhaineann lena n-úinéireacht a ghlacadh chuige féin. Déantar luach cóir nó, más amhlaidh gurb é is ísle, luach reatha sócmhainní a cheannaítear faoi léasanna airgeadais a chuimsiú faoi réadmhaoin, gléasra agus trealamh, agus a dhíscríobh thar théarma an léasa nó thar shaolré úsáideach measta na sócmhainne, cibé acu is giorra. Cuimsítear mar dhliteanais na gnéithe caipitil a bhaineann le hoibleagáidí sa todhchaí. Déantar ús ar an oibleagáid léasa atá fágtha a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim thar théarma an léasa. Déantar an muirear sin a ríomh d'fhonn ráta tréimhsiúil muirir buan a tháirgeadh don iarmhéid den oibleagáid atá fágtha i leith gach tréimhse chuntasaíochta.

Déantar íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithint mar chostas de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Déantar cíosanna teagmhasacha a eascraíonn faoi léasanna airgeadais a aithint mar chostas sa tréimhse ina tabhaítear iad. Sa chás ina bhfaightear dreasachtaí léasa chun dul i mbun léasanna oibriúcháin, aithnítear na dreasachtaí sin mar dhliteanas. Déantar tairbhe comhiomlán na ndreasachtaí a aithint mar laghdú ar chostais chíosa de réir an mhéid chothroim, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe.

### Cuntas a thabhairt do na socruithe a bhfuil léas mar chuid díobh

Braitheann an breithiúnas maidir le cibé acu an bhfuil léas mar chuid de shocrú nó nach bhfuil ar úsáid agus rialú na sócmhainne ar leith sa socrú. Meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, laistigh de raon feidhme IFRIC 4, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais má aistríonn an socrú an chuid is mó de na rioscaí agus de na luachanna saothair a mbaineann lena n-úinéireacht. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

### (viii) Deontais

Aithnítear deontas mar dhliteanas sa chlár comhardaithe ar dtús nuair a bhfuil ráthaíocht réasúnta ann go gheofar é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis. Aithnítear na deontais ioncaim, atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú, sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sna blianta céanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaolré úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (ix) Forálacha agus Dliteanais Theagmhasacha

Aithnítear soláthar más amhlaidh, mar thoradh ar imeacht san am atá thart, go bhfuil oibleagáid dlí nó inchiallaithe reatha ar an nGrúpa ar féidir a mheas go hiontaofa, agus más dócha go mbeidh eis-sreabhadh tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh. Sa chás a bhfuil an éifeacht ábhartha, déantar na soláthairtí a shocrú trí na sreafaí tuartha airgid amach anseo a asbhaint ag úsáid ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha margaidh ar an luach ama airgid agus na rioscaí ar leith a bhaineann leis an dliteanas. Aithnítear an muirear maoinithe bainteach i gcostais airgeadais. Aithnítear soláthar um athstruchtúrú nuair atá plean sonrach agus foirmiúil athstruchtúraithe faofa ag an nGrúpa, agus nuair atá athstruchtúrú tosaithe nó fógartha go poiblí. Ní dhéantar foráil do chaillteanais oibriúcháin sa todhchaí. Déantar soláthar freisin i gcomhair costas measta as dí-éilliú láithreán oidhreachta Oibreacha Gáis, oibleagáidí as leasú láithreán agus costais le tabhú agus rialacháin chomhshaoil chomh maith le hoibleagáidí inchiallaithe á gcomhlíonadh.

D'fhéadfadh go dtiocfadh dliteanais teagmhasacha chun cinn i dtaobh comhaontuithe conarthacha a bhfuil eintiteas de chuid an Ghrúpa ina pháirtí iontu. Déantar iad siúd a mheas (más féidir) ar bhonn an eolais atá ar fáil maidir leis an gcostas féideartha a bhainfeadh le táirgeacht ó aon imeachtaí den sórt sin atá i gceist ar an dáta tuairiscithe. Is dliteanais iad siúd, le cois iad siúd a ndéantar soláthar dóibh sna ráitis airgeadais, a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar thoradh ar tharlú nó neamhtharlú ceann amháin nó níos mó d'imeachtaí éiginnte sa todhchaí ach mar gheall ar nádúr na dteagmhas, ní féidir foráil a dhéanamh dóibh sna ráitis airgeadais (i gcomhréir le IFRS).

### (x) Oibleagáidí Sochair Scoir

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin sochair sainithe agus ranníocaíochta sainithe araon.

#### i. Scéim pinsin sochair sainithe

Is scéim sochair iarfhostaíochta í scéim sochair sainithe seachas plean ranníocaíochta sainithe, rud a dtugtar sonraí faoi thíos.

I gcás scéimeanna le sochar sainithe, déantar an costas as sochair a chur ar fáil a mheas agus úsáid á baint as Modh na n-Aonad Réamh-mheasta Creidmheasa agus déantar athbhreithnithe achtúireacha ar gach lá tuairiscithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint go hiomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Déantar iad a aithint lasmuigh den chuntas brabúis nó caillteanais agus a léiriú san ioncam cuimsitheach eile.

Déantar costas iarsheirbhíse a aithint láithreach. Déantar na costais seirbhíse reatha agus na gnóthachain agus caillteanais ar shocruithe agus ciorrúcháin a mhuirearú ar na costais oibriúcháin, nó ar na forálacha sna cásanna ina rinneadh foráil do na costais ghaolmhara ar dtús mar chuid d'fhoráil athstruchtúraithe a aithint. Déantar an glanchostas úis ar phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ar an nglandliteanas nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse.

Is ionann an oibleagáid sochair scoir arna aithint sa chlár comhardaithe luach reatha an oibleagáid sochair sainithe le haghaidh na scéime agus luach cóir shócmhainní na scéime.

#### ii. Scéim pinsin ranníocaíochta sainithe

Is ionann scéim le ranníocaíocht shainithe agus scéim iarfhostaíochta faoina íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta le heintiteas eile ionas nach mbeidh air aon oibleagáidí dlíthiúla nó inchiallaithe eile a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

### (xi) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

#### i. Ionstraimí airgeadais díorthacha

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun neamhchosaint ar rátaí úis, boilsciú agus airgeadra a fhálú. Déantar gach díorthach den sórt sin a aithint ag luach cóir agus déantar iad a atomhas go luach cóir ar an dáta tuairiscithe.

Téann an Grúpa i mbun ionstraimí airgeadais díorthacha éagsúla chun a neamhchosaint ar rioscaí rátaí úis agus rioscaí rátaí malartaithe a bhainistiú, lena n-áirítear réamhchonarthaí malairte eachtraí, babhtálacha ráta úis agus babhtálacha ráta úis a bhaineann le boilsciú. Déantar tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a nochtadh i nóta 25.

Déantar díorthaigh a aithint ar dtús ag luach cóir agus déantar iad a atomhas go luach cóir ag gach dáta tuairiscithe ar leith. Déantar gnóthachain nó caillteanais a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach, ach amháin más ionstraim fhálaithe shainithe agus éifeachtach iad. Sa chás sin, braitheann uainiú an aitheantais sa chuntas brabúis nó caillteanais ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Cé go ndéantar díorthach a bhfuil luach cóir dearfach aige a aithint mar shócmhainn airgeadais, déantar díorthach a bhfuil luach cóir diúltach aige a aithint mar dhliteanas airgeadais. Ní dhéantar díorthaigh a fhritháireamh sna ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an ceart agus cuspóir dlíthiúil ag an nGrúpa é sin a dhéanamh. Déantar díorthach a chur i láthair mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhliteanas neamhreatha más amhlaidh go bhfuil aibíocht na hionstraime atá fágtha níos mó ná 12 mhí agus mura bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a réadú nó a shocrú laistigh de 12 mhí.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Sonraíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar ionstraimí fálaithe i dtaca leis an riosca malairte eachtraí agus an riosca ráta úis i bhfálaithe luacha chóir, fálaithe sreabhaidh airgid, nó fálaithe de ghlaninfheistíochtaí in airgeadraí eachtracha. Tugtar cuntas d'fhálaithe in aghaidh riosca malairte eachtraí ar cheangaltais dhaingne mar fhálaithe sreabhaidh airgid.

Ag tús na gaolmhaireachta fálaithe, déanann an Grúpa an ghaolmhaireacht idir an ionstraim fhálaithe agus an mhír a fhálaítear a dhoiciméadú, chomh maith lena cuspóirí bainistíochta riosca agus an straitéis atá á chur i bhfeidhm aige chun tabhairt faoi idirbhearta fálaithe éagsúla. Ina theannta sin, ag tús an phróisis fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa doiciméadú ar cibé acu an bhfuil an ionstraim fhálaithe éifeachtúil chun athruithe ar luachanna cóir nó ar shreafaí airgid na míre fálaithe a bhfuil an riosca fálaithe ag gabháil léi a fhritháireamh, nó nach bhfuil. Más amhlaidh go bhfuil, ciallaíonn sé sin go gcomhlíonann an ghaolmhaireacht fhálaithe na ceanglais seo a leanas maidir le héifeachtúlacht fálaithe:

- go bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe;
- nach bhfuil forlámhas ag tionchar an riosca chreidmheasa ar athruithe luachanna a eascraíonn as an ngaolmhaireacht eacnamaíoch sin; agus
- go bhfuil cóimheas fálaithe na gaolmhaireachta fálaithe mar an gcéanna leis an gcóimheas atá mar thoradh ar an méid atá ag an mhír fhálaithe atá á fálú ag an nGrúpa i ndáiríre agus méid na hionstraime fálaithe a úsáideann an Grúpa i ndáiríre chun an méid sin den mhír fhálaithe a fhálú.

Má theipeann ar an ngaolmhaireacht fhálaithe an ceanglas éifeachtúlachta fálaithe a bhaineann leis an gcóimheas fálaithe a chomhlíonadh, ach go bhfanann an cuspóir bainistíochta riosca don ghaolmhaireacht fhálaithe shonraithe sin mar an gcéanna, déanann an Grúpa coigeartú ar chóimheas fálaithe na gaolmhaireachta fálaithe (i.e. athchothromaíonn sé an fálú) ionas go gcomhlíonfaidh sé na critéir cháilithe arís eile.

Stopann an Grúpa de bheith ag úsáid cuntasaíocht fhálaithe sa chás nach gcomhlíonann an ghaolmhaireacht fhálaithe (nó cuid di) na critéir cháilithe a thuilleadh (i ndiaidh athchothromaithe, más infheidhme), agus sa chás sin amháin. Cuimsíonn sé sin na cásanna ina dtéann an ionstraim fhálaithe in éag nó ina ndíoltar, ina bhfoirceanntar nó ina bhfeidhmítear í. Déantar an foirceannadh a thuairisciú go hionchasach. Déantar an coigeartú luacha chóir ar mhéid anonn na míre fálaithe, a eascraíonn ón riosca fálaithe, a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ón dáta sin. Fágtar leis an gcothromas aon ghnóthachan nó caillteanas a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile agus a charntar sa chúlchiste fálaithe don sreabhadh airgid ag an am sin, agus déantar é a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais chomh luath agus a tharlaíonn an t-idirbheart réamhaisnéise. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó an caillteanas sa chúlchiste fálaithe don sreabhadh airgid a athaicmiú láithreach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Nuair a théann ionstraim fhálaithe in éag, nó má dhíoltar nó má fhoirceanntar í, nó nuair nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíocht fhálaithe a thuilleadh, déantar aon ghnóthachan nó caillteanas carntha iarchurtha den fhálú sa chothromas ag an am sin a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais láithreach.

**(a) Fálaithe ar an sreabhadh airgid**

Áit a ndéantar ionstraim airgeadais dhíorthach a shonrú mar fhálú in aghaidh luaineacht i sreafaí airgid de dhliteanas aitheanta, gealltanas daingean nó idirbheart réamhaisnéise an-dóchúil, déantar an pháirt éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar ionstraim airgeadais dhíorthach a aithint láithreach san ioncam cuimsitheach eile. Nuair a aithnítear sócmhainn nó dliteanas mar thoradh ar an ngealltanas daingean nó an idirbheart tuartha, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus cuimsítear é sa tomhas tosaigh ar an tsócmhainn nó an dliteanas. I ngach cás eile, déantar an gnóthachan nó caillteanas carntha a bhaint ó ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Déantar an chuid gan éifeacht den ghnóthachan nó caillteanas a aithint sa ráiteas ioncaim láithreach.

Nuair a dhéantar ionstraim fhálaithe nó gaolmhaireacht fhálaithe a fhoirceannadh, ach go bhfuiltear fós ag súil leis go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, fágtar an gnóthachan nó caillteanas carntha ag an bpointe sin san ioncam cuimsitheach eile agus déantar é a aithint i gcomhréir leis an mbeartas thuasluaite chomh luath agus a tharlaíonn an t-idirbheart. Mura bhfuiltear ag súil leis níos mó go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, déantar an gnóthachan agus caillteanas neamhréadaithe atá carntha in ioncam cuimsitheach eile a athaicmiú agus a aistriú go dtí an gcuntas brabúis agus caillteanais láithreach.

**(b) Fálaithe luacha chóir**

Áit a ndeartar ionstraim airgeadais dhíorthach mar fhálú luacha chóir, déantar athruithe i luach cóir an díorthaigh a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais. Freisin, sonraítear an mhír fhálaithe ag luach cóir i dtaobh an riosca a bhaineann le fálú; déantar an gnóthachan nó caillteanas a eascraíonn ón riosca fálaithe a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais agus déantar coigeartú ar mhéid anonn na míre fálaithe.

### ii. Iasachtaí

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. I ndiaidh an aitheantais thosaigh, sonraítear na hiasachtaí nach bhfuil i ngaolmhaireacht fhálaithe luacha chóir ag an gcostas amúchta le húsáid mhodh an ghlanráta úis. Déantar iasachtaí a ainmnítear ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL) a thomhas ag luach cóir le haghaidh rioscaí fálaithe, agus aithnítear aon ghnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis nó caillteanais.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### iii. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha

**Trádáil agus infháltais eile**

Aithnítear infháltais thrádála agus infháltais eile ar dtús ag luach cóir na comaoine atá infhála agus iompraítear iad ag an luach seo ina dhiaidh sin lúide liúntas cuí do chaillteanais bhearnúcháin. Déantar foráil maidir le caillteanais bhearnúcháin ag úsáid múnla do chaillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis thar shaolré na sócmhainne, agus aithnítear an bearnúchán a bhfuiltear ag súil leis mar chostas sna caiteachais oibriúcháin. Déantar méid an chaillteanais chreidmheasa a bhfuiltear ag súil leis a ríomh trí rátaí caillteanais a bhfuiltear ag súil leo a chur i bhfeidhm ar phróifíl fhiachais de réir téarma, bunaithe ar fheidhmíocht stairiúil iarbhír míreanna airgid a bhí á mbailiú, agus ag cur san áireamh tosca maicreacnamaíocha sa todhchaí agus tosca atá sainiúil do na féichiúnaithe.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid**

Cuimsíonn airgead agus coibhéisí airgid, airgead tirim, taiscí inaisíoctha ar an éileamh agus infheistíochtaí an-leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil bunaibíochtaí acu de thrí mhí nó níos lú, lúide rótharraingtí iníoctha ar an éileamh.

**Trádáil agus méideanna iníoctha eile**

Déantar infháltais thrádála agus méideanna iníoctha eile a thaifeadadh ar dtús ag luach cóir, arb é sin an bhunsuim a sonrascadh móide aon chostas idirbhirt atá inchurtha go díreach, agus iompraítear iad ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáide as modh an ráta úis ghlain.

**Méideanna dlite ó fhochuideachtaí (Máthairchuideachta)**

Glactar gur sócmhainní nó dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha na méideanna atá dlite ó ghníomhaíochtaí fochuideachtaí agus nach luaitear in aon mhargadh gníomhach. Cuimsítear iad i sócmhainní reatha nó dliteanais reatha sa chlár comhardaithe, ach amháin i gcás na méideanna a bhfuil aibíochtaí níos mó ná dhá mhí dhéag acu i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe. Déantar iad siúd a chuimsiú i sócmhainní nó dliteanais neamhreatha. Déantar méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí a chuimsiú laistigh de thrádáil agus infháltais eile nó trádáil agus méideanna iníoctha eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta. Déantar na méideanna a thaifead ar dtús ag a luach cóir agus ina dhiaidh sin ag a gcostas amúchta.

Déantar bearnúchán a mheasúnú ag baint úsáide as múnla an chaillteanais chreidmheasa a bhfuiltear ag súil leis. Agus an caillteanas de bharr bearnúcháin á mheas, déantar na méideanna dlite ó fhochuideachtaí a aicmiú mar mhéideanna inaisíoctha ar an éileamh, infháltais le riosca creidmheasa íseal agus méideanna a bhfuil méadú suntasach riosca chreidmheasa ag gabháil leo ón am a aithníodh ar dtús iad. Agus caillteanas creidmheasa ionchais á shonrú, tugtar aird ar fheidhmíocht stairiúil chomh maith le heolas réamhbhreathnaitheach don fhochuideachta ábhartha, lena n-áirítear réamhaisnéisí mionsonraithe maidir le sreafaí airgid lascainithe, más cuí sin.

**Sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas (FVTPL)**

Aicmítear sócmhainní airgeadais mar FVTPL nuair (i) atá an tsócmhainn airgeadais á coimeád le haghaidh trádála, (ii) nuair atá sí sainithe mar FVTPL nó (iii) mar chomaoin theagmhasach a d'fhéadfadh éadálaí a íoc mar chuid de chomhcheangal gnó lena mbaineann IFRS 3.

Déantar sócmhainní airgeadais ag FVTPL a shonrú ag a luach cóir le haon ghnóthachain nó caillteanais a eascraíonn ó atomhas á aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar luach cóir a shocrú sa bhealach atá sainithe i nóta 26.

### (xii) Glanchostais Airgeadais

Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí, gluaiseachtaí luacha chóir ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais, agus glanchostais úis pinsin. Déantar costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach do cheannach, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithe a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais ag baint úsáide as modh an úis ghlain. Déantar an glanchostas úis ar phinsin a ríomh tríd an ráta lascaine a chur i bhfeidhm ar an nglandliteanas nó ar an nglansócmhainn shainithe ag tús na tréimhse.

Cuimsíonn ioncam airgeadais gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais nó aon ioncam úis ar chistí infheistithe. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a bhfabhraíonn sé i mbrabús nó caillteanas, ag baint úsáide as modh an úis ghlain.

Déantar coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí airgeadais a aithnítear i mbrabús nó caillteanas a chur i láthair mar ioncam airgeadais nó costais airgeadais, mar is iomchuí (breathnaigh ar nóta 1(a) chun tuilleadh eolais a fháil).

### (xiii) Cáin ioncaim

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim an cháin reatha agus an cháin iarchurtha. Déantar cáin ioncaim a aithint sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid go mbaineann sí le míreanna a aithnítear go díreach sa chothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don bhliain, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na mblianta roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Déantar cáin iarchurtha a aithint i dtaca le difríochtaí sealadacha idir méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil leis a bheidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go n-iompóidh difríochtaí sealadacha, bunaithe ar rátaí cánacha agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh den chuid is mó roimh an dáta tuairiscithe.

Meastar gur féidir sócmhainn chánach iarchurtha a aisghabháil agus dá bhrí sin a aithint áit a mbeidh, ar bhonn na fianaise ar fad atá ar fáil, brabúis inchánacha chuí ann go ceann i bhfad ar féidir iompú na mbundifríochtaí sealadacha a bhaint de.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a inréadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

### (xiv) Fardail

#### i. Fardail

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle costais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail IAS 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is é atá i nglanluach inréadaithe ná an costas díola iarbhír nó measta lúide gach costas atá le tabhú roimh dhiúscairt. Déantar soláthar sonrach le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

#### ii. Gás a stocáil

Coinnítear stoic gáis chun na brúnna atá riachtanach laistigh den chóras Líonra a choimeád. Ní choinnítear na stoic seo le hathdhíol agus déantar iad a thomhas ar chostas (arb é an luach is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe é).

### (xv) Brabús Oibriúcháin

Sonraítear brabús oibriúcháin roimh ghlanchostais airgeadais agus chánachas.

### (xvi) Bearta Neamh-GAAP

Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iasachtaí iomlána agus fiachais eile coigeartaithe i gcomhair tionchar fálaithe luacha chóir lúide taiscí airgid. Úsáideann an Grúpa na bearta neamh-GAAP seo chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus airgeadas a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do scairshealbhóirí agus do pháirtithe leasmhara eachtracha.

## (g) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Agus na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, ní mór don Ghrúpa meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais a dhéanamh a chreideann sé a bheith réasúnta bunaithe ar an eolas atá ar fáil. Bíonn tionchar ag na meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanas ar dháta na ráiteas airgeadais agus na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear i rith na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa a mheastacháin a mheas ag úsáid taithí stairiúil, comhairliúchán le saineolaithe agus modhanna eile a mheastar a bheith réasúnach sna cúinsí áirithe atá ann. D'fhéadfadh na torthaí iarbhíre a bheith éagsúil ó na meastacháin seo, agus déantar a dtionchar a aithint sa tréimhse ina dtagann na fíricí is cúis leis an leasú chun cinn.

### (i) Breithiúnais chriticiúla le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na beartais chuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### (a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil

Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúchán) araon ann. Tá beartais, rialúcháin agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ag an nGrúpa leis na rioscaí a mhaolú ar chaiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú.

# 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (ii) Neamhchinnteacht meastacháin

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana maidir leis an todhchaí agus na príomhfhoinsí eile as a dtagann neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ag baint leo maidir le coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na méideanna anonn sócmhainní agus dliteanas laistigh den bhliain seo chugainn.

#### (a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó

Amhail an 31 Nollaig 2019, ba ionann comhiomlán réadmhaoin, gléasra agus trealamh (RG&T) an Ghrúpa, agus sócmhainní doláimhsithe, agus €2,532.0 milliún, arbh ionann é agus formhór shócmhainní an Ghrúpa. Dá bhrí sin tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a dhéantar leis an luach anonn a dheimhniú criticiúil do na ráitis airgeadais mar go bhféadfadh in-aisghabhálacht na méideanna, nó a n-easpa, cur isteach go mór ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo.

**Dímheas agus saolta úsáideacha**

Aithníonn an Grúpa muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2019: €136.4 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas RG&T agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saolta eacnamaíochta úsáideacha ionchais. Tá deimhniú shaolta úsáideacha measta sócmhainní bunaithe ar thaithí, ionchais don todhchaí agus tosca eile. Tá saolta úsáideacha measta aicmithe na bpríomhshócmhainní leagtha amach sna beartais chuntasaíochta seo (alt 1(f)). Déanann an Grúpa athbhreithniú bliantúil ar shaolta úsáideacha sócmhainní agus déantar aon athrú riachtanach a choigeartú go hionchasach. De bharr mhéid na hinfheistíochta i sócmhainní atá déanta ag an nGrúpa, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag éagsúlachtaí idir saolta úsáideacha iarbhíre agus saolta úsáideacha measta ar thorthaí sa todhchaí, bíodh siad sin dearfach nó diúltach. Níl aon athrú ar shaolta úsáideacha aitheanta ag an nGrúpa roimhe seo, a raibh tionchar ábhartha aige ar thorthaí oibriúcháin.

#### (b) Oibleagáidí leasa scoir

Tugtar lascaine ar shreafaí airgid sochair réamh-mheasta an Ghrúpa atá ina mbonn taca lena oibleagáid leasa scoir ag ráta a shocraítear trí thagairt do thorthaí margaidh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar bhannaí corparáide d'ardcháilíocht. Tá gá le breithiúnas suntasach nuair atáthar ag socrú critéar do bhannaí a bheadh ináirithe don phobal óna dtagann an cuar toraidh. Is iad na critéir is tábhachtaí a mheastar le bannaí a roghnú ná méid eisithe na mbannaí corparáide, cáilíocht na mbannaí agus aitheantas na n-asluiteach atá fágtha amach. Tá gá le breithiúnas suntasach chomh maith nuair a bhíonn an cuar toraidh á dhíorthú ag téarmaí níos faide, ós rud é go bhfuil líon na mbannaí corparáide ardcháilíochta fadreathacha tearc ag faid níos faide.

#### (c) Foráil do Dhliteanais agus Muirir eile

Baineann neamhchinnteacht mheastacháin le measúnaithe a dhéantar ar na torthaí airgeadais de staideanna tráchtála agus dlíthiúla neamhchinnte, agus bíonn gá ann breithiúnas, meastachán agus boinn tuisceana a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh is dóchúla á mheas, bunaíonn an Grúpa a mheastachán ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlíthiúla agus ó shaineolaithe eile agus ar thosca ábhartha eile a cheaptar a bheith réasúnta mar a sheasann cúrsaí. Mar sin tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna arna bhfabhrú don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Grúpa sa deireadh. D'fhéadfadh an fhoráil riachtanach athrú sa todhchaí de bharr forbairtí nua agus chomh luath agus a thagann eolas eile chun solais. Féach ar nóta 23 chun tuilleadh sonraí a fháil.

#### (d) Cánachas

Tá an Grúpa faoi réir cánacha ioncaim i ndlínsí difriúla. Éilíonn na forálacha do dhliteanais chánach go ndéanfadh an Grúpa meastacháin maidir le ceisteanna cánach agus neamhchosanta. Tá na méideanna a chuirtear ar fáil bunaithe ar léirléamh an Ghrúpa ar dhlíthe cánach agus an dóchúlacht ar shocrúchán. Áit a mbeidh an toradh deireanach cánach difriúil leis na méideanna a taifeadadh ar dtús, beidh tionchar ag na difríochtaí sin ar na soláthairtí um cháin reatha agus cháin iarchurtha sa tréimhse ina socraítear an méid sin. Féach ar nóta 9.

## 2. Faisnéis Rannóige

I rith 2015, d'aistrigh an Mháthairchuideachta an fiachas ar fad chuig a fochuideachta nuachorpraithe, Líonraí Gáis Éireann. Dá bharr sin, níl an Grúpa laistigh de raon feidhme na nDeighleog Oibriúcháin IFRS 8 a thuilleadh, ach roghnaigh sé an t-eolas rannóige seo a leanas a chur i láthair.

| RANNÓG | SUÍOMH GEOGRAFACH | CUR SÍOS AR THÁIRGÍ AGUS SHEIRBHÍSÍ |
|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | Éire agus an RA | Forbraíonn, oibríonn agus déanann gnó Líonraí Gáis Éireann cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann sé seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Chomh maith leis sin, oibríonn roinn ghnó Líonraí Gáis Éireann an dá phíblíne idirnascaire gháis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra aici i dTuaisceart Éireann agus in Oileán Mhanann. Is úinéir í freisin ar an dá phíblíne agus an bonneagar. Tagann a ioncam den chuid is mó ó sheirbhísí iompair gháis.<br>Cuimsítear gnó Aurora Telecom, a sholáthraíonn bonneagar leathanbhanda snáthoptaice dorcha d'ardchaighdeán, laistigh den roinn seo freisin. |
| Máthairchuideachta Ervia | Éire | Cuimsíonn oibríochtaí Mháthairchuideachta Ervia réimsí nach dtagann laistigh de rannóg gnó Líonraí Gáis Éireann, a bhfuil ina measc;<br>▸ Seirbhísí Gnó, a chuireann seirbhísí tacaíochta sna réimsí Seirbhísí Idirbhirt, Airgeadais, Acmhainní Daonna, Oibríochtaí TF agus Shlabhra an tSoláthair ar fáil don Ghrúpa. Ina theannta sin, is lárionad barr feabhais do thacaíocht Árachais, Saoráidí agus Tionscadail é an tIonad um Réitigh Ghnó.<br>▸ Ionad Grúpa atá déanta suas d'oifig Phríomhfheidhmeannach an Ghrúpa, Airgeadas Grúpa, AD Grúpa, Cúrsaí Dlí, Straitéis agus Rialáil Tráchtála, agus<br>▸ Tionscadail Mhóra, lárionad feabhais chun príomhthionscadail straitéiseacha um bonneagar gáis agus uisce a chur i gcrích.<br>Déantar costais i dtaobh Ervia a athmhuirearú ar rannóga gnó Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann. Tá costais oibriúcháin na rannóige seo leagtha amach thíos glan ó na hathmhuirir agus is é atá iontu go príomha ná costais phinsin nach costais airgid thirim iad. |

I gcomhréir le IFRS 10, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a chomhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa (mar a mhínítear tuilleadh i nóta 27). Dá bharr sin, níl Uisce Éireann cuimsithe sa nóta sin.

### (a) Ioncam

Ioncam roinnte de réir an tsuímh gheografaigh mar a leanas:

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Éire | 432,132 | 450,693 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 37,731 | 36,490 |
| **Iomlán** | **469,863** | **487,183** |

Cuimsithe in ioncam an Ghrúpa de €469.9 milliún do 2019 (2018: €487.2 milliún) tá ioncaim €125 milliún (2018: €129.4 milliún), €65.1 milliún (2018: €61.4 milliún) agus €50.9 milliún (2018: €47.7 milliún) a d'eascair as díolacháin chuig an trí chustaiméir is mó atá ag an nGrúpa.

# 2. Eolas Rannach (ar lean)

## (b) Caiteachas Caipitiúil

| | BREISEANNA CAIPITIL LE RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (NÓTA 10) 2019 €'000 | 2018 €'000 | BREISEANNA CAIPITIL LE SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE (NÓTA 12) 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Líonraí Gáis Éireann | 102,371 | 134,733 | 7,274 | 8,211 |
| Máthairchuideachta Ervia | 122 | 232 | - | - |
| **Iomlán** | **102,493** | **134,965** | **7,274** | **8,211** |

## (c) Sócmhainní neamhreatha de réir ionaid gheografaigh

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | 2,169,556 | 2,166,981 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 362,396 | 371,289 |
| **Iomlán** | **2,531,952** | **2,538,270** |

Is ionann sócmhainní neamhreatha chun na críche seo agus réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe. Eisiatar ionstraimí airgeadais díorthacha.

| | LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN (TORTHAÍ REACHTÚLA) 2019 €'000 | COMHDHLÚTHÚ AGUS DÍOTHÚ 2019 €'000 NÓTA 1 | A<br>LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN (TORTHAÍ DEIGHLEOIGE) 2019 €'000 | MÁTHAIRCHU-IDEACHTA ERVIA (TORTHAÍ REACHTÚLA) 2019 €'000 | COMHDHLÚTHÚ AGUS DÍOTHÚ 2019 €'000 NÓTA 2 | B<br>MÁTHAIRCHU-IDEACHTA ERVIA (TORTHAÍ DEIGH-LEOIGE) 2019 €'000 | A + B = C<br>GRÚPA ERVIA (TORTHAÍ REACHTÚLA 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 469,863 | - | 469,863 | - | - | - | 469,863 |
| Costais oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh san áireamh) | (185,510) | - | (185,510) | (3,285) | - | (3,285) | (188,795) |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin roimh amúchadh agus dhímheas (EBITDA)** | **284,353** | **-** | **284,353** | **(3,285)** | **-** | **(3,285)** | **281,068** |
| Dímheas agus amúchadh | (138,862) | 3,896 | (134,966) | (1,395) | - | (1,395) | (136,361) |
| **Brabús/(caillteanas) oibriúcháin** | **145,491** | **3,896** | **149,387** | **(4,680)** | **-** | **(4,680)** | **144,707** |
| Ioncam airgeadais | 1,883 | - | 1,883 | 54,404 | (54,715) | (311) | 1,572 |
| Costais airgeadais | (20,511) | - | (20,511) | (2,642) | 311 | (2,331) | (22,842) |
| **Glan(chostais)/ioncam airgeadais** | **(18,628)** | **-** | **(18,628)** | **51,762** | **(54,404)** | **(2,642)** | **(21,270)** |
| **Brabús/(caillteanas) roimh cháin ioncaim** | **126,863** | **3,896** | **130,759** | **47,082** | **(54,404)** | **(7,322)** | **123,437** |

## 2. Eolas Rannach (ar lean)

| | LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN (TORTHAÍ REACHTÚLA) 31-NOLL-19 €'000 | COMHDHLÚTHÚ AGUS DÍOTHÚ 31-NOLL-19 €'000 NÓTA 1 | A<br>LÍONRAÍ GÁIS ÉIREANN (TORTHAÍ DEIGHLEOIGE) 31-NOLL-19 €'000 | MÁTHAIRCHU-IDEACHTA ERVIA (TORTHAÍ REACHTÚLA) 31-NOLL-19 €'000 | COMHDHLÚTHÚ AGUS DÍOTHÚ 31-NOLL-19 €'000 NÓTA 3 | B<br>MÁTHAIRCHU-IDEACHTA ERVIA (TORTHAÍ DEIGH-LEOIGE) 31-NOLL-19 €'000 | A + B = C<br>GRÚPA ERVIA (TORTHAÍ REACHTÚLA 31-NOLL-19 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní bonneagair | 2,572,569 | (62,173) | 2,510,396 | 21,556 | - | 21,556 | 2,531,952 |
| Sócmhainní eile | 199,579 | - | 199,579 | 809,668 | (766,606) | 43,062 | 242,641 |
| **Sócmhainní iomlána** | **2,772,148** | **(62,173)** | **2,709,975** | **831,224** | **(766,606)** | **64,618** | **2,774,593** |
| | | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,190,197) | - | (1,190,197) | (14,037) | - | (14,037) | (1,204,234) |
| Oibleagáidí sochair scoir | - | - | - | (147,476) | - | (147,476) | (147,476) |
| Dliteanais eile | (517,997) | 9,989 | (508,008) | (28,164) | 85,170 | 57,006 | (451,002) |
| **Dliteanais iomlána** | **(1,708,194)** | **9,989** | **(1,698,205)** | **(189,677)** | **85,170** | **(104,507)** | **(1,802,712)** |
| | | | | | | | |
| **Glansócmhainní** | **1,063,954** | **(52,184)** | **1,011,770** | **641,547** | **(681,436)** | **(39,889)** | **971,881** |
| | | | | | | | |
| **Glanfhiachas** | **(1,073,605)** | - | **(1,073,605)** | **(10,225)** | - | **(10,225)** | **(1,083,830)** |

**Nóta 1:**
Roimhe seo, bhíodh sócmhainní áirithe faoi réir diúscairtí inghrúpa chuig eintitis eile laistigh de Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann ag an luach margaidh le tuairisciú thar a nglanluach de réir na leabhar ag dáta a ndíolta. Ó thaobh Ghrúpa Ervia de, rinneadh na gnóthachain inghrúpa neamhréadaithe a dhíbirt ar chomhdhlúthú nuair a díoladh na sócmhainní gaolmhara le heintitis laistigh de Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann. Mar gheall ar sin, déantar an dímheas ardaithe a aithnítear i ráitis airgeadais Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann a dhíbirt ar chomhdhlúthú (2019: €3.9 milliún). Ba é luach anonn na sócmhainní cuí a áiríodh i ráitis airgeadais Ghrúpa Líonra Gáis Éireann, atá faoi réir ag díbirt ar chomhdhlúthú, ná €62.2 milliún amhail an 31 Nollaig 2019. Ba é an dliteanas cánach iarchurtha ar na sócmhainní sin, faoi réir ag díbirt ar chomhdhlúthú, ná €10.0 milliún amhail an 31 Nollaig 2019.

**Nóta 2:**
Déantar an díbhinn €54.4 milliún inghrúpa a d'fhógair Líonraí Gáis Éireann don Mháthairchuideachta Ervia don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 a dhíbirt ag leibhéal Ghrúpa Ervia.

**Nóta 3:**
Déantar na sócmhainní seo a leanas de chuid Mháthairchuideachta Ervia a dhíbirt nó a athaicmiú (fritháireamh) ar chomhdhlúthú:

- Déantar infheistíocht Mháthairchuideachta Ervia de €681.4 milliún i Líonraí Gáis Éireann a dhíbirt in aghaidh glansócmhainní (cothromas) Líonraí Gáis Éireann. Féach ar nóta 16 na Máthairchuideachta.
- Déantar infháltas idirchuideachta Mháthairchuideachta Ervia de €76.5 milliún a fhaightear ó Líonraí Gáis Éireann a dhíbirt in aghaidh an dliteanais chomhfhreagraigh i nGrúpa Líonraí Gáis Éireann. Féach ar nóta 9 na Máthairchuideachta.
- Déantar sócmhainn cánach iarchurtha Mháthairchuideachta Ervia de €8.5 milliún a fhritháireamh in aghaidh dliteanas cánach iarchurtha a aithnítear i nGrúpa Líonraí Gáis Éireann.

## 3. Ioncam

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Rialaithe | 414,916 | 423,527 |
| Neamhrialaithe – conarthaí iompair | 27,603 | 29,309 |
| Neamhrialaithe – conarthaí nua nasc | 5,464 | 9,902 |
| Neamhrialaithe – eile | 21,880 | 24,445 |
| **Iomlán** | **469,863** | **487,183** |

# 4. Costais Oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh san áireamh)

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costas an tsochair fostaithe | (93,496) | (86,081) |
| Seirbhísí fruilithe agus conraithe | (15,154) | (13,705) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | (57,043) | (55,541) |
| Cíos, rátaí agus saoráidí | (31,615) | (30,840) |
| Speansais oibriúcháin eile | (47,466) | (50,347) |
| Athmhuirir ar ghnóthais neamhrialaithe (nóta 28) | 55,979 | 44,044 |
| **Iomlán** | **(188,795)** | **(192,470)** |

Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **(a) Luach saothair an iniúchóra** | | |
| – seirbhísí iniúchta reachtúil | (175) | (169) |
| – seirbhísí dearbhaithe eile a bhaineann le hiniúchadh | (63) | (70) |
| – seirbhísí neamh-iniúchta eile | (77) | (16) |
| **Iomlán** | **(315)** | **(255)** |
| | | |
| **(b) Luachanna saothair chomhaltaí boird** | | |
| – táillí | (158) | (157) |
| – luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa* | (338) | (302) |
| **Iomlán** | **(496)** | **(459)** |

*Cuimsíonn luach saothair na bliana reatha thuas luach saothair an POF reatha a ainmníodh ar an 5 Aibreán 2019 agus luach saothair an iar-POF (teidlíochtaí do shaoire bhliantúil charntha san áireamh) a d'éirigh as a phost ar an 5 Aibreán 2019.

Is iad seo a leanas mionsonraí an chostais agus gach rud san áireamh de phacáiste luach saothair Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **(b) (i) Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha an Ghrúpa** | | |
| Tuarastal bunúsach Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa | (166) | - |
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile | (43) | - |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | (28) | - |
| **Iomlán** | **(237)** | **-** |
| | | |
| **(b) (ii) Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa** | | |
| Tuarastal bunúsach Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa | (75) | (225) |
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe eile | (7) | (21) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | (19) | (56) |
| **Iomlán** | **(101)** | **(302)** |

# 5. Sochair Fostaithe

## (a) Sochair chomhiomlána fostaithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | (89,283) | (75,272) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | (15,160) | (17,913) |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra don leas sóisialta | (10,077) | (8,120) |
| | (114,520) | (101,305) |
| Párolla caipitlithe agus aistrithe eile párolla | 21,024 | 15,224 |
| **Costas an tsochair fostaithe arna mhuirearú ar an gcuntas brabúis nó caillteanais** | **(93,496)** | **(86,081)** |

## (b) Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | (84,912) | (71,150) |
| Ragobair | (1,091) | (1,163) |
| Liúntais | (1,019) | (892) |
| Eile | (2,261) | (2,067) |
| **Iomlán** | **(89,283)** | **(75,272)** |

Ba ionann meánlíon na bhfostaithe a d'fhostaigh an Grúpa agus 1,144 don bhliain 2019 (2018: 981).

D'aithin an Grúpa costais foirceanta fostaí de €nialas sa tréimhse thuairiscithe. Féach ar nóta 23 chun tuilleadh eolais a fháil faoi shochair fhoirceanta arna muirearú in aghaidh forálacha athstruchtúraithe.

# 6 Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | (1,547) | (1,477) |
| Sochair iarfhostaíochta | (180) | (182) |
| **Iomlán** | **(1,727)** | **(1,659)** |

Is ionann an phríomhbhainistíocht agus Bord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuairiscí díreacha. Déantar na príomhchostais bhainistíochta a chionroinnt ar eintitis aonair laistigh de ghrúpa Ervia bunaithe ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil. Tá na costais atá nochta de chionroinnt glan ó chostais Uisce Éireann, atá ina ghnóthas neamhrialaithe.

# 7. Dímheas agus Amúchadh

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dímheas | 10 | (135,542) | (131,353) |
| Dímheas ar Shócmhainní a bhfuil Ceart Úsáide acu | 11 | (1,371) | - |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 12 | (5,964) | (5,424) |
| Amúchadh deontas | 22 | 6,516 | 5,710 |
| **Iomlán** | | **(136,361)** | **(131,067)** |

# 8. Glanchostais Airgeadais

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Roimh atomhais** | | | |
| **Costais airgeadais** | | | |
| Ús agus muirir eile a gearradh ar iasachtaí | | (19,403) | (22,894) |
| Ús caipitlithe | | 218 | 1,122 |
| Muirear maoinithe | | - | (67) |
| Muirear airgeadais um dhliteanas léasa | | (382) | - |
| Glanmhéid úis ar an nglandliteanas sochair shainithe | 20 | (1,935) | (2,125) |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | | **(21,502)** | **(23,964)** |
| | | | |
| **Atomhais** | | | |
| Glanathruithe ar luach cóir díorthach maoinithe neamhainmnithe | (i) | 1,572 | 1,397 |
| Glanathruithe ar luach cóir ionstraimí airgeadais arna sonrú i ngaolmhaireacht fhálaithe luacha chóir | (i) | (1,340) | (79) |
| **Iomlán na míreanna atomhais** | | **232** | **1,318** |
| | | | |
| **Iomlán** | | | |
| Ioncam airgeadais | | 1,572 | 1,397 |
| Costais airgeadais | | (22,842) | (24,043) |
| **Glanchostais airgeadais** | | **(21,270)** | **(22,646)** |

(i) Baineann atomhais le gluaiseachtaí luacha chóir neamhréadaithe ar dhíorthaigh agus ionstraimí airgeadais eile a thugtar cuntas dóibh amhail agus a gcoinneofar iad do thrádáil nó mar fhálaithe luacha chóir i gcomhréir le beartas cuntasaíochta an Ghrúpa. Sonraítear na hionstraimí díorthaigh atá laistigh de scóip IFRS 9 i mbeartas cuntasaíochta 1(f).

# 9. Cáin

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Costas cánach reatha** | | |
| Cáin reatha | (21,610) | (24,642) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | 100 | 2,241 |
| | (21,510) | (22,401) |
| | | |
| **Creidmheas cánach iarchurtha** | | |
| Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha | 3,033 | 3,483 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | 317 | (32) |
| | 3,350 | 3,451 |
| | | |
| **Iomlán chostas na cánach ioncaim** | **(18,160)** | **(18,950)** |

# 9. Cáin (ar lean)

## An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | 123,437 | 141,000 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2018: 12.5%) | (15,430) | (17,625) |
| Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | (1,793) | (1,968) |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | 492 | 490 |
| Brabúis ar gearradh cáin orthu ag rátaí níos airde | (1,781) | (1,712) |
| Éifeacht an athraithe ar an ráta cánach | (132) | (376) |
| Coigeartú malartaithe | 67 | 33 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | 417 | 2,208 |
| **Iomlán chostas na cánach ioncaim** | **(18,160)** | **(18,950)** |

Féach ar ráiteas an Ghrúpa maidir le hioncam cuimsitheach eile chun tuilleadh sonraí a fháil faoin tionchar cánach a bhaineann leis seo.

## Dliteanais chánach reatha

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Dliteanais chánach reatha | (3,323) | (2,502) |

## Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| | OIBLEAGÁID LEASA SCOIR €'000 | IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA €'000 | RÉADMHAOIN, GLÉASRA, TREALAMH AGUS SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE €'000 | ÚS €'000 | EILE €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | 15,979 | 312 | (208,161) | (2,981) | 182 | (194,669) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 1,212 | - | 987 | 1,330 | (78) | 3,451 |
| Aitheanta i gcothromas | (4,893) | (115) | - | - | - | (5,008) |
| Coigeartú malartaithe | - | - | 172 | (76) | - | 96 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **12,298** | **197** | **(207,002)** | **(1,727)** | **104** | **(196,130)** |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 878 | - | 3,831 | (1,128) | (231) | 3,350 |
| Aitheanta i gcothromas | 5,400 | (125) | - | - | - | 5,275 |
| Coigeartú malartaithe | - | - | (925) | 417 | - | (508) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **18,576** | **72** | **(204,096)** | **(2,438)** | **(127)** | **(188,013)** |

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe toisc nach dócha go ndéanfar iad a aisghabháil go ceann i bhfad. Níl aon dáta éaga maidir le cathain is féidir sócmhainní cánach a úsáid.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Caillteanais chaipitil | 3,600 | 3,600 |
| Caillteanais ar aghaidh | - | - |

# 10. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | 2,490,274 | 2,516,656 |
| Sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu - léasanna | 11 | 18,702 | - |
| **Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - arna gcur i láthair sa chlár comhardaithe** | | **2,508,976** | **2,516,656** |

## Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

| | TALAMH AGUS FOIRGNIMH €'000 | GLÉASRA, PÍBLÍNE AGUS INNEALRA €'000 | SÓCMHAINNÍ ATÁ Á DTÓGÁIL €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | 89,311 | 4,110,463 | 111,338 | 4,311,112 |
| Breiseanna | - | 10,378 | 124,587 | 134,965 |
| Aistrithe sa bhliain | 28 | 203,893 | (203,921) | - |
| Diúscairtí | - | (6,242) | - | (6,242) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | (2,174) | (241) | (2,415) |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **89,339** | **4,316,318** | **31,763** | **4,437,420** |
| | | | | |
| Breiseanna | - | 7,959 | 94,534 | 102,493 |
| Aistrithe sa bhliain | (3) | 77,643 | (77,640) | - |
| Diúscairtí | - | (5,536) | - | (5,536) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | 13,842 | 184 | 14,026 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **89,336** | **4,410,226** | **48,841** | **4,548,403** |
| | | | | |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | (35,855) | (1,761,028) | - | (1,796,883) |
| Dímheas don bhliain | (1,841) | (129,512) | - | (131,353) |
| Diúscairtí | - | 6,215 | - | 6,215 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | 1,257 | - | 1,257 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **(37,696)** | **(1,883,068)** | **-** | **(1,920,764)** |
| | | | | |
| Dímheas don bhliain | (1,841) | (133,701) | - | (135,542) |
| Diúscairtí | - | 5,486 | - | 5,486 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | (7,309) | - | (7,309) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(39,537)** | **(2,018,592)** | **-** | **(2,058,129)** |
| | | | | |
| **Méideanna anonn** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2018[1] | 51,643 | 2,433,250 | 31,763 | 2,516,656 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019[1]** | **49,799** | **2,391,634** | **48,841** | **2,490,274** |

[1]Cuimsíonn luach anonn Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sócmhainní atá faoi réir ag socruithe léasa oibriúcháin mar a mhínítear iad i nóta 11. Ba í luach anonn na sócmhainní seo amhail an 31 Nollaig 2019 ná €95.2 milliún (31 Nollaig 2018: €108.0 milliún) agus cuirtear í seo san áireamh i Réadmhaoin, píblíne agus innealra.

I rith na bliana, rinne an Grúpa ús de €0.2 milliún a chaipitliú (2018: €1.1 milliún). Ba é an ráta caipitlithe ná 1.69% (2018: 2.0%). I rith na bliana freisin rinne an Grúpa €10.5 milliún de chostais phárolla a chaipitliú (2018: €7.8 milliún).

Chuaigh Líonra Gáis Éireann (IOM) DAC, fochuideachta laistigh den Ghrúpa, isteach i socrú um maoiniú tionscadal in 2003. Tá an t-iarmhéid gan íoc de €2.7 milliún amhail an 31 Nollaig 2019 (2018: €5.2 milliún) ar an tsaoráid iasachta a bhfuil iontaofacht theoranta aici, urraithe ar shócmhainní Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC (nóta 18).

## Gealltanais chaipitil

| | 2019 €'MILLIÚN | 2018 €'MILLIÚN |
|---|---|---|
| Arna chonradh do | 41 | 40 |

## 11. Léasanna

### An Grúpa mar Léasaí

Chuaigh an Grúpa i mbun socruithe léasa éagsúla a bhaineann go ginearálta le foirgnimh, talamh agus sócmhainní teileachumarsáide a ligean amach ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a cur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

(a) Méideanna arna n-aithint sa Chlár Comhardaithe

| | TALAMH AGUS FOIRGNIMH €'000 | GLÉASRA, PÍBLÍNE AGUS INNEALRA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 - nóta 1e | 10,902 | 4,629 | 15,531 |
| Breiseanna | 4,542 | - | 4,542 |
| Dímheas | (1,106) | (265) | (1,371) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | **14,338** | **4,364** | **18,702** |
| | | | |
| **Dliteanais léasa** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019 - nóta 1e | (10,802) | (3,242) | (14,044) |
| Breiseanna | (4,542) | - | (4,542) |
| Costais Úis | (284) | (98) | (382) |
| Íocaíochtaí léasa | 1,135 | 240 | 1,375 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | **(14,493)** | **(3,100)** | **(17,593)** |
| | | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamhreatha | | | (16,358) |
| Reatha | | | (1,235) |
| **Iomlán** | | | **(17,593)** |

Déantar anailís ar aibíocht dliteanas léasa a chur i láthair i nóta 18. Níl an Grúpa ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dhliteanais léasa. Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh de na feidhmeanna gnó ábhartha.

(b) Méideanna eile a aithnítear sa ráiteas ar bhrabús nó caillteanas

| | 2019 €'000 |
|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | - |
| Costais a bhaineann le sócmhainní ar luach íseal nach léasanna gearrthéarmacha iad | - |
| Costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa inathraitheacha nach gcuirtear san áireamh sna dliteanais léasa | - |
| **Iomlán** | **-** |

### An Grúpa mar Léasóir

Téann an Grúpa i mbun socruithe léasa oibriúcháin d'fhonn cead a thabhairt do thríú páirtithe codanna dá chóras Iompair Líonra Gáis a úsáid. I gcomhréir le beartas cuntasaíochta an Ghrúpa, meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Leagtar amach thíos próifíl d'ioncam léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe neamhlascainithe a bheidh le haithint mar ioncam sna blianta amach romhainn. Téann na téarmaí léasa neamhchaite ó 4 go 12 bhliain.

Anailís ar aibíochtaí

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Bliain 1 | 22,948 | 23,908 |
| Bliain 2 | 21,984 | 22,395 |
| Bliain 3 | 20,748 | 20,340 |
| Bliain 4 | 16,682 | 19,678 |
| Bliain 5 | 8,296 | 17,472 |
| Bliain 6 ar aghaidh | 98,175 | 106,574 |
| **Iomlán** | **188,832** | **210,367** |

## 12. Sócmhainní doláimhsithe

| | BOGEARRAÍ AGUS EILE €'000 | BOGEARRAÍ I MBUN FORBARTHA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | 134,052 | 6,026 | 140,078 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | 4 | 8,207 | 8,211 |
| Aistrithe sa bhliain | 7,087 | (7,087) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | (24) | 4 | (20) |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **141,119** | **7,150** | **148,269** |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 7,274 | 7,274 |
| Aistrithe sa bhliain | 6,023 | (6,023) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | 111 | 4 | 115 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **147,253** | **8,405** | **155,658** |
| **Caillteanais amúchta agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | (121,242) | - | (121,242) |
| Amúchadh don bhliain | (5,424) | - | (5,424) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | 11 | - | 11 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **(126,655)** | **-** | **(126,655)** |
| Amúchadh don bhliain | (5,964) | - | (5,964) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | (63) | - | (63) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(132,682)** | **-** | **(132,682)** |
| **Méideanna anonn** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2018 | 14,464 | 7,150 | 21,614 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **14,571** | **8,405** | **22,976** |

I rith na bliana rinne an Grúpa €1.1 milliún de chostais phárolla a chaipitliú (2018: €1.4 milliún).

## 13. Fardal

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| **Stoc gáis agus ábhair innealtóireachta** | **2,578** | **1,675** |

In 2019 ba ionann méid iomlán na bhfardal a aithníodh sa ráiteas ioncaim agus €0.7 milliún (2018: €1.1 milliún). Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe in 2019 (2018: €nialas).

## 14. Trádáil agus infháltais eile

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | 6,107 | 9,486 |
| Infháltais trádála - neamhbhilleáilte | 38,561 | 40,856 |
| Réamhíocaíochtaí | 9,298 | 7,731 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe | 35,475 | 28,000 |
| Deontas infhaighte | 7,099 | 7,099 |
| Infháltais eile | 3,693 | 4,286 |
| **Iomlán** | **100,233** | **97,458** |
| | | |
| Anailísithe mar seo a leanas: | | |
| Neamhreatha | - | - |
| Reatha | 100,233 | 97,458 |
| **Iomlán** | **100,233** | **97,458** |

Déantar trádáil agus infháltais eile a lua glan ó chaillteanais chreidmheasa ionchais. Freagraíonn infháltais thrádála don chuid is mó d'infháltais i dtaca le hioncam ó úsáid an chórais in Éirinn agus na muirir a bhaineann le húsáid píblínte traschurtha Tuaisceart-Iarthar agus Deisceart-Tuaisceart i dTuaisceart Éireann. Féach ar nóta 28 chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le hiarmhéideanna le páirtithe leasmhara.

### Liúntas maidir le Caillteanas Creidmheasa Ionchasach

Ní aithníonn an Grúpa aon fhorálacha drochfhiachais ábhartha agus níl an Lucht Bainistíochta ag súil leis go mbeidh aon chaillteanas suntasach d'infháltais ann nach ndearnadh foráil dóibh cheana.

Déanann an Grúpa liúntas i leith infháltais thrádála a thomhas i gcónaí ag méid arbh ionann é agus ECL (caillteanas creidmheasa ionchais) shaolré. Déantar na caillteanais chreidmheasa ionchais (ECL) seo a thomhas faoi nós imeachta simplithe faoi IFRS 9. Ní úsáideann an Grúpa maitrís fhorála toisc go ndéantar measúnú ar ECL d'fhéichiúnaithe aonair a chur i bhfeidhm. Go ginearálta, d'aithin an Grúpa liúntas caillteanais de 100 faoin gcéad in aghaidh gach infháltas atá 120 lá thar théarma, bunaithe ar an taithí stairiúil nach féidir na hinfháltais seo a aisghabháil go ginearálta, ach amháin má tá fianaise oibiachtúil ann a léiríonn a mhalairt scéil.

Ba é €83.8 milliún an neamhchosantacht uasta a bhí ag trádáil agus infháltais eile ar riosca creidmheasa ag an dáta tuairiscithe (2018: €82.6 milliún). Déantar réamhíocaíochtaí de €9.3 milliún (2018: €7.7 milliún) a fhágáil as an áireamh mar nach n-eascraíonn aon neamhchinnteacht chreidmheasa. Fuarthas an deontas infhála de €7.1 milliún ag an dáta tuairiscithe, roimh fhaomhadh na ráiteas airgeadais seo, agus déantar é a fhágáil as an áireamh ón neamhchosantacht uasta ar riosca creidmheasa.

Léiríonn an tábla seo a leanas an ghluaiseacht i saolré ECL a aithníodh le haghaidh infháltais thrádála i gcomhréir leis an nós imeachta simplithe atá leagtha amach in IFRS 9.

### Foráil do bhearnúchán infháltas

| | ARNA MEASÚNÚ INA N-AONAIR 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir | (464) | (461) |
| Caillteanas bearnúcháin aitheanta | (65) | (33) |
| Soláthar úsáidte | 22 | 30 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(507)** | **(464)** |

# 14. Trádáil agus Infháltais Eile (ar lean)

Is í seo a leanas aibíocht na trádála agus infháltas eile (ag eisiamh méideanna atá dlite ó ghnóthais neamhrialaithe), glan ó chaillteanais chreidmheasa ionchais:

| | GLANINFHÁLTAS 31-NOLL-19 €'000 | GLANINFHÁLTAS 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Gan a bheith thar téarma | 46,340 | 53,899 |
| 0 – 30 lá | 1,470 | 166 |
| 31 – 120 lá | 157 | 375 |
| > 120 lá | 394 | 188 |
| **Iomlán** | **48,361** | **54,628** |

Réiteach i leith Caillteanais Chreidmheasa Ionchais

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Nós imeachta simplithe | 48,361 | 54,628 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe | 35,475 | 28,000 |
| Réamhíocaíochtaí & Deontas infhála | 16,397 | 14,830 |
| **Iomlán** | **100,233** | **97,458** |

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairiscithe de réir réigiúin gheografaigh:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Éire | 76,472 | 75,309 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 7,364 | 7,319 |
| **Iomlán** | **83,836** | **82,628** |

Úsáid Infháltais an Chórais:

**Poblacht na hÉireann:** Cuimsíonn ioncam ó úsáid an chórais in Éirinn ioncam ó Úsáid an Chórais Leithdháilte (DUoS) agus ioncam ó Úsáid an Chórais Thraschurtha (TUoS). Is iad na téarmaí creidmheasa do DUoS agus TUoS araon ná deich lá ghnó agus bhí fiche a hocht lastóir eachtrach ann faoi dheireadh na bliana. Déanann an Grúpa ioncam TUoS agus DUoS a bhilleáil agus a bhailiú. Tá sonrasc le tabhairt do na lastóirí as an ioncam ceadaithe ar bhonn míosúil, dhá lá ghnó dhéag tar éis dheireadh na míosa agus íocaíocht dlite deich lá ghnó ó dháta an tsonraisc. Faoi cód oibriúcháin an Líonra gháis, d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar Lastóirí Sláine Airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint in aghaidh neamhíocaíocht sonrasc Iompair gháis. Déantar cistí bainteacha a fuarthas a choinneáil i dtaisce agus cuirtear san áireamh iad laistigh den iarmhéid um thaiscí srianta. Féach ar nóta 16. Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

**Tuaisceart Éireann:** Cuimsíonn ioncam ó úsáid an chórais i dTuaisceart Éireann ioncam ó Úsáid an Chórais Leithdháilte (DUoS). Déanann an riarthóir sonraisc a eisiúint agus gearrtar ráta úis laethúil ar shonraisc neamhíoctha. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar Lastóirí Sláine Airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint in aghaidh neamhíocaíocht sonrasc iompair gháis. Déantar cistí bainteacha a fuarthas a choinneáil i dtaisce agus cuirtear san áireamh iad laistigh den iarmhéid um thaiscí srianta. Féach ar nóta 16. Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí méideanna dlite de €35.5 milliún ag an nGrúpa ó ghnóthais neamhrialaithe (2018: €28.0 milliún). Is í an fhoráil iomlán maidir leis na méideanna seo ná €nialas (2018: €nialas).

Rinneadh an caillteanas bearnúcháin a aithníodh mar €nialas i dtaobh méideanna atá dlite ó fhochuideachtaí neamhrialaithe a ríomh ag baint úsáide as an múnla um chaillteanas creidmheasa ionchais faoin nós imeachta simplithe mar a éilítear faoi IFRS 9.

Infháltais Eile:

Cuimsíonn infháltais thrádála eile infháltais ó chonarthaí custaiméara neamhrialaithe, infháltais ó dhamáistí tríú páirtí, infháltais ó Aurora Telecom agus infháltais ó chonarthaí custaiméara rialaithe atá coimhdeach i dtaca le húsáid chórais DUoS agus TUoS. Déantar íocaíochtaí i dtaobh ceangal nua nó athruithe sula ndéantar an obair. Déantar riosca creidmheasa ar gach infháltas eile a bhainistiú trí mhonatóireacht agus bainistíocht réamhghníomhach ar iarmhéideanna agus grinnscrúdú creidmheasa (más infheidhme).

## 15. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid chun críocha na gceanglas maidir le cumhdach leachtachta a chomhlíonadh.

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 105,086 | 131,826 |
| **Iomlán** | **105,086** | **131,826** |

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | 131,826 | 76,226 |
| (Laghdú) / méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid sa ráiteas faoi shreafaí airgid | (27,138) | 55,589 |
| Éifeacht luaineachtaí an ráta mhalairte ar airgead tirim a choinnítear | 398 | 11 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **105,086** | **131,826** |

## 16. Taiscí Srianta

Cuimsíonn taiscí srianta méideanna a choinnítear agus atá comhfhreagrach do thaiscí slándála a bhaineann leis an líonra gáis.

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Reatha | 17,717 | 26,700 |
| **Iomlán** | **17,717** | **26,700** |

## 17. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | 105,277 | 122,050 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 7 | 136,361 | 131,067 |
| Glanchostais airgeadais | 8 | 21,270 | 22,646 |
| Costas as sochair scoir | | 4,046 | 7,660 |
| Costas na cánach ioncaim | 9 | 18,160 | 18,950 |
| | | **285,114** | **302,373** |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athrú ar fhardail | | (903) | (616) |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | | 1,618 | 39,344 |
| Athrú ar thrádáil agus méideanna iníoctha eile | | (10,100) | 11,880 |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | | 685 | (2,645) |
| Athrú ar sholáthairtí | | (1,938) | 100 |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **274,476** | **350,436** |
| Ús íoctha | | (18,208) | (22,006) |
| Cáin ioncaim a íocadh | | (20,896) | (26,623) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **235,372** | **301,807** |

# 18. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Soláthraíonn an nóta seo eolas faoi théarmaí conarthacha iasachtaí úsmhara an Ghrúpa. Féach ar nóta 25 chun níos mó eolais a fháil faoi nochtadh an Ghrúpa do ráta úis, ráta malairte agus riosca leachtachta.

### Aibíocht iasachtaí agus fiachais eile de réir cineáil (táillí bainteacha san áireamh)

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Bannaí | (918,297) | (619,560) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais[1] | (268,344) | (572,266) |
| Dliteanais léasa | (17,593) | - |
| **Iomlán** | **(1,204,234)** | **(1,191,826)** |

### Iasachtaí agus fiachas eile arna n-anailísiú mar seo a leanas:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | (428,625) | (124,139) |
| Níos mó ná cúig bliana | (732,920) | (620,988) |
| **Neamhreatha** | **(1,161,545)** | **(745,127)** |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | (42,689) | (446,699) |
| **Reatha** | **(42,689)** | **(446,699)** |
| **Iomlán** | **(1,204,234)** | **(1,191,826)** |

[1] lena n-áirítear nótaí láithrithe phríobháidigh.

Áirítear le méid iomlán na n-iasachtaí fiachas ráta chomhlúthaigh de €139.5 milliún (2018: €453.1 milliún), fiachas nasctha le boilsciú de €2.7 milliún (2018: €5.2 milliún) agus fiachas ráta sheasta de €1,044.5 milliún (2018: €733.5 milliún) a rinneadh a tharraingt anuas ó iasachtóirí éagsúla. Déantar an fiachas nasctha le boilsciú a urrú ar shócmhainní Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC, a chuimsíonn píblíne thraschurtha gháis chuig Oileán Mhanann don chuid is mó. Tá na hioncaim ón bpíblíne seo innéacsaithe chuig an R.A. Praghasinnéacs Tomhaltóirí (RPI RA). Dá réir sin, chun an riosca a bhaineann le boilsciú íseal a mhaolú, déantar an fiachas seo a nascadh freisin le RPI RA ag baint úsáide as fálú atá nasctha le hinnéacs.

Coimeádtar iasachtaí áirithe le páirtithe gaolmhara, féach ar nóta 28 chun na sonraí iomlána a fháil faoi nochtuithe ag páirtí gaolmhar.

### Glanfhiachas

| | | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iasachtaí iomlána agus fiachas eile | | (1,204,234) | (1,191,826) |
| Lúide fálaithe luacha chóir arna n-aithint laistigh de na hiasachtaí | 25 | 15,318 | 24,167 |
| Lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid | 15 | 105,086 | 131,826 |
| **Glanfhiachas** | | **(1,083,830)** | **(1,035,833)** |

# 18. Iasachtaí agus Fiachas Eile (ar lean)

| | BANNAÍ 2019 €'000 | IASACHTAÍ Ó INSTITIÚIDÍ AIRGEADAIS 2019 €'000 | DLITEANAIS LÉASA 2019 €'000 | IOMLÁN 2019 €'000 | BANNAÍ 2018 €'000 | IASACHTAÍ Ó INSTITIÚIDÍ AIRGEADAIS 2018 €'000 | DLITEANAIS LÉASA 2018 €'000 | IOMLÁN 2018 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | (619,560) | (572,266) | - | (1,191,826) | (618,984) | (566,517) | - | (1,185,501) |
| Dliteanas léasa - aistriú IFRS 16 (nóta 1e) | - | - | (14,044) | (14,044) | - | - | - | - |
| Fáltais ó iasachtaí | (298,128) | (354,695) | - | (652,823) | - | (99,662) | - | (99,662) |
| Aisíoc iasachtaí agus dliteanas léasa | - | 655,125 | 993 | 656,118 | - | 102,249 | - | 102,249 |
| Athrú ar luach cóir dliteanas airgeadais | - | 8,849 | - | 8,849 | - | (8,589) | - | (8,589) |
| Gluaiseacht mhalairte | - | (4,362) | - | (4,362) | - | 1,188 | - | 1,188 |
| Gluaiseachtaí eile neamh-airgid | (609) | (995) | (4,542) | (6,146) | (576) | (935) | - | (1,511) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(918,297)** | **(268,344)** | **(17,593)** | **(1,204,234)** | **(619,560)** | **(572,266)** | **-** | **(1,191,826)** |

# 19. Díbhinní

## Díbhinní fógartha

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Chuig an Státchiste | 139,404 | 144,189 |
| **Iomlán** | **139,404** | **144,189** |

## Díbhinn íoctha

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Díbhinn bhliantúil íoctha leis an Státchiste | 54,404 | 49,089 |
| Díbhinn speisialta ar dhíolachán an ghnó Fuinnimh íoctha leis an Státchiste | 85,000 | 90,000 |
| **Iomlán** | **139,404** | **139,089** |

Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia. Íocadh díbhinn €139.4 milliún (2018: €139.1 milliún) leis an Státchiste i rith na bliana. In 2018, tar éis comhaontú a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, choinnigh Ervia siar €5.1 milliún. Tá sé seo le híoc in 2023 le ráta úis cuí ag carnadh go bliantúil. Tá na díbhinní bliantúla bunaithe ar 45% (2018: 45%) de bhrabús na bliana roimhe sin roimh mhíreanna eisceachtúla, mar a threoraigh an scairshealbhóir. Áirítear le díbhinn 2019 a íocadh íocaíocht díbhinne speisialta bhreise de €85.0 milliún (2018: €90.0 milliún) tar éis an gnó Fuinnimh a dhíol in 2014.

## 20. Oibleagáidí sochair scoir

Oibríonn an Grúpa scéim sochair sainithe agus scéim ranníocaíochta sainithe.

### Scéim sochair sainithe

Oibríonn an Grúpa scéim pinsin sochair shainithe amháin in Éirinn atá maoinithe go seachtrach. Braitheann an leibhéal sochair a thugtar ar fad seirbhíse na mball foirne agus ar an tuarastal inphinsin atá acu nuair a fhágann siad an scéim, i.e. scéim 'tuarastal deiridh'. De ghnáth, cuirtear méaduithe ar fáil do phinsin atá á n-íoc ar bhonn lánroghnach.

Is é an Bord Iontaobhaithe, ar a bhfuil ionadaithe baill agus fostóra, a riarann an scéim sochair shainithe. Tá an Bord Iontaobhaithe freagrach as an scéim a bhainistiú agus a rialáil, rud a chuimsíonn comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán ábhartha go léir. Scartar sócmhainní na scéime uathu sin atá ag an nGrúpa i gcistí faoi riaradh iontaobhaithe. Tá an scéim faoi réir luachálacha achtúireacha gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh an luacháil ba dheireanaí ar an scéim sochair shainithe ag achtúire cáilithe ar an 1 Aibreán 2017. Is é an dáta éifeachtach don chéad luacháil achtúireach eile ná 1 Aibreán 2020.

Tá an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí éagsúla de bharr na scéime. Is iad seo a leanas na rioscaí is suntasaí:

#### Riosca luaineachta sócmhainne

Déantar na dliteanais a ríomh ag úsáid ráta lascaine atá socraithe le tagairt do thorthaí bannaí. Mura bhfuil sócmhainní ag déanamh chomh maith agus a léireodh an toradh seo, d'fhéadfadh sé sin easnamh ní ba mhó a chruthú. Tá cuid shuntasach de shócmhainní fáis (gnáthscaireanna agus malairtí éagsúlaithe) ag an scéim a chruthaíonn luaineacht agus riosca sa ghearrthéarma, cé go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh siad níos fearr ná bannaí corparáide san fhadtéarma.

#### Athruithe ar riosca torthaí bannaí

Má laghdaíonn torthaí bannaí corparáideacha, ardóidh an luach a chuirtear ar dhliteanais chun críocha cuntasaíochta, cé go ndéanfaidh ardú i luach aon ghabhháltas bannaí an t-ardú seo a fhritháireamh go páirteach.

#### Riosca tuarastail

Mar scéim tuarastail dheiridh, tá nochtadh do shochair níos airde ag teacht de thoradh ar arduithe tuarastal níos airde ná mar atá ceadaithe sna boinn thuisceana. Déanann na boinn tuisceana a úsáidtear chun an tuarastal deireadh a fhortheilgean ionchorprú ar bhall a bhaineann le haois chomh maith le bun-ráta bunúsach mar liúntas i gcomhair incrimintí agus arduithe céime.

#### Riosca boilscithe

Tá oibleagáidí sochair shainithe na scéime nasctha le boilsciú (tá na sochair nasctha le harduithe ar thuarastal do chomhaltaí gníomhacha, agus tá na sochair choinnithe nasctha ar bhonn lánroghnach le harduithe a thugtar ar phinsean iarscoir do chomhaltaí iarchurtha). Beidh dliteanais níos airde mar thoradh ar bhoilsciú atá níos airde ná mar atáthar ag súil leis. Déantar thart ar an gceathrú cuid den chiste a infheistiú i mbannaí atá nasctha le boilsciú chun dliteanais iarbhíre den chineál sin a mheaitseáil.

#### Riosca ionchais saoil

Is é cuspóir fhormhór oibleagáidí na scéime ná sochair a chur ar fáil ar feadh shaol an bhaill foirne (agus a gcleithiúnaithe). Dá bhrí sin, má tharlaíonn ardú san ionchas saoil tarlóidh ardú sna dliteanais.

# 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

Anailís ar shócmhainní an phlean agus an glandliteanas pinsin arna aithint ar an gclár comhardaithe

| | 2019 €'000 | % | 2018 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|
| **Infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha:** | | | | |
| Gnáthscaireanna | 199,428 | 42.1% | 168,679 | 40.4% |
| – margaí forbartha | 178,213 | | 150,951 | |
| – margaí ag teacht chun cinn | 21,215 | | 17,728 | |
| Bannaí | 193,521 | 40.8% | 209,085 | 50.2% |
| – Fiachas an Rialtais | 193,521 | | 183,623 | |
| – Fiachas nach fiachas rialtais é | - | | 25,462 | |
| Cistí infheistíochta | 68,889 | 14.4% | 29,618 | 7.1% |
| Airgead tirim | 1,261 | 0.3% | 972 | 0.2% |
| **Infheistíochtaí neamhluaite:** | | | | |
| Réadmhaoin/foraoiseacht | 4,099 | 0.9% | 3,815 | 0.9% |
| Bonneagar | 2,804 | 0.6% | - | 0.0% |
| Cothromas príobháideach/caipiteal fiontair | 3,873 | 0.8% | 4,576 | 1.1% |
| **Luach cóir iomlán shócmhainní an phlean ar an 31 Nollaig** | **473,875** | **100.0%** | **416,745** | **100.0%** |
| Oibleagáid sochair shainithe | (621,351) | | (515,126) | |
| **Glandliteanas pinsin ar an 31 Nollaig** | **(147,476)** | | **(98,381)** | |

Straitéis Infheistíochta

Rinne an Grúpa agus na hIontaobhaithe straitéis infheistíochta thosaigh a chomhaontú atá dírithe ar fhás (meaitseáil 59% fás / 41% dliteanas).

Anailís ar mhéideanna arna n-aithint sa ráiteas ioncaim i dtaobh an scéim pinsin sochair sainithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | (11,460) | (14,024) |
| Glanmhéid úis ar an nglandliteanas sochair shainithe | (1,935) | (2,125) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | - | (1,388) |
| **Costas iomlán pinsin arna aithint sa ráiteas ioncaim** | **(13,395)** | **(17,537)** |

Anailís ar an méid arna mhuirearú ar sholáthairtí

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | (293) | (397) |
| **Méid arna mhuirearú ar sholáthairtí** | **(293)** | **(397)** |

Athmhuirearú chuig gnóthais neamhrialaithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | (1,003) | (1,034) |
| **Athmhuirearú iomlán chuig gnóthais neamhrialaithe** | **(1,003)** | **(1,034)** |

Atomhais arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Toradh ar shócmhainní plean ag eisiamh ioncaim úis | 48,386 | (21,211) |
| Gnóthachan/(caillteanas) taithí ar dhliteanais | 57 | (3,737) |
| Éifeachtaí na n-athruithe ar thoimhdí airgeadais | (91,639) | 64,095 |
| **Iomlán an (chaillteanas)/ghnóthachan pinsin aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | **(43,196)** | **39,147** |

# 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

### Gluaiseacht i luach cóir sócmhainní

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach cóir oscailte shócmhainní an phlean** | 416,745 | 429,571 |
| Ioncam úis ar shócmhainní plean | 8,752 | 7,525 |
| Toradh ar shócmhainní plean (ag eisiamh ioncaim úis san) – gnóthachain/(caillteanais) | 48,386 | (21,211) |
| Ranníocaíochtaí ag fostóirí | 8,793 | 9,268 |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | 3,598 | 3,487 |
| Sochair a íocadh | (12,398) | (11,895) |
| **Luach cóir deiridh shócmhainní an phlean** | **473,875** | **416,745** |

### Gluaiseacht i luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Oibleagáid sochair sainithe oscailte** | (515,126) | (557,399) |
| Costas seirbhíse reatha | (12,756) | (15,455) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | - | (1,388) |
| Costas úis | (10,687) | (9,650) |
| Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí | (3,598) | (3,487) |
| Sochair a íocadh | 12,398 | 11,895 |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha | (91,582) | 60,358 |
| **Oibleagáid sochair sainithe deiridh** | **(621,351)** | **(515,126)** |

Ba é timpeall 22 bliain meántréimhse ualaithe na hoibleagáide sochair shainithe ar an 31 Nollaig 2019 (2018: 21 bliain). Measann an Grúpa go ranníocfaidh sé €8.7 milliún lena phlean pinsin in 2020.

### Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.25% | 2.10% |
| Toimhde maidir le boilsciú | 1.40% | 1.50% |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail* | 1.90% | 2.00% |
| Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin | 1.40% | 1.50% |

*Móide scála tuarastail le harduithe ardú céime a cheadú

Seo a leanas an meánionchas saoil don todhchaí a tógadh san áireamh sa luacháil, bunaithe ar dhul ar scor ag 65 bliana d'aois, le haghaidh fostaithe atá ar scor faoi láthair agus a rachaidh ar scor amach anseo:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Ag dul ar scor inniu** | | |
| Fir | 22.5 | 22.3 |
| Mná | 24.9 | 24.8 |
| **Dul ar scor in 25 bliain** | | |
| Fir | 25.4 | 25.3 |
| Mná | 27.5 | 27.4 |

## 20. Oibleagáidí Sochair Scoir (ar lean)

### Anailís íogaireachta do phríomhbhoinn tuisceana a úsáideadh chun dliteanais scéime a thomhas

Tá éiginnteachtaí nádúrtha ag baint leis na boinn tuisceana airgeadais agus dhéimeagrafacha arna nglacadh agus an luach achtúireach á ríomh maidir le hoibleagáid sochair shainithe an Ghrúpa. Déanann an tábla seo a leanas anailís ar an tionchar measta a bheadh ar dhliteanais scéime ó athruithe ar phríomhbhoinn tuisceana achtúireacha.

| BONN TUISCEANA | ATHRÚ AR BHONN TUISCEANA | ÚS AR DHLITEANAIS NA SCÉIMEANNA |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | Méadú/laghdú ag 0.25% | Laghdú de €33.0 m/méadú de €35.7 m |
| Boilsciú praghsanna | Méadú/laghdú ag 0.25% | Méadú de €35.5m/laghdú de €33.0m |
| Tuarastal | Méadú/laghdú ag 0.25% | Méadú de €13.6m/laghdú de €13.1m |
| Fadsaolaí ar scor | Méadú/laghdú ag aon bhliain amháin | Méadú de €19.3m/laghdú de €19.1m |

### Scéim ranníocaíochta sainithe

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, ranníoc Ervia €3.7 milliún, maidir le Scéim Ranníocaíochta Sainithe Ervia (2018: €2.5 milliún), thar ceann a chuid fostaithe, agus rinneadh an tsuim sin a mhuirearú ar an ráiteas ioncaim.

## 21. Ioncam Iarchurtha

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | (18,107) | (20,752) |
| Faighte sa bhliain | (6,468) | (3,594) |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | 5,783 | 6,239 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(18,792)** | **(18,107)** |

### Anailísithe mar seo a leanas:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Neamhreatha | (8,723) | (9,716) |
| Reatha | (10,069) | (8,391) |
| **Iomlán** | **(18,792)** | **(18,107)** |

Déantar ranníocaíochtaí ceangail custaiméirí a fhaightear roimh cheangal custaiméirí a thaifead ar dtús mar ioncam iarchurtha. Déantar na ranníocaíochtaí a scaoileadh chuig an ráiteas ioncaim ansin mar ioncam, de réir mar a chuirtear na hoibreacha ceangail (oibleagáid feidhmíochta) i gcrích.

## 22. Deontais Rialtais

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | (88,012) | (77,705) |
| Dlite sa bhliain | (631) | (16,600) |
| Amúchta sa bhliain | 6,516 | 5,710 |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | 88 | 376 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | (1,167) | 207 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(83,206)** | **(88,012)** |

Anailísithe mar seo a leanas:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Neamhreatha | (76,660) | (81,554) |
| Reatha | (6,546) | (6,458) |
| **Iomlán** | **(83,206)** | **(88,012)** |

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh deontais a bheith inaisíoctha mura gcloítear leis na coinníollacha a leagtar síos sna comhaontuithe deontais. Ní raibh aon deontas inaisíochta sa bhliain airgeadais seo nó sa bhliain airgeadais roimhe seo.

Bhain deontais infhála do 2019 de €0.6 milliún (2018: €0.2 million) leis an maoiniú deontais ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuáil agus Líonraí (INEA) don tionscadal bonneagair Causeway. Bhí méid €16.4 milliún infhaighte in 2018 i dtaca le maoiniú deontais ón INEA don tionscadal Twinning. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais seo fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

## 23. Forálacha

| | ATHSTRUCHTÚRÚ €'000 | COMHSHAOL €'000 | ÉILIMH FHÉINÁRACHAITHE €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (318) | (5,801) | (6,840) | (12,959) |
| Soláthairtí déanta i rith na bliana | - | - | (1,943) | (1,943) |
| Soláthairtí úsáidte i rith na bliana | 153 | 2,833 | 895 | 3,881 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(165)** | **(2,968)** | **(7,888)** | **(11,021)** |

Anailísithe mar seo a leanas:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Neamhreatha | (6,245) | (7,201) |
| Reatha | (4,776) | (5,758) |
| **Iomlán** | **(11,021)** | **(12,959)** |

# 23. Soláthairtí (ar lean)

### Athstruchtúrú

I rith 2013, d'fhógair Grúpa Ervia clár deonach téarfa agus luathscoir le haghaidh fostaithe a chomhlíon critéir cháilitheacha áirithe. Rinne an Grúpa íocaíochtaí foirceanta agus íocaíochtaí pinsin gaolmhara de €0.153 milliún ar an gcomhiomlán i rith 2019 maidir le ceithre fhostaí a d'éirigh as faoi théarmaí an chláir. Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2023.

### Comhshaol

Cuimsíonn an fhoráil ag deireadh na bliana meastachán cuí de chostas dí-éillithe shean-áitreabh na nOibreacha Gáis, oibleagáidí i dtaobh feabhsúcháin suíomhanna agus costais a bheidh le taibhiú chun cloí le rialacháin chomhshaoil agus oibleagáidí bonneagair. Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2020.

### Éilimh fhéinárachaithe

Tá an Grúpa féinárachaithe maidir le héileamh áirithe as díobháil agus dochar. Is ar son meastachán costas de theagmhais a tharla suas go dtí an 31 Nollaig 2019 atá an fhoráil ag deireadh na bliana. Déantar na híocaíochtaí de réir mar a réitítear na cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar nádúr na n-éileamh sin níltear cinnte faoi dháta an tsocraithe ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d'éilimh socraithe faoi 2023.

### Teagmhais

Nochtar dliteanais theagmhasacha maidir le deontais rialtais i nóta 22.

De ghnáth, téann an Grúpa i mbun gnóthas agus ceanglas áirithe le tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí a fheidhmiú faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chuig tríú páirtithe a ráthú le litreacha creidmheasa nó bannaí feidhmíochta arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais. Amhail an 31 Nollaig 2019, chuir an Grúpa €1.4 milliún (2018: €1.4 million) ar fáil trí ráthaíochtaí institiúidí airgeadais do thríú páirtithe. Ba é luach cóir na ráthaíochtaí ná €nialas ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €nialas). Is é €1.4 milliún an neamhchosaint uasta do riosca creidmheasa faoi na hoibleagáidí seo.

# 24. Trádáil agus Méideanna Iníoctha Eile

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Méideanna trádála iníoctha | (14,838) | (15,599) |
| Fabhruithe | (80,541) | (96,402) |
| Méideanna iníoctha eile | (32,247) | (40,629) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta[1] | (15,810) | (16,335) |
| **Iomlán** | **(143,436)** | **(168,965)** |
| | | |
| Anailísithe mar seo a leanas: | | |
| Neamhreatha | (14,603) | (6,916) |
| Reatha | (128,833) | (162,049) |
| **Iomlán** | **(143,436)** | **(168,965)** |
| | | |
| **[1]Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh** | | |
| ÍMAT/ÁSPC/árachas sóisialta | (2,236) | (1,658) |
| CBL | (13,574) | (14,677) |
| **Iomlán** | **(15,810)** | **(16,335)** |

# 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

## Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí

### Babhtálacha trasairgeadra ráta úis

Ghlac an Grúpa páirt i mbabhtáil thrasairgeadra ráta úis chun Fiachas USD seasta ar láithriú príobháideach USD 2009 a thiontú go ceanglais EUR chomhlúthacha. Chuathas i mbun na babhtálacha trasairgeadra rátaí úis chun ús agus réamhíocaíochtaí príomha ar an mbunfhiachas i ndollair na Stát Aontaithe a tiontú go euro, d'fhonn an riosca ar na híocaíochtaí seo a fhálú thar na tréimhse 2009 go 2021 nuair a thiocfaidh siad chun aibíocht.
Meaitseálann an bhabhtáil thrasairgeadra ráta úis próifíl aibíochta an bhunfhiachais Láithrithe Phríobháidigh. Tá téarmaí criticiúla atá cosúil leis an mír fhálaithe ag CCIRS, amhail an ráta tagartha, dátaí íocaíochta, aibíochtaí agus an méid barúlach. Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí i rátaí malairte agus rátaí úis ar luach cóir na mbabhtálacha trasairgeadra. Sainítear babhtáil thrasairgeadra mar ionstraim fhálaithe faoin gcuntasaíocht fhálaithe. Faoin ngaolmhaireacht um chuntasaíocht fhálaithe, déantar an bhabhtáil thrasairgeadra a dhí-chomhbhailiú isteach in dhá ghné éagsúla ina ndéantar gné amháin a shainiú mar Fhálú Luacha Chóir (sainithe - FVTPL) agus Fálú Sreabhaidh Airgid (FVTOCI).

### Babhtálacha ráta úis

Chuaigh an Grúpa i mbun babhtálacha rátaí úis chun an ráta úis glan a dhaingniú ar €111m d'fhiachas Láithrithe Phríobháidigh a thiocfaidh chun aibíocht in 2021. Cuireann an luach cóir na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh san áireamh atá i bhfeidhm ag dáta an chlár chomhardaithe agus ní dhearnadh na babhtálacha seo a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

### Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú

Tá fiachas nasctha le boilsciú ag an nGrúpa urraithe ar shócmhainní Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC. Cuimsíonn sé sin píblíne thraschurtha gháis chuig Oileán Mhanann den chuid is mó. Tá na hioncaim ón bpíblíne seo innéacsaithe chuig an R.A. Praghasinnéacs Tomhaltóirí (RPI RA). Dá réir sin, chun riosca an bhoilscithe a mhaolú, chuaigh an Grúpa i mbun na Babhtála RPI RA le tríú páirtí. Níor cháiligh an bhabhtáil seo don chuntasaíocht fhálaithe faoi IAS 39 nuair a rinne an Grúpa an t-aistriú go IFRS. Ag aistriú go IFRS 9, ní dhearnadh aon choigeartú a chur i bhfeidhm ar an gcur chuige cuntasaíochta seo. Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí gaolmhara i rátaí malairte agus RPI RA ar luach cóir na mbabhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú.

### Conarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha airgeadra

Chuaigh an Grúpa i mbun conarthaí i malairt eachtrach i dtaca le híocaíochtaí soláthraithe (atá i ndollair SAM agus i steirling) agus i dtaca le fálú oibriúcháin atá bunaithe ar steirling.

Tá aibíochtaí ag na conarthaí seo a shíneann chomh fada le 2021. Ní dhearnadh na trádálacha a bhí i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2019 a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

### Aicmithe cuntasaíochta agus luachanna córa

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- méideanna anonn na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an méid anonn geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

Féach ar nóta 26 le haghaidh nochtuithe faoi IFRS 13 maidir le tomhas luachanna córa.

## 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | ORDLATHAS LUACHANNA CÓRA | FVTPL – NEAM-HAINMNITHE €'000 | FVTPL – AINMNITHE €'000 | FVTOCI €'000 | COSTAS AMÚCHTA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | - | 16,733 | (576) | - | 16,157 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 870 | - | - | - | 870 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[3] | | - | - | - | 83,836 | 83,836 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | - | - | - | 105,086 | 105,086 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 17,717 | 17,717 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **870** | **16,733** | **(576)** | **206,639** | **223,666** |
| Dliteanais airgeadais | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[1] | Leibhéal 2 | - | (15,318) | - | (1,188,916) | (1,204,234) |
| Díorthaigh ráta úis/nasctha le boilsciú | Leibhéal 2 | (2,245) | - | - | - | (2,245) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (966) | - | - | - | (966) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[2] | | - | - | - | (47,085) | (47,085) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(3,211)** | **(15,318)** | **-** | **(1,236,001)** | **(1,254,530)** |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | **(2,341)** | **1,415** | **(576)** | **(1,029,362)** | **(1,030,864)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | - | 26,922 | (1,577) | - | 25,345 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 69 | - | - | - | 69 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[3] | | - | - | - | 82,628 | 82,628 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | - | - | - | 131,826 | 131,826 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 26,700 | 26,700 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **69** | **26,922** | **(1,577)** | **241,154** | **266,568** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[1] | Leibhéal 2 | - | (24,167) | - | (1,167,659) | (1,191,826) |
| Díorthaigh ráta úis/nasctha le boilsciú | Leibhéal 2 | (3,937) | - | - | - | (3,937) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (46) | - | - | - | (46) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[2] | | - | - | - | (56,228) | (56,228) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(3,983)** | **(24,167)** | **-** | **(1,223,887)** | **(1,252,037)** |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | **(3,914)** | **2,755** | **(1,577)** | **(982,733)** | **(985,469)** |

[1]Ba é luach cóir iasachtaí agus fiachas eile (gan dliteanais léasa a chur san áireamh) amhail an 31 Nollaig 2019 ná €1,237.5 million (2018: €1,206.0 milliún).

[2]Níor cuireadh costais agus dliteanais cánach charntha san áireamh mar nach ndéantar iad seo a aicmiú mar dhliteanais airgeadais.

[3]Níor cuireadh réamhíocaíochtaí agus deontais infhála san áireamh mar nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

### Sócmhainní agus dliteanais díorthacha aitheanta mar fhálaithe

Cuireann an Grúpa na critéir atá sainithe ag IFRS 9 i bhfeidhm d'fhonn na díorthaigh a aicmiú mar fhálta. Is iad na hionstraimí díorthaigh atá eachtrach don Ghrúpa amháin a cháilíonn don chuntasaíocht fhálaithe.

### Éifeachtúlacht an fhálaithe

Déantar éifeachtúlacht an fhálaithe a shocrú ag tús na gaolmhaireachta fálaithe agus trí mheasúnuithe tráthúla a dhéanamh ar éifeachtúlacht ionchasach chun a chinntiú go bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch fós ann idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe.

# 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Úsáideann an Grúpa na catagóirí seo a leanas le haghaidh fálaithe:

### (i) Fálaithe luacha chóir (sainithe - FVTPL)

Déanann na hionstraimí seo neamhchosaint ar athruithe ar luach cóir na sócmhainne nó an dliteanais, atá taifeadta sa chlár comhardaithe, a fhálú. Ba é cion neamhéifeachtach na bhfálaithe luacha chóir ná €0.03 milliún don bhliain 2019 (2018: €0.1 milliún). Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú luacha chóir sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2019 ná sócmhainn €16.7 milliún (2018: sócmhainn €26.9 milliún).

### (ii) Fálaithe sreabhaidh airgid (FVTOCI)

Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú ar an sreabhadh airgid sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2019 ná dliteanas €0.6 milliún (2018: dliteanas €1.6 milliún). Déanann na hionstraimí sin fálú ar idirbhearta a bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go dtarlóidh siad sa todhchaí, áit a ndéantar an éagsúlacht i sreafaí airgid arna nginiúint ag an idirbheart fálaithe a fhritháireamh ag athruithe ar luach na hionstraime fálaithe. Ba é an méid a athaicmíodh ó chothromas go brabús nó caillteanas mar thoradh ar neamhéifeachtúlacht ar fhálaithe sreabhaidh airgid i rith 2019 ná €nialas (2018: €nialas).

### Próifíl aibíochta na bhfálaithe sreabhaidh airgid

Is iad seo a leanas na tréimhsí ina bhfuiltear ag súil leis go dtarlóidh fálaithe sreabhaidh airgid agus go mbeidh tionchar acu dá bhrí sin ar bhrabús agus caillteanas:

| | <1 BHLIAIN €'000 | 1-2 BHLIAIN €'000 | 2-5 BLIANA €'000 | <5 BLIANA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | - | (576) | - | - | (576) |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | **-** | **(576)** | **-** | **-** | **(576)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | (1,210) | - | (367) | - | (1,577) |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | **(1,210)** | **-** | **(367)** | **-** | **(1,577)** |

### Is í seo a leanas an ghluaiseacht i gcúlchiste fhálú sreabhaidh airgid an Ghrúpa:

| | CCIRS | IOMLÁN |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | (1,577) | (1,577) |
| Glanathrú ar luachanna córa | 1,001 | 1,001 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **(576)** | **(576)** |

### Tionchair na <u>cuntasaíochta fálaithe</u> ar staid agus feidhmíocht airgeadais

Is é seo a leanas an tionchar a bhíonn ag ionstraimí fálaithe ar staid agus feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa:

| | 2019 CCIRS €'000 | 2018 CCIRS €'000 |
|---|---|---|
| Méid anonn - sócmhainn amhail an 31 Nollaig 19 | 16,157 | 25,345 |
| Méid Barúlach | 140,000 | 290,000 |
| Aonad Barúlach | USD | USD |
| Dáta aibíochta - is luaithe | 31-Márta-21 | 31-Márta-19 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | 31-Márta-21 | 31-Márta-21 |
| Cóimheas fálaithe | 1:1 | 1:1 |
| Athrú ar Luach Cóir ionstraimí fálaithe o/s ón 1 Eanáir ar aghaidh | (9,188) | 9,428 |
| Athrú ar Luach Cóir mhír fhálaithe o/s a úsáidtear chun éifeachtúlacht fálaithe a dheimhniú | 8,848 | (8,589) |
| | | 6.74/1.259 |
| Meán ualaithe an ráta / phraghais fhálaithe | 6.84/1.259 | 6.84/1.259 |
| Aonad den ráta / phraghas | Ráta úis% / ráta FX | |

Is ionann an cóimheas fálaithe agus méid na n-ionstraimí fálaithe de réir mhéid na míre fálaithe. Deimhnítear an cóimheas fálaithe cuí bunaithe ar thosca sainiúla amhail neamhchosaintí ar rátaí úis.

# 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

## Bainistíocht riosca airgeadais

Bhunaigh an Grúpa beartais bainistíochta riosca airgeadais chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, chun srianta agus rialúcháin riosca cuí a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus a dhéanamh cinnte go gcloítear leis na teorainneacha atá leagtha síos. Déantar beartais agus córais bainistíochta riosca a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe ar dhálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa, trína chaighdeáin agus nósanna imeachta oiliúna agus bainistíochta, timpeallacht rialaithe smachtaithe agus thairbheach a fhorbairt ina bhfuil tuiscint ag gach fostaí ar an ról agus na dualgais atá aige.

Agus é ag úsáid díorthaigh, cloíonn an Grúpa le Ceanglais an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus faoi Shonraíocht an Aire Airgeadais, agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun go ndéanfar an comhlíontacht seo a mhonatóiriú, a athbhreithniú agus a thuairisciú chuig an mBord go tráthrialta.

Ní oibrítear feidhm chistíochta an Ghrúpa mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasaimh bhrabúis ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart cistíochta agus tá dianchosc ar sheasaimh amhantracha.

### (i) Riosca creidmheasa

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena dtéann sé i mbun idirbheart. Cuimsítear leis sócmhainní arna gcoimeád le bainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta i ndáil le hionstraimí airgeadais díorthacha agus nochtuithe creidmheasa a thagann chun cinn ó chaidrimh thrádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha.

Freagraíonn méid anonn na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. Ba é an t-uasmhéid neamhchosanta do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan deontais infhála agus réamhíocaíochtaí a chur san áireamh) | 83,836 | 82,628 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 105,086 | 131,826 |
| Taiscí srianta | 17,717 | 26,700 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 17,027 | 25,414 |
| **Iomlán** | **223,666** | **266,568** |

**(i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le cistíocht**

Oibríonn an Grúpa feidhm chistíochta lárnach, a ghlacann gníomhaíochtaí cistíochta uile an Ghrúpa mar chúram. Déanann Cistíocht an Ghrúpa cistíocht a bhaineann le riosca creidmheasa a bhainistiú (maidir le hionstraimí airgid agus díorthaigh) trí theorainneacha creidmheasa contrapháirtithe a úsáid a chuireann san áireamh, i measc tosca ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é beartas an Ghrúpa airgead tirim agus idirbhearta díorthaigh a chur i gcúram institiúidí a choinníonn rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta, i.e. nach lú ná BBB- Standard & Poor, nó a choibhéis. Déantar na trádálacha díorthacha uilig a chur i gcrích ag cloí le Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992, a eisíodh den uair dheireanach i Nollaig 2017. Leagan sé sin amach na critéir ar gá a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh a mbíonn gnó ag an nGrúpa leis. Déanann Cistíocht an Ghrúpa a neamhchosaintí contrapháirtí cistíochta a mheas agus a thomhas go rialta. Áit a bhféadfadh go mbeadh an neamhchosaint ar ionstraimí díorthacha ábhartha do ghlanfhiúchas an Ghrúpa, smaoineoidh an Grúpa ar dhul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa.

**(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil**

Féach ar nóta 14 chun anailís de neamhchosaintí an Ghrúpa ar riosca creidmheasa a bhaineann le trádáil a fháil.

# 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

## (ii) Riosca maoinithe agus leachtachta

Is ionann cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an nGrúpa ar leachtacht leordhóthanach le déanamh cinnte de go mbeidh an Grúpa in ann oibleagáidí a eascraíonn óna oibriúcháin laethúla, oibleagáidí maidir le haibíocht fiachas agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla a réiteach. Forbraíonn agus coimeádann Cistíocht an Ghrúpa gaolmhaireachtaí le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don ghnó a thógáil. Déantar gach seirbhís baincéireachta agus cistíochta a aimsiú ag praghsanna iomaíocha.

**(ii) (a) Maoiniú**

Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir arís in 2019. I Nollaig 2019, bhailigh an Grúpa banna 5 bliana de €300 milliún ar an margadh Eorabhanna ag ráta cúpóin 0.125% le toradh 0.164%. Chonacthas éileamh an-mhór tar éis a eisiúint ó infheisteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta tábhachtacha agus bhí an leabhar orduithe deiridh timpeall 3x ró-shuibscríofa. Rinneadh an t-airgead a fuarthas ón mbanna a úsáid chun an fiachas a bhí ann cheana a aisíoc agus úsáidfear é chun infheistíocht leanúnach a dhéanamh i mbonneagar an líonra gháis.

Tá sé mar sprioc ag an nGrúpa a dhéanamh cinnte de go mbeidh saoráidí creidmheasa tiomanta i bhfeidhm aige chun 120% dá chroí-riachtanais tionscadail a chlúdach thar bhliain amháin agus go ndéanfar na saoráidí sin a shocrú le cúnaint airgeadais agus oibriúcháin chuí chun a chinntiú go bhfuil a dhóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta chun a ghnó a oibriú.

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí €1,585.9 milliún de shaoráidí tiomanta ag an nGrúpa (2018: €1,622.2 milliún). Ba é luach na n-iasachtaí ar an 31 Nollaig 2019 ná €1,186.6 milliún (2018: €1,191.8 milliún).

Bogadh rátáil chreidmheasa an Ghrúpa go Líonraí Gáis Éireann in 2015. Tá Líonraí Gáis Éireann rátáilte mar A ag Standard & Poor’s agus A3 ag Moody’s Investor Services. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas na cuideachta rochtain a bheith acu ar rogha leathan d’fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte gur féidir leis an nGrúpa maoiniú ar chostas íseal a ardú.

**(ii) (b) Barrachais airgid**

Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal d’fhiachas go príomha a úsáidtear barrachais airgid. Is féidir barrachais airgid a infheistiú sna nithe seo a leanas cé nach bhfuil siad teoranta dóibh; Cuntais Taisce agus Cistí an Mhargaidh Airgid. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra oibríochtaí thar lear.

**(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta**

Is ionann na nithe seo a leanas agus aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais (agus na sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis neamhlascainithe a bhaineann le hiasachtaí agus an glansreabhadh airgid neamhlascainithe inchurtha i leith na n-ionstraimí airgeadais. Cuimsíonn an nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthach a bhfuil socraíocht chomhlán airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. reámhchonarthaí i rátaí malairte eachtraí.

## 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | MÉID ANONN €'000 | SREAFAÍ AIRGID CONARTHACHA €'000 | <1 BHLIAIN €'000 | 1-2 BHLIAIN €'000 | 2-5 BLIANA €'000 | <5 BLIANA €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,204,234) | (1,325,039) | (62,978) | (140,720) | (335,279) | (786,062) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | (47,085) | (47,085) | (40,938) | (559) | (5,588) | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,251,319)** | **(1,372,124)** | **(103,916)** | **(141,279)** | **(340,867)** | **(786,062)** |
| Díorthaigh ráta úis | (2,245) | (2,348) | (2,200) | (148) | - | - |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | 16,157 | 20,353 | 4,488 | 15,865 | - | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (96) | (96) | (96) | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **13,816** | **17,909** | **2,192** | **15,717** | **-** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,237,503)** | **(1,354,215)** | **(101,724)** | **(125,562)** | **(340,867)** | **(786,062)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,191,826) | (1,329,278) | (470,851) | (20,742) | (155,497) | (682,188) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | (56,228) | (56,228) | (49,062) | (815) | (5,910) | (441) |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,248,054)** | **(1,385,506)** | **(519,913)** | **(21,557)** | **(161,407)** | **(682,629)** |
| Díorthaigh ráta úis | (3,937) | (4,062) | (1,941) | (2,121) | - | - |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | 25,345 | 36,088 | 18,624 | 4,349 | 13,115 | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | 23 | 23 | 23 | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **21,431** | **32,049** | **16,706** | **2,228** | **13,115** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,226,623)** | **(1,353,457)** | **(503,207)** | **(19,329)** | **(148,292)** | **(682,629)** |

### (iii) Riosca margaidh

Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí.

Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Déantar gach ceann de na hidirbhearta sin a chur i gcrích laistigh de na treoirlínte a leagtar síos sa Bheartas Cistíochta agus a bheartú i gcomhlíonadh le Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992, a eisíodh den uair dheireanach i Nollaig 2017. Tá sé mar sprioc ag Cistíocht an Ghrúpa cuntasaíocht fhálaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn luaineacht i mbrabús agus caillteanas a bhainistiú áit a mbíonn sé sin ábhartha do chomhthéacs an Ghrúpa.

# 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**(iii) (a) Riosca an ráta malairte**

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

Is féidir nochtadh do riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

- **Fochuideachtaí a oibríonn in airgeadra eachtrach (steirling)**
  Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Déantar torthaí oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na meánrátaí malairte don tréimhse, áit a fhreagraíonn siad do neastachán réasúnta de na fíor-rátaí a tabhaíodh. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de chothromas (cúlchiste aistrithe). Déanann Cistíocht an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann sí fálú ar an riosca agus margaí malairte eachtraí á n-úsáid.

  Aistrítear cistiú inghrúpa d'fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh go euro agus úsáid á baint as na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Tógtar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú chistiú inghrúpa go fochuideachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Déantar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú na ndliteanas airgeadra eachtraigh a aistriú chuig an ráiteas ioncaim freisin, sa mhéid agus a úsáidtear iad chun airgead a sholáthar nó fálú a dhéanamh in aghaidh an chistithe inghrúpa i bhfochuideachtaí eachtracha.
- **Neamhchosaint ar idirbhearta**
  Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa na neamhchosaintí seo a bhainistiú tríd iarracht a dhéanamh ceannacháin agus díolacháin a ghlanluacháil in airgeadraí eachtracha sa mhéid agus is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar neamhchosaintí a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin mBeartas Cistíochta.

  Faoi réir an Bheartais Chistíochta, déanfar aon idirbheart ionchasach a bhfuil coibhéis níos mó ná €300,000 aige in airgeadraí eachtracha a mheas i dtaca leis na rioscaí gnó a mbaineann leis agus, más cuí sin, déanfar na rioscaí airgeadra a fhálú chun aon neamhréireanna diúltacha a d'fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí airgeadra a mhaolú.
- **Fiachas in airgeadra eachtrach**
  Tá Láithrithe Príobháideacha ag an nGrúpa atá ainmnithe i ndollair US agus a tiontaíodh go euro agus úsáid á baint as babhtálacha ráta úis airgeadra.

Dá n-éiríodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thagadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfadh siad a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

| | BRABÚS ROIMH GHNÓTHACHAN/ (CAILLTEANAS) CÁNACHAIS 31-NOLL-19 €'000 | IONCAM CUIMSITHEACH EILE 31-NOLL-19 €'000 | BRABÚS ROIMH GHNÓTHACHAN/ (CAILLTEANAS) CÁNACHAIS 31-NOLL-18 €'000 | IONCAM CUIMSITHEACH EILE 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Láidriú 5% | (259) | (1,862) | (330) | (1,669) |
| Lagú 5% | 259 | 1,862 | 330 | 1,669 |

Rinneadh na boinn thuisceana seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fhálaithe ar an ráiteas ioncaim amháin, agus
- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ar fhálta sreabhaidh airgid iad ar ioncam cuimsitheach eile amháin.

# 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

### (iii) (b) Riosca an rátaí úis

Eascraíonn riosca an ráta úis as athruithe rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus a théann i bhfeidhm ar ghlanioncam trí thionchar a imirt ar mhuirir airgeadais.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

(i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach agus

(ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta seasta.

Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar riosca ráta úis ar bhonn leanúnach d'fhonn tairbhe a bhaint as timpeallachtaí a bhfuil ráta úis íseal acu, ar mhaithe le hoibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a réiteach agus cinnteacht maidir le próifíl caiteachais ar rátaí úis an Ghrúpa a mhéadú. Is é beartas an Ghrúpa rátaí úis seasta a choinneáil trí íosmhéid 60% den ghlanfhiachas seasta a choinneáil ar feadh bliana agus 50% de a choinneáil ar feadh trí bliana. Úsáideann an Grúpa roinnt modhanna éagsúla, lena n-áirítear dul i mbun díorthaigh a bhaineann le fiachas ráta seasta agus rátaí úis, chun an riosca ráta úis atá ar a phunann fiachais a bhainistiú.

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí 97% (2018: 70%) den ghlanfhiachas seasta. Bhí meánmharthanacht 6.95 bliana ag an bhfiachas ráta sheasta seo (2018: 7.58 mbliana).

Ba é seo a leanas céatadán fhiachas seasta agus comhlúthach an Ghrúpa (gan dliteanais léasa a chur san áireamh) amhail an 31 Nollaig:

| | 2019 €'000 | 2019 % | 2018 €'000 | 2018 % |
|---|---|---|---|---|
| Ag rátaí seasta[1] | (1,044,495) | 88.0% | (733,478) | 61.6% |
| Ag rátaí comhlúthacha | (139,455) | 11.8% | (453,126) | 38.2% |
| Fiachas nasctha le boilsciú | (2,691) | 0.2% | (5,222) | 0.4% |
| **Iomlán** | **(1,186,641)** | **100.0%** | **(1,191,826)** | **100.0%** |

[1] agus malairtí san áireamh.

Bhí fiachas ráta sheasta €921.9 milliún ag an nGrúpa (gan babhtálacha ráta úis a chur san áireamh) amhail an 31 Nollaig 2019 (2018: €622.2 milliún).

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí US$140 milliún (2018: US$290 milliún) d'fhiachas ráta sheasta gan íoc ag an nGrúpa (coibhéis €111.2 (2018: €230.3 million)) in idirbheart Láithrithe Phríobháidigh dollair US a tugadh chun críche ar an 31 Márta 2009. D'fhonn na neamhchosaintí ar rátaí malairte dollair US bainteacha a fhálú agus na bunrátaí úis a thiontú chuig euro comhlúthach, tá babhtáil thrasairgeadra ráta úis ag an nGrúpa a dhéanann próifíl aibíochta an fhiachais a mheaitseáil. Ar an 31 Nollaig 2019, bhí babhtálacha ráta úis gan íoc ag an nGrúpa le príomhshuim bharúlach de €111.2 milliún, rud a thosaigh i H2 2017 agus rinneadh iad a bhabhtáil ar feadh ceithre bliana, rud a dhaingnigh an ionstraim fiachais Láithrithe Phríobháidigh go héifeachtach go dtí go dtiocfadh sí in aibíocht i Márta 2021.

Ar an 31 Nollaig 2019, ba é 1.33% an meánráta úis ualaithe a gearradh ar an bpunann fiachais sheasta (2018: 1.82%) a chuimsigh trí bhanna de €921.9 milliún agus Láithriú Príobháideach SA le coibhéis euro de €111.2 milliún.

Déantar costais úis a bhaineann le hiasachtaí ráta athraithigh a athshocrú ar bhonn tráthúil do mhí amháin, trí mhí nó sé mhí thar an ráta margaidh atá i réim.

## 25. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

### Anailís ar shreabhadh airgid um fhiachas ráta chomhlúthaigh

Tá sé d'aidhm ag beartais agus nósanna imeachta an Ghrúpa maidir le bainistíocht agus rialú an riosca ráta úis, mar a leagtar amach thuas iad, tionchar luaineachtaí na rátaí úis gearrthéarmacha ar ghnóthachain an Ghrúpa a laghdú. É sin ráite, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar ghnóthachain an Ghrúpa.

Dá dtarlódh gluaiseacht 50 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig, mar shampla, meastar go mbeadh tionchar ag na méideanna a thaispeántar síos aige seo ar bhrabús roimh cháin, agus go dtiocfadh an t-athrú a thaispeántar thíos ar luach cóir ar an ioncam cuimsitheach eile:

| | BRABÚS ROIMH CHÁIN 31-NOLL-19 €'000 | BRABÚS ROIMH CHÁIN 31-NOLL-18 €'000 | IONCAM CUIMSITHEACH EILE 31-NOLL-19 €'000 | IONCAM CUIMSITHEACH EILE 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Méadú 50 bp | (30) | (1,141) | - | - |
| Laghdú 50 bp | 15 | 675 | - | - |

Rinneadh na boinn thuisceana seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- glactar leis go bhfuil díorthaigh arna sainiú mar fhálaithe sreafa airgid i gcoinne gluaiseachtaí i rátaí úis éifeachtach go hiomlán, arna dtaifeadadh go hiomlán laistigh de chothromas agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mhíosa don chion úis fhabhraithe de na ríomhaireachtaí íogaireachta.

A mhalairt de thionchar a bhíonn ag méadú/laghdú de 50 bonnphointe ar an ráiteas ioncaim, ach níl sé comhionann ó thaobh méide toisc go mbíonn tionchar freisin ag na hathruithe ráta ar anailís íogaireachta ar na cuair lascaine arna n-úsáid le haghaidh na sreafaí airgid ábhartha do dhíorthaigh ráta úis.

## 26. Tomhas an Luacha Chóir

Éilíonn cuid de bheartais agus nochtuithe chuntasaíochta an Ghrúpa measúnú ar luachanna córa sócmhainní agus dliteanais airgeadais. Agus luach cóir sócmhainne nó dliteanais á mheas aige, úsáideann an Grúpa sonraí ó mhargaí inbhraite sa mhéid agus atá na sonraí sin ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú ar leibhéil éagsúla de réir an ordlathais luachanna córa bunaithe ar ionchuir a mbaintear úsáid astu sna teicnící luachála seo a leanas;

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2: ionchuir seachas praghsanna luaite, arna n-áireamh laistigh de Leibhéal 1 agus atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (i.e. praghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthaithe ó phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil áirithe d'ordlathas an luacha chóir, ansin déantar an tomhas luacha chóir a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luachanna córa mar an t-ionchur den leibhéal is ísle atá suntasach don tomhas iomlán. Aithníonn an Grúpa aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luachanna córa ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Níor tharla aon aistrithe in 2019.

# 26. Tomhas Luacha Chóir (ar lean)

## (a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchuir dobhraiteacha suntasacha.

| CINEÁL | TEICNÍC LUACHÁLA | IONCHUIR DOBHRAITEACHA SUNTASACHA |
|---|---|---|
| Conarthaí réamhmhalairte (Féach ar nóta 25) | Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte ar aghaidh bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil.<br>Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir praghas ar aghaidh na conartha agus an praghas ar aghaidh reatha um aibíocht iarmharach na conartha.<br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Babhtálacha ráta úis agus babhtálacha trasairgeadra ráta úis (Féach ar nóta 25) | Tógtar san áireamh i luach cóir na mbabhtálacha ráta úis agus na mbabhtálacha trasairgeadra ráta úis na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.<br>Socraítear luach cóir na mbabhtálacha atá nasctha le boilsciú agus úsáid á baint as teicníc luachála a chuimsíonn iolraí margaidh agus anailís ar shreabhadh airgid lascainithe ina n-úsáidtear sreafaí airgid ionchais don todhchaí agus ráta lascaine a bhaineann leis an margadh.<br>Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus cuimsíonn siad coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus chontrapháirtí an Ghrúpa a chur san áireamh nuair is cuí sin.<br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Láithriú Príobháideach (cuid fhálaithe den luach cóir)<br>(Féach ar nóta 25) | Déantar luach cóir an ráta fiachais seasta a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á baint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.<br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |

## (b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)

Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú chuig na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2. Ní raibh aon ionstraimí airgeadais ann a rinneadh a thomhas ag a gcostas amúchta ach a nochtadh luach cóir ina leith agus a aicmíodh mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe seo.

## 27. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa ar an 31 Nollaig 2019:

| AN CHUIDEACHTA | NÁDÚR AN GHNÓ | SCIAR AN GHRÚPA |
|---|---|---|
| 1 Aurora Telecom DAC | Nach bhfuil ag Trádáil | 100% |
| 2 Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC | Tarchur Gáis | 100% |
| 3 GNI (UK) Limited | Tarchur Gáis | 100% |
| 4 Líonraí Gáis Éireann | Tarchur Gáis | 100% |
| 5 Gaslink Independent System Operator DAC | Nach bhfuil ag Trádáil | 100% |
| | | |
| **GNÓTHAS NEAMHRIALAITHE** | | |
| 6 Ervia ESOP Trustee DAC | Iontaobhaí don Phlean Scair-Úinéireacht Fostaithe | féach (a) thíos |
| 7 Uisce Éireann | Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce | féach (b) thíos |

| | |
|---|---|
| Is í oifig chláraithe do 1, 2 agus 4 go 6 ná: | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. |
| Is í oifig chláraithe 3 ná: | 8th Floor, 20 Farringdon Street, London, United Kingdom EC4A 4AB |
| Is í oifig chláraithe 7 ná: | Teach Colvill, 24/26 Sráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1, Éire. |

(a) Rinneadh Ervia ESOP Trustee DAC a chorprú mar iontaobhaí de chuid Iontaobhas Scair-Úinéireachta Fostaithe Ervia agus de chuid Scéim Roinnte Brabúis Fhaofa Ervia. Níl sé de chumas ná de cheart ag an nGrúpa sócmhainní ná lucht bainistíochta an ghrúpa a rialú. Is stiúrthóir gairmiúil neamhspleách atá ina chathaoirleach ar Bhord na Stiúrthóirí faoi láthair, le ceithre stiúrthóir ag déanamh ionadaíocht ar son fostaithe Ervia agus stiúrthóir amháin atá ainmnithe ag Ervia. I gcomhréir le IFRS 10, níl ráitis airgeadais Ervia ESOP Trustee DAC comhdhlúite le torthaí an Ghrúpa.

Tagadh ar chomhaontú i Márta 2014 maidir le ceannach amach an 3.27% de stoc caipitil Ervia a bhí á choimeád ag an Iontaobhaí thar ceann tairbhithe ESOP. Rinne an comhaontú foráil do cheannach an stoic chaipitil iomláin a eisíodh go Ervia ESOT mar mhalairt ar nótaí gealltanais a d'eisigh Ervia. Rinneadh na nótaí gealltanais a fhuascailt thar an tréimhse 2014 go 2018.

(b) Ar an 31 Nollaig 2019, bhí scair vótála amháin ag an nGrúpa in Uisce Éireann, ach ní raibh aon chearta eacnamaíocha ag gabháil leis an scair sin. Bhí 325 scair maidir le Cearta Eacnamaíocha Uisce ('WER') in aghaidh an duine ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil araon (2018: 325) nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíocha go léir ag gabháil leo arbh ghá leo chun go mbainfí leas as gníomhaíochtaí Uisce Éireann.

Maíonn IFRS 10 "rialaíonn infheisteoir institiúid infheistiúcháin nuair atá an infheisteoir faoi neamhchosaint ar, nó nuair atá cearta aige i leith, torthaí athraitheacha de bharr a ghnó leis an institiúid infheistiúcháin agus tá an cumas aige tionchar a imirt ar na torthaí sin mar gheall ar an gcumhacht atá aige ar an institiúid infheistiúcháin". Is ionann scair vótála amháin an Ghrúpa in Uisce Éireann agus ceart a bhí ann cheana féin ar an 31 Nollaig 2019 trína dtugtar cumhacht don Ghrúpa chun beartais airgeadais agus oibriúcháin Uisce Éireann a rialáil. É sin ráite, ós rud é nach féidir úsáid a bhaint as an gcumhacht sin chun torthaí athraitheacha a fháil, de bharr nach bhfuil aon chearta ag an nGrúpa i leith torthaí athraitheacha Uisce Éireann ag an dáta sin, mar a éilíonn IFRS 10, agus, dá bharr san, chun cloí le ceanglais an IFRS, ní dhéantar ráitis airgeadais Uisce Éireann a comhdhlúthú le torthaí an Ghrúpa.

# 28. Páirtithe gaolmhara

Déantar na luachanna idirbhirt a bhaineann le hioncam páirtithe gaolmhara do 2019 agus 2018 a mhionsonrú thíos:

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Uisce Éireann** | (iv) | | |
| Costais idirbheartaíochta agus comhaontú seirbhísí tacaíochta | (iv) (a) | 55,979 | 44,044 |
| | | **55,979** | **44,044** |

Déantar infháltais iarmhéideanna na bpáirtithe leasmhara a mhionsonrú thíos:

| | | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|
| Uisce Éireann | (iv) | 35,475 | 28,000 |
| | | **35,475** | **28,000** |

(i) Máthairghnóthas deiridh

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia.

(ii) Comhlachtaí urraithe ag an Rialtas

Mar aon le go leor eintiteas eile, bíonn an Grúpa ag plé i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid agus na hÚdaráis Áitiúla.

(iii) Bainc faoi úinéireacht Stát na hÉireann

I ngnáthchúrsa a ghnó, déanann an Grúpa idirbhirt le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Tarlaíonn na hidirbhearta ar fad idir an Grúpa agus bainc den chineál sin de réir gnáththéarmaí tráchtála. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2019.

(iv) Uisce Éireann

Meastar gur páirtí gaolmhar de chuid an Ghrúpa é Uisce Éireann, ar bhunús phátrún na bhfíricí atá leagtha amach i nóta 27.

**(a) Costais idirbheartaíochta agus seirbhísí tacaíochta**

Cuireann an Grúpa seirbhísí straitéise, rialachais, bainistíochta riosca, bainistíochta soláthair chaipitil, idirbheart agus tacaíochta ar fáil d'Uisce Éireann trí Lárionad an Ghrúpa, réimsí na Mórthionscadal agus Seirbhísí Gnó. Dearadh an eagraíocht Seirbhísí Gnó chun seirbhísí idirbheartaíochta agus tacaíochta a sholáthar i réimsí an Airgeadais, an tSoláthair, Saoráidí, Árachais, Tacaíochta Tionscadail, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíochta Faisnéise. Déantar na costais a bhaineann leis an iasacht fostaithe a athmhuirearú go hUisce Éireann ar bhonn modha chun iomlán na gcostas a fháil ar ais agus ní thuilltear aon chorrlach. Féach ar nóta 17 (iv) i ráitis airgeadais na Máthairchuideachta chun tuilleadh eolais a fháil faoi na costais a bhaineann le seirbhísí idirbheartaíochta agus tacaíochta.

**(b) Costais caiteachais caipitiúil a thabhaigh Grúpa Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar Uisce Éireann**

Beartaíonn Uisce Éireann leis an nGrúpa i dtaca le tionscadail a seachadtar go lárnach agus a seachadtar sa ghnó, lena n-áirítear costais phárolla arna dtabhú ag an réimse Mórthionscadal. Déantar costais Uisce Éireann atá inchurtha go díreach a athmhuirearú ar bhonn míosúil gan fhorchostais nó chorrlach á gcur i bhfeidhm orthu ag Grúpa Ervia. Ba é €22.2m luach na gcostas Caiteachais Chaipitil a rinneadh athmhuirearú orthu in 2019 (2018: €18.7m). Tá na hiarmhéideanna a bhaineann leis na hidirbhearta sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

**(c) Costas pinsin**

Oibríonn an Grúpa scéim pinsin le sochar sainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid Uisce Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Cé go n-aithníonn an Mháthairchuideachta, ina ról mar fhostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair shainithe, ní aithníonn Uisce Éireann ach na ranníocaíochtaí iníoctha amháin don bhliain a bhaineann le fostaithe Uisce Éireann. Cuimsíonn costais seirbhíse reatha an Ghrúpa in 2019 (a leagtar amach i nóta 20) €1.0 milliún (2018: €1.0 milliún) atá comhionann le ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain maidir le fostaithe Uisce Éireann. Níl na costais sin cuimsithe i gcostais sochair fostaí an Ghrúpa.

## 28. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(v) Leasanna Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2019.

**(vi) Gnóthais fochuideachta**

Déanann ráitis airgeadais an Ghrúpa torthaí na Máthairchuideachta agus a cuid fochuideachtaí a chomhdhlúthú mar atá doiciméadaithe sna beartais chuntasaíochta. Tugtar liosta de na fochuideachtaí i nóta 27. Déantar díolachán go dtí fochuideachtaí agus uathu, chomh maith le méideanna iníoctha agus infhála go dtí fochuideachtaí agus uathu, a dhíbirt le linn ullmhúchán na ráiteas airgeadais, i gcomhréir le IFRS 10.

## 29. Iartheagmhais

Mar a leagtar amach i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, tá dlúthmhonatóireacht á déanamh againn ar chúrsaí a bhaineann leis an gCoróinvíreas (COVID-19). Is teagmhas neamh-choigeartaithe é seo i gcomhréir le ceanglais IFRS agus dá bhrí sin ní fhreagraíonn torthaí airgeadais 2019 agus staid airgeadais ag deireadh na bliana 2019 an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a thitim amach de bharr COVID-19. Ar an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais seo, ní féidir meastachán a chur ar fáil maidir leis an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag COVID-19.

# Ráiteas Ioncaim na Máthairchuideachta

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | | - | - |
| Costais oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh san áireamh) | 1 | (3,285) | (6,094) |
| **Caillteanas oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **(3,285)** | **(6,094)** |
| Dímheas agus amúchadh | 4 | (1,395) | (386) |
| **Caillteanas oibriúcháin** | | **(4,680)** | **(6,480)** |
| Ioncam airgeadais[1] | 5 | 54,404 | 54,189 |
| Costais airgeadais[1] | 5 | (2,642) | (2,748) |
| Glanioncam Airgeadais | 5 | 51,762 | 51,441 |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **47,082** | **44,961** |
| Creidmheas na cánach ioncaim[1] | 6 | 307 | 3,523 |
| **Brabús don bhliain** | | **47,389** | **48,484** |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | 47,389 | 48,484 |
| **Brabús don bhliain** | | **47,389** | **48,484** |

[1]Cuireadh i láthair nochtuithe 2018 le go bhfeicfí na comparáidí atá ag teacht le nochtuithe 2019 de ráitis airgeadais an Ghrúpa - féach ar nóta 1(b).

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

**Tony Keohane**
Cathaoirleach

**Keith Harris**
Comhalta den Bhord

31 Márta 2020
Dáta Faofa

# Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Ioncam Cuimsitheach Eile

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | 47,389 | 48,484 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Míreanna nach ndéanfar a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais:** | | | |
| (Caillteanais)/gnóthachain plean sochair sainithe | 12 | (43,196) | 39,147 |
| Creidmheas/(speansas) cánach iarchurtha maidir le hoibleagáidí sochair sainithe | 6 | 5,400 | (4,893) |
| **Iomlán na míreanna nach ndéanfar a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais** | | **(37,796)** | **34,254** |
| | | | |
| **Iomlán an (speansais)/ioncaim chuimsithigh don bhliain, glan ó cháin ioncaim** | | **(37,796)** | **34,254** |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **9,593** | **82,738** |
| | | | |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | 9,593 | 82,738 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **9,593** | **82,738** |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 Márta 2020 |
| **Tony Keohane** | **Keith Harris** | Dáta Faofa |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | |

# Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta

amhail an 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 7 | 21,556 | 8,000 |
| Infheistíocht i ngnóthais fochuideachta | 16 | 681,436 | 681,436 |
| Trádáil agus infhháltais eile | 9 | 5,147 | 5,100 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 6 | 8,523 | 2,868 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **716,662** | **697,404** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Trádáil agus infhháltais eile | 9 | 110,552 | 186,605 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 10 | 3,812 | 15,236 |
| Sócmhainní cánach reatha | 6 | 198 | - |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **114,562** | **201,841** |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | **831,224** | **899,245** |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais** | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | (641,547) | (771,358) |
| **Iomlán an chothromais inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Máthairchuideachta** | | **(641,547)** | **(771,358)** |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 12 | (147,476) | (98,381) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 14 | (6,147) | (6,916) |
| Dliteanais léasa | 8 | (13,137) | - |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(166,760)** | **(105,297)** |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 14 | (21,699) | (22,481) |
| Dliteanais léasa | 8 | (900) | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 15 | (318) | (6) |
| Dliteanais chánach reatha | 6 | - | (103) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(22,917)** | **(22,590)** |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **(189,677)** | **(127,887)** |
| | | | |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **(831,224)** | **(899,245)** |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 31 Márta 2020 |
| **Tony Keohane** | **Keith Harris** | Dáta Faofa |
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord | |

# Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chothromas

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | TUILLEAMH COINNITHE €'000 |
|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | (832,809) |
| | |
| Brabús don bhliain | (48,484) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | (34,254) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **(82,738)** |
| | |
| Díbhinní fógartha | 144,189 |
| | |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2018** | **(771,358)** |
| | |
| Brabús don bhliain | (47,389) |
| Speansas cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháinioncaim | 37,796 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **(9,593)** |
| | |
| Díbhinní fógartha | 139,404 |
| | |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2019** | **(641,547)** |

Inchurtha ar fad i leith úinéirí na Máthairchuideachta.

# Ráiteas na Máthairchuideachta faoi Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 11 | (10,545) | (9,708) |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltas a bhaineann le díol na Roinne fuinnimh | | - | 20,172 |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | (122) | (232) |
| Díbhinní faighte | | 54,404 | 54,189 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **54,282** | **74,129** |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | | |
| Fuascailt nótaí gealltanais | | - | (6,874) |
| Aisíocaíochtaí iasachtaí fochuideachta | | 85,000 | 72,000 |
| Aisíoc na ndliteanas léasa | | (757) | - |
| Díbhinní íoctha | | (139,404) | (139,089) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(55,161)** | **(73,963)** |
| | | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | 10 | **(11,424)** | **(9,542)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 10 | 15,236 | 24,778 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | 10 | **3,812** | **15,236** |

# Nótaí le ráitis airgeadais na Máthairchu-ideachta


| | |
|---|---|
| 1 | Costais Oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh san áireamh) |
| 2 | Sochair fostaithe |
| 3 | Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí |
| 4 | Dímheas agus Amúchadh |
| 5 | Glanchostais Airgeadais |
| 6 | Cáin |
| 7 | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 8 | Léasanna |
| 9 | Trádáil agus infháltais eile |
| 10 | Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid |
| 11 | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 12 | Oibleagáidí sochair scoir |
| 13 | Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil |
| 14 | Trádáil agus Méideanna Iníoctha Eile |
| 15 | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 16 | Fochuideachtaí |
| 17 | Páirtithe Gaolmhara |

# Nótaí le Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta

## 1. Costais Oibriúcháin (gan dímheas agus amúchadh san áireamh)

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costas an tsochair fostaithe | (51,947) | (43,934) |
| Seirbhísí fruilithe agus conraithe | (6,990) | (4,940) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | (11,950) | (10,603) |
| Cíos, rátaí agus saoráidí | (1,186) | (1,356) |
| Speansais oibriúcháin eile | (14,265) | (12,030) |
| Athmhuirearú chuig gnóthais neamhrialaithe | 55,979 | 44,044 |
| Athmhuirearú chuig fochuideachtaí | 27,074 | 22,725 |
| **Iomlán** | **(3,285)** | **(6,094)** |

Féach ar nóta 4 le haghaidh nochtuithe i dtaobh luachanna saothair Iniúchóir an Ghrúpa agus na mball den Bhord.

## 2. Sochair fostaithe

### (a) Sochair chomhiomlána fostaithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe | (47,985) | (34,095) |
| Sochair iarfhostaíochta– ranníocaíochtaí pinsin* | (9,803) | (12,387) |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra don leas sóisialta | (5,580) | (3,656) |
| | **(63,368)** | **(50,138)** |
| Párolla caipitlithe agus aistrithe eile párolla | 11,421 | 6,204 |
| **Costas an tsochair fostaithe arna mhuirearú ar an gcuntas brabúis nó caillteanais** | **(51,947)** | **(43,934)** |

### (b) Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | (46,270) | (32,756) |
| Ragobair | (33) | (31) |
| Liúntais | (277) | (194) |
| Eile | (1,405) | (1,114) |
| **Iomlán** | **(47,985)** | **(34,095)** |

Ba é meánlíon na bhfostaithe de chuid na Máthairchuideachta ná 612 don bhliain 2019 (2018: 427).

*Cuimsíonn sé sin costais pinsin neamh-airgid nár leithdháileadh atá inchurtha i leith fostaithe cuideachtaí neamh-Mháthairchuideachta (i.e. fostaithe ó ghnóthais fochuideachta incháilithe agus neamhrialaithe) a ghlacann páirt i scéim sochair shainithe Ervia.

## 3. Cúiteamh na bPríomhbhainisteoirí

Féach ar nóta 6 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi chúiteamh phríomhbhainisteoirí an Ghrúpa.

## 4. Dímheas agus Amúchadh

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | (386) | (386) |
| Dímheas ar Shócmhainní a bhfuil Ceart Úsáide acu | (1,009) | - |
| **Iomlán** | **(1,395)** | **(386)** |

## 5. Glanchostais Airgeadais

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Roimh atomhais** | | |
| **Ioncam airgeadais** | | |
| Díbhinní faighte | 54,404 | 54,189 |
| **Iomlán an ioncaim airgeadais** | **54,404** | **54,189** |
| **Costais airgeadais** | | |
| Muirear airgeadais um dhliteanas léasa | (278) | - |
| Glanmhéid úis ar an nglandliteanas sochair shainithe | (1,935) | (2,125) |
| Costais airgeadais eile | (117) | (522) |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | **(2,330)** | **(2,647)** |
| **Atomhais** | | |
| Glanathruithe ar luach cóir díorthach maoinithe neamhainmnithe | (312) | (101) |
| **Iomlán na míreanna atomhais** | **(312)** | **(101)** |
| **Iomlán** | | |
| Ioncam airgeadais | 54,404 | 54,189 |
| Costais airgeadais | (2,642) | (2,748) |
| **Glanioncam Airgeadais** | **51,762** | **51,441** |

(i) Is ionann iad seo agus atomhais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais maoinithe a thugtar cuntas dóibh amhail agus a gcoinneofar iad do thrádáil nó mar fhálaithe luacha chóir i gcomhréir le beartas cuntasaíochta an Ghrúpa. Tá tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a thagann laistigh de raon feidhme IFRS 9 leagtha amach i mbeartas cuntasaíochta xi.

# 6. Cáin

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Creidmheas cánach reatha** | | |
| Cáin reatha | - | (285) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | 52 | 2,561 |
| | **52** | **2,276** |
| **Creidmheas cánach iarchurtha** | | |
| Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha | 310 | 1,247 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | (55) | - |
| | **255** | **1,247** |
| **Iomlán creidmheas cánach ioncam** | **307** | **3,523** |

## An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | 47,082 | 44,961 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2018: 12.5%) | (5,885) | (5,620) |
| Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach | (319) | (106) |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | 6,801 | 6,773 |
| Brabúis ar gearradh cáin orthu ag rátaí níos airde | (287) | (85) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | (3) | 2,561 |
| **Iomlán creidmheas cánach ioncam** | **307** | **3,523** |

Féach ar Ráiteas na Máthairchuideachta maidir leis an ioncam cuimsitheach eile chun sonraí a fháil faoi na tionchair cánach a bhaineann leis sin.

## Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach reatha** | **198** | **-** |
| **Dliteanais chánach reatha** | **-** | **(103)** |

## Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha

| | OIBLEAGÁID LEASA SCOIR €'000 | RÉADMHAOIN, GLÉASRA, TREALAMH AGUS SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE €'000 | ÚS €'000 | EILE €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | 15,979 | (195) | (9,452) | 182 | 6,514 |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 1,212 | 13 | 100 | (78) | 1,247 |
| Aitheanta i gcothromas | (4,893) | - | - | - | (4,893) |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **12,298** | **(182)** | **(9,352)** | **104** | **2,868** |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | 878 | 19 | (572) | (70) | 255 |
| Aitheanta i gcothromas | 5,400 | - | - | - | 5,400 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **18,576** | **(163)** | **(9,924)** | **34** | **8,523** |

## 6. Cáin (ar lean)

Níor aithníodh na sócmhainní cánach iarchurtha seo a leanas sa chlár comhardaithe toisc nach dócha go ndéanfar iad a aisghabháil go ceann i bhfad. Níl aon dáta éaga maidir le cathain is féidir sócmhainní cánach a úsáid.

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Caillteanais chaipitil | 3,600 | 3,600 |

## 7. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|---|
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | 7,687 | 8,000 |
| Sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu - léasanna | 8 | 13,869 | - |
| **Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - arna gcur i láthair sa chlár comhardaithe** | | **21,556** | **8,000** |

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht

| | TALAMH AGUS FOIRGNIMH €'000 | GLÉASRA, PÍBLÍNE AGUS INNEALRA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | 21,345 | 108 | 21,453 |
| Breiseanna | - | 232 | 232 |
| Diúscairtí | - | (94) | (94) |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **21,345** | **246** | **21,591** |
| Breiseanna | - | 122 | 122 |
| Diúscairtí | - | (69) | (69) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **21,345** | **299** | **21,644** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2018** | (13,195) | (77) | (13,272) |
| Dímheas don bhliain | (343) | (43) | (386) |
| Diúscairtí | - | 67 | 67 |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | **(13,538)** | **(53)** | **(13,591)** |
| Dímheas don bhliain | (343) | (43) | (386) |
| Diúscairtí | - | 20 | 20 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(13,881)** | **(76)** | **(13,957)** |
| **Méideanna anonn** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2018 | 7,807 | 193 | 8,000 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **7,464** | **223** | **7,687** |

# 8. Léasanna

## An Chuideachta mar Léasaí

Chuaigh an Chuideachta i mbun socruithe léasa éagsúla a bhaineann den chuid is mó le foirgnimh agus talamh a ligean ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a cur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

### (a) Méideanna arna n-aithint sa Chlár Comhardaithe

**Sócmhainní a bhfuil ceart úsáide acu**

| | TALAMH AGUS FOIRGNIMH €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2019<br>- nóta 1e de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | 10,373 | 10,373 |
| Breiseanna | 4,505 | 4,505 |
| Dímheas | (1,009) | (1,009) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | **13,869** | **13,869** |
| | | |
| **Dliteanais léasa** | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2019<br>- nóta 1e de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | (10,289) | (10,289) |
| Breiseanna | (4,505) | (4,505) |
| Costais Úis | (278) | (278) |
| Íocaíochtaí léasa | 1,035 | 1,035 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019** | **(14,037)** | **(14,037)** |
| | | |
| Anailísithe mar seo a leanas: | | |
| Neamhreatha | | (13,137) |
| Reatha | | (900) |
| **Iomlán** | | **(14,037)** |

Níl an Chuideachta ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dhliteanais léasa. Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh de na feidhmeanna gnó ábhartha.

### (b) Méideanna eile a aithnítear sa ráiteas ar bhrabús nó caillteanas

| | 2019 €'000 |
|---|---|
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha | - |
| Costais a bhaineann le sócmhainní ar luach íseal nach léasanna gearrthéarmacha iad | - |
| Costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa inathraitheacha nach gcuirtear san áireamh sna dliteanais léasa | - |
| **Iomlán** | **-** |

# 9. Trádáil agus infháltais eile

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Na méideanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta | 76,458 | 160,031 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe | 34,620 | 27,408 |
| Réamhíocaíochtaí | 4,451 | 3,971 |
| Infháltais eile | 170 | 295 |
| **Iomlán** | **115,699** | **191,705** |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamhreatha | 5,147 | 5,100 |
| Reatha | 110,552 | 186,605 |
| **Iomlán** | **115,699** | **191,705** |

Féach freisin ar nóta 17 le haghaidh níos mó sonraí faoi iarmhéideanna le fochuideachtaí agus gnóthais neamhrialaithe.

## Liúntas maidir le Caillteanas Creidmheasa Ionchasach

Ní aithníonn an Mháthairchuideachta aon fhorálacha drochfhiachais ábhartha agus níl an Lucht Bainistíochta ag súil leis go mbeidh aon chaillteanas suntasach d'infháltais ann nach ndearnadh foráil dóibh cheana. Déantar na caillteanais chreidmheasa ionchasacha (ECL) seo a thomhas faoin nós imeachta ginearálta nó simplithe faoi IFRS 9.

Is é €111.2 milliún an t-uasmhéid neamhchosanta atá ag trádáil agus infháltais eile ar riosca creidmheasa (2018: €187.7 milliún). Ní dhéantar réamhíocaíochtaí €4.5 milliún (2018: €4.0 million) a chur san áireamh toisc nach n-eascraíonn aon neamhchosaint chreidmheasa astu.

### Na méideanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta agus neamhrialaithe

Ar an 31 Nollaig 2019, ba é €111.1 milliún na méideanna a bhí dlite ó ghnóthais fochuideachta agus neamhrialaithe (2018: €187.4 milliún). Is í an fhoráil iomlán maidir leis na méideanna seo ná €nialas (2018: €nialas).

Rinneadh an méid a aithníodh i gcaillteanas bearnúcháin €nialas, i dtaca le méideanna a bhí dlite ó ghnóthais fochuideachta agus neamhrialaithe, a ríomh ag úsáid nós imeachta simplithe nó nós imeachta ginearálta mar a éilítear faoi IFRS 9.

Agus an caillteanas bearnúcháin á shocrú faoin nós imeachta ginearálta, rinneadh méideanna a bhí dlite ó ghnóthais fochuideachta agus neamhrialaithe a aicmiú mar infháltais le riosca creidmheasa íseal. Ónar aithníodh ar dtús iad, ní raibh aon mhéid ann a aicmíodh mar iníoctha ar an éileamh nó a raibh méadú suntasach le brath sa riosca creidmheasa atá ann ina leith. Agus an caillteanas creidmheasa ionchasach á dheimhniú (lena n-áirítear an dóchúlacht atá ann go mbeidh mainneachtain nó mainneachtain de bharr caillteanas ann), tugadh aird ar fheidhmíocht stairiúil na hiasachta ábhartha chomh maith leis an eolas réamhaisnéise a bhain leis an ngnóthas fochuideachta nó neamhrialaithe áirithe sin, lena n-áirítear réamhaisnéisí sreabhaidh airgid lascainithe.

## 10. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid chun críocha na gceanglas maidir le cumhdach leachtachta a chomhlíonadh.

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 3,812 | 15,236 |

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir** | 15,236 | 24,778 |
| Laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid sa ráiteas ar shreafaí airgid | (11,424) | (9,542) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **3,812** | **15,236** |

## 11. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | NÓTAÍ | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | 47,389 | 48,484 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 4 | 1,395 | 386 |
| Costas as sochair scoir | 12 | 4,046 | 7,660 |
| Glanioncam Airgeadais | 5 | (51,762) | (51,441) |
| Creidmheas cánach ioncaim | 6 | (307) | (3,523) |
| | | 761 | 1,566 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | | (338) | (5,594) |
| Athrú ar thrádáil agus méideanna iníoctha eile | | (7,987) | (5,470) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(7,564)** | **(9,498)** |
| Ús íoctha | | (2,732) | (123) |
| Cáin ioncaim a íocadh | | (249) | (87) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(10,545)** | **(9,708)** |

## 12. Oibleagáidí sochair scoir

Féach ar nóta 20 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochtuithe maidir le hoibleagáidí leasa scoir an Ghrúpa.

## 13. Teagmhais agus Ceangaltais Chaipitil

Soláthraíonn Máthairchuideachta Ervia tionscadail áirithe TF agus saoráidí caipitil arna mbainistiú go lárnach thar ceann Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann. Déantar costais atá inchurtha go díreach a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar spreagadh cionroinnte ag costas cuí, agus ní chuirtear forchostais nó corrlach i bhfeidhm orthu. Ar an 31 Nollaig 2019, bhí Máthairchuideachta Ervia tar éis dul i mbun ceangaltas conarthach arbh ionann agus €3.4 milliún (2018: €0.5 million) i dtaca leis na tionscadail seo atá á mbainistiú go lárnach. Meastar gurb é €2.5 milliún an ceangaltas caipitil ábhartha atá ag Uisce Éireann ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €0.3 million) agus meastar gurb é €0.9 milliún an ceangaltas caipitil ábhartha atá ag Líonraí Gáis Éireann (2018: €0.2 milliún). Déantar na ceangaltais chaipitil mheasta seo a chuimsiú sna nótaí maidir le ceangaltais chaipitil iomlána i ráitis airgeadais Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann faoi seach.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn Máthairchuideachta Ervia tacaíocht maidir le hacmhainní a chur ar fáil agus tacaíocht do chonraitheoirí chun tionscadail chaipitil TF, theileachumarsáide agus bhonneagair líonraí a chur i gcrích, tionscadail atá á mbainistiú go díreach ag Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann.  Déanann Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann na tionscadail seo a bhainistiú ina n-iomláine ó thaobh a gcur i gcrích agus ó thaobh an rialaithe buiséadaigh de. Déantar na costais atá iarchurtha go díreach a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann agus ní chuirtear forchostas nó corrlach i bhfeidhm.  Ar an 31 Nollaig 2019, bhí Máthairchuideachta Ervia tar éis dul i mbun ceangaltas conarthach arb ionann agus €5.9 milliún (2018: €1.4 million) i dtaca leis na tionscadail seo. Ba é €4.2 milliún luach an ceangaltas caipitil ábhartha a bhí inchurtha do Uisce Éireann ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €0.9 million) agus ba é €1.7 milliún an ceangaltas caipitil ábhartha a bhí inchurtha do Líonraí Gáis Éireann (2018: €0.5 milliún). Cuimsítear na ceangaltais chaipitil seo sna nótaí maidir le ceangaltais chaipitil iomlána i ráitis airgeadais Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann faoi seach.

## 14. Trádáil agus Méideanna Iníoctha Eile

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Méideanna trádála iníoctha | (5,164) | (5,475) |
| Fabhruithe | (15,490) | (15,372) |
| Méideanna iníoctha eile | (6,895) | (7,831) |
| Méideanna dlite d'fhochuideachtaí | (85) | (85) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta[1] | (212) | (634) |
| **Iomlán** | **(27,846)** | **(29,397)** |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamhreatha | (6,147) | (6,916) |
| Reatha | (21,699) | (22,481) |
| **Iomlán** | **(27,846)** | **(29,397)** |
| | | |
| **[1]Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh** | | |
| ÍMAT/ÁSPC/árachas sóisialta | (1,339) | (1,107) |
| CBL | 1,127 | 473 |
| **Iomlán** | **(212)** | **(634)** |

# 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

Sa nóta seo tá eolas faoi ionstraimí airgeadais agus bainistíocht riosca airgeadais na Máthairchuideachta.

| | ORDLATHAS LUACHANNA CÓRA | FVTPL – NEAM-HAINMNITHE €'000 | FVTPL – AINMNITHE €'000 | FVTOCI €'000 | COSTAS AMÚCHTA €'000 | IOMLÁN €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[1] | | - | - | - | 111,248 | 111,248 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | - | - | - | 3,812 | 3,812 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **-** | **-** | **-** | **115,060** | **115,060** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (318) | - | - | - | (318) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[2] | | - | - | - | (12,144) | (12,144) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(318)** | **-** | **-** | **(12,144)** | **(12,462)** |
| **Glansócmhainní airgeadais** | | **(318)** | **-** | **-** | **102,916** | **102,598** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[1] | | - | - | - | 187,734 | 187,734 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | - | - | - | 15,236 | 15,236 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **-** | **-** | **-** | **202,970** | **202,970** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (6) | - | - | - | (6) |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile[2] | | - | - | - | (13,391) | (13,391) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(6)** | **-** | **-** | **(13,391)** | **(13,397)** |
| **Glansócmhainní airgeadais** | | **(6)** | **-** | **-** | **189,579** | **189,573** |

[1] Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

[2] Níor cuireadh costais charntha ná dliteanais chánacha san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

## Bainistíocht riosca airgeadais

Féach ar nóta 25 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi bheartais bainistíochta riosca airgeadais an Ghrúpa. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

### (i) Riosca creidmheasa

Freagraíonn méid anonn na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. Ba é an t-uasmhéid neamhchosanta do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | 111,248 | 187,734 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 3,812 | 15,236 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | - | - |
| **Iomlán** | **115,060** | **202,970** |

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

### (i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le cistíocht

Féach ar nóta 25 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh anailíse ar bheartais an Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa bainteach le cistíocht. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

### (i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil

Féach ar nóta 14 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa chun anailís a fheiceáil de nochtadh na Máthairchuideachta do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

### (ii) Riosca leachtachta

Féach ar nóta 25 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca leachtacha a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca leachtachta a thomhas. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

Is ionann na nithe seo a leanas agus aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais (agus na sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis neamhlascainithe a bhaineann le hiasachtaí agus an glansreabhadh airgid neamhlascainithe inchurtha i leith na n-ionstraimí airgeadais. Cuimsíonn an nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthach a bhfuil socraíocht chomhlán airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. reámhchonarthaí i rátaí malairte eachtraí.

| | MÉID ANONN €'000 | SREAFAÍ AIRGID CONARTHACHA €'000 | <1 BHLIAIN €'000 | 1-2 BHLIAIN €'000 | 2-5 BLIANA €'000 | <5 BLIANA €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (318) | (318) | (318) | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **(318)** | **(318)** | **(318)** | **-** | **-** | **-** |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | (12,144) | (12,144) | (5,997) | (559) | (5,588) | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(12,144)** | **(12,144)** | **(5,997)** | **(559)** | **(5,588)** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(12,462)** | **(12,462)** | **(6,315)** | **(559)** | **(5,588)** | **-** |
| **Ar an 31 Nollaig 2018** | | | | | | |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (6) | (6) | (6) | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **(6)** | **(6)** | **(6)** | **-** | **-** | **-** |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | (13,391) | (13,391) | (6,225) | (815) | (5,910) | (441) |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(13,391)** | **(13,391)** | **(6,225)** | **(815)** | **(5,910)** | **(441)** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(13,397)** | **(13,397)** | **(6,231)** | **(815)** | **(5,910)** | **(441)** |

### (iii) Riosca margaidh

Féach ar nóta 25 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa le haghaidh sonraí faoi spriocanna, bheartais agus phróisis an Ghrúpa chun riosca margaidh a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca margaidh a thomhas. Glacann an Mháthairchuideachta leis na cuspóirí, na beartais agus na próisis sin chomh maith.

## 15. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

### (iii) (a) Riosca an ráta malairte

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go bhféadfadh go ndéanfaí cuid d'idirbhearta na Máthairchuideachta in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha).

**Neamhchosaint ar idirbhearta**

Ó am go chéile déanann an Mháthairchuideachta ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é polasaí an Ghrúpa ná nochtadh na n-idirbheart sin a bhainistiú trí fhéachaint chuig ceannacháin agus díolacháin arna n-ainmniú in airgeadraí eachtrach a mheaitseáil an oiread is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoi bheartas cistíochta an Ghrúpa. Déanfar nochtuithe a fhálú agus na rioscaí gnó á gcur san áireamh.

Is é Beartas Cistíochta an Ghrúpa freisin ná go ndéanfar measúnú ar gach nochtadh measta a sháraíonn méid coibhéiseach le €300,000 in airgeadraí eachtracha i dtaobh na rioscaí gnó agus, áit is cuí, déanfar fálú ar rioscaí airgeadra chun an seans go dtiocfadh drochéagsúlachtaí chun cinn ó ghluaiseachtaí airgeadra a íoslaghdú.

Mar thoradh ar na gníomhartha sin arna nglacadh ag an nGrúpa chun maolú a dhéanamh ar íogaireacht bhunaidh na Máthairchuideachta go luaineachtaí sa ráta malairte, níl anailís íogaireachta curtha i láthair ag an Máthairchuideachta toisc nach tábhachtach aon éagsúlacht fhéideartha.

## 16. Fochuideachtaí

| | €'000 |
|---|---|
| **Costas** | |
| Ar an 31 Nollaig 2018 | 681,436 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **681,436** |
| | |
| **Méid anonn** | |
| Ar an 31 Nollaig 2018 | 681,436 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **681,436** |

Is é Líonra Gáis Éireann fochuideachta na Máthairchuideachta.

# 17. Páirtithe gaolmhara

Tá luachanna idirbhirt ioncaim/(speansais) na bpáirtithe gaolmhara le haghaidh 2019 agus 2018 do chostais idirbheartaíochta agus comhaontuithe seirbhíse tacaíochta sonraithe thíos:

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Uisce Éireann | (iv) (a) | 55,979 | 44,044 |
| Fochuideachtaí | (vii) (a) | 27,074 | 22,725 |
| | | **83,053** | **66,769** |

Sonraítear na hiarmhéideanna infhála/(iníoctha) a bhaineann le páirtithe gaolmhara thíos:

| | 31-NOLL-19 €'000 | 31-NOLL-18 €'000 |
|---|---|---|
| Uisce Éireann | 34,620 | 27,408 |
| Fochuideachtaí | 76,373 | 159,946 |
| | **110,993** | **187,354** |

### (i) Máthairghnóthas deiridh

Is comhlacht corparáideach é Ervia a bunaíodh faoin Acht Gáis 1976. Tá Stát na hÉireann ina úinéir tairbhiúil 100% ar Ervia.

### (ii) Comhlachtaí urraithe ag an Rialtas

Mar aon le go leor eintiteas eile, bíonn gnó ag an nGrúpa i ngnáthchúrsa an ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, amhail Bord Soláthair an Leictreachais, Eirgrid agus na hÚdaráis Áitiúla.

### (iii) Bainc faoi úinéireacht Stát na hÉireann

I ngnáthchúrsa a ghnó, déanann an Mháthairchuideachta idirbhearta le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is de réir gnáththéarmaí tráchtála a dhéantar idirbhearta go léir na Máthairchuideachta leis na bainc sin. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an Máthairchuideachta le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2019.

### (iv) Uisce Éireann

Glactar leis go bhfuil Uisce Éireann ina pháirtí gaolmhar den Mháthairchuideachta, ar bhonn an phatrúin iarbhír atá leagtha amach i nóta 27 de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa.

Chuaigh Máthairchuideachta Ervia i mbun idirbheart le hUisce Éireann mar seo a leanas:

#### (a) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta

Féach ar (vii) (a) thíos chun cur síos a fháil ar na seirbhísí a chuireann Máthairchuideachta Ervia ar fáil d'Uisce Éireann. Féach ar (vii) (b) chun tuilleadh eolais a fháil faoi athmhuirearú costais ar Uisce Éireann agus an bonn atá le cionroinnt na gcostas sin.

# 17. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

(b) Costais maidir le caiteachas caipitiúil

Féach ar (vii)(c) thíos chun cur síos a fháil ar na costais maidir le caiteachas caipitiúil a thabhaigh Máthairchuideachta Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar Uisce Éireann..

(c) Costais pinsin

Féach ar (vii)(d) thíos chun cur síos a fháil ar na costais ranníocaíochta pinsin sochair shainithe a thabhaigh Máthairchuideachta Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar Uisce Éireann.

**(v) Líonraí Gáis Éireann**

Chuaigh an Mháthairchuideachta i mbun idirbheart le fochuideachtaí mar seo a leanas:

(a) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta

Féach ar (vii) (a) thíos chun cur síos a fháil ar na seirbhísí a chur Máthairchuideachta Ervia ar fáil do Líonraí Gáis Éireann. Féach ar (vii) (b) chun tuilleadh sonraí a fháil faoi chostais athmhuirearaithe ar Líonraí Gáis Éireann agus ar bonn a bhí ag cionroinnt na gcostas sin.

(b) Costais maidir le caiteachas caipitiúil

Féach ar (vii) (c) thíos chun cur síos a fháil ar na costais maidir le caiteachas caipitiúil a thabhaigh Máthairchuideachta Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar Líonraí Gáis Éireann.

(c) Díbhinn

Fuair an Mháthairchuideachta díbhinn bhliantúil de €54.4 milliún ó Líonra Gáis Éireann le linn 2019. In 2018, fuair an Mháthairchuideachta díbhinn bhliantúil de €49.1 milliún; beidh an €5.1m atá fágtha le fáil in 2023.

**(vi) Leasanna Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Mháthairchuideachta ag aon uair i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2019.

# 17. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

### (vii) Idirbhearta le hUisce Éireann agus le fochuideachtaí

#### (a) Costais idirbheartaíochta agus seirbhísí tacaíochta

Soláthraíonn Máthairchuideachta Ervia seirbhísí straitéiseacha, rialála, bainistíochta riosca, seachadta caipitil agus seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta do Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann tríd an Ionad Grúpa, an réimse Príomhthionscadail agus trí Sheirbhísí Gnó. Dearadh an eagraíocht Seirbhísí Gnó chun seirbhísí idirbheartaíochta agus tacaíochta a thabhairt i réimsí an Airgeadais, an tSoláthair, Saoráidí, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíochta Faisnéise.

SEIRBHÍSÍ IDIRBHEARTAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA A SHOLÁTHRAÍONN MÁTHAIRCHUIDEACHTA ERVIA

| SEIRBHÍSÍ GNÓ | GRÚPA | EILE |
|---|---|---|
| Seirbhísí um idirbhearta airgeadais | Rialachas agus smacht | Mórthionscadail<br>(Cur i gcrích na mórthionscadal bonneagair chaipitil) |
| Seirbhísí soláthair | Pleanáil airgeadais | Slabhra Soláthair |
| Seirbhísí AD | Bainistíocht riosca | |
| Seirbhísí TF | Seirbhísí grúpa | |
| Seirbhísí saoráidí | Caidreamh le Geallsealbhóirí | |
| Bainistíocht agus riarachán | | |

#### (b) Costais Oibriúcháin a thabhaigh Máthairchuideachta Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar chuideachtaí an Ghrúpa

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costas an tsochair fostaithe | (51,947) | (43,934) |
| Seirbhísí fruilithe agus conraithe | (6,990) | (4,940) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | (11,950) | (10,603) |
| Cíos, rátaí agus saoráidí | (1,186) | (1,357) |
| Speansais oibriúcháin eile | (14,265) | (12,030) |
| **Fo-iomlán roimh athmhuirearú** | **(86,338)** | **(72,864)** |
| Athmhuirearú ar ghnóthais neamhrialaithe - Uisce Éireann | 55,979 | 44,044 |
| Athmhuirearú ar ghnóthais fochuideachta - Líonraí Gáis Éireann | 27,074 | 22,726 |
| **Iomlán tar éis an athmhuirearaithe[1]** | **(3,285)** | **(6,094)** |

[1] Freagraíonn iomlán na gcostas oibriúcháin tar éis an athmhuirearaithe go príomha do chostais pinsin neamh-airgid, nach ndéantar a athmhuirearú ar chuideachtaí Ghrúpa Ervia.

## 17. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**An bonn atá le Costais Oibriúcháin Mháthairchuideachta Ervia a chionroinnt**

(1) Déantar costais oibriúcháin a thabhaigh Máthairchuideachta Ervia le linn di seirbhísí a sholáthar d'Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann a aisghabháil ar bhonn aisghabhála costas.

(2) Déantar costais oibriúcháin a thabhaítear i soláthar seirbhísí den chineál sin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann ar bhonn chúisíocht na gcostas, a fhreagraíonn don bhunspreagadh costais a bhaineann le gach ionad costais laistigh de Mháthairchuideachta Ervia. Mar shampla, rinneadh an spreagadh costais ábhartha d'ionad costais na Seirbhísí um Idirbhearta Airgeadais - Cuntais Iníoctha a aithint mar "líon na sonrasc a próiseáladh". Dá bhrí sin, déantar costais ionad costais na gCuntas Iníoctha a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar an gcuid choibhneasta den líon sonrasc a próiseáladh.

(3) Déantar an spreagadh costais aitheanta do gach ionad costais ar leith a athbhreithniú go bliantúil chun a chinntiú go ndéantar costais oibriúcháin a athmhuirearú ag teacht leis na bunleibhéil gníomhaíochtaí.

(4) Déantar costais oibriúcháin atá inchurtha go díreach le hUisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann a mhuirearú go díreach nó a mhuirearú ina n-iomláine.

(5) Is é cuspóir ginearálta chionroinnt na gcostas oibriúcháin mar atá leagtha síos thuas ná a chinntiú go ndéantar na costais oibriúcháin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar mhodheolaíocht atá cothrom agus trédhearcach, agus a fhreagraíonn do bhunspreagadh na gcostas.

### (c) Costais maidir le caiteachas caipitiúil a thabhaigh Máthairchuideachta Ervia agus a rinneadh a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann

Déanann Máthairchuideachta Ervia beartaíocht le hUisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann i dtaca le tionscadail a seachadtar go lárnach agus a seachadtar sa ghnó, lena n-áirítear costais phárolla arna dtabhú ag réimse na Mórthionscadal. Déantar costais Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann atá inchurtha go díreach a athmhuirearú ar bhonn míosúil gan fhorchostais nó chorrlach a bheith á gcur i bhfeidhm orthu ag Máthairchuideachta Ervia. Ba iad seo a leanas na costais maidir le Caiteachas Caipitiúil a rinneadh a athmhuirearú in 2019: Uisce Éireann €21.7m agus Líonraí Gáis Éireann €6.7m. (2018: Uisce Éireann €15.2m agus Líonraí Gáis Éireann €5.2m). Tá na hiarmhéideanna a bhaineann leis na hidirbhearta sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

### (d) Costais pinsin

Oibríonn an Mháthairchuideachta scéim sochair shainithe pinsin. Glacann roinnt fostaithe de chuid Uisce Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Cé go n-aithníonn an Mháthairchuideachta, ina ról mar fhostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair shainithe, ní aithníonn Uisce Éireann ach na ranníocaíochtaí iníoctha amháin don bhliain a bhaineann le fostaithe Uisce Éireann. Cuimsíonn costais seirbhíse reatha na Máthairchuideachta le haghaidh 2019 (mar atá leagtha amach i nóta 20 a ghabhann le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa) € 1.0 milliún (2018: €1.0 milliún) atá comhionann le ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain maidir le fostaithe Uisce Éireann. Rinneadh na costais sin a athmhuirearú ar Uisce Éireann ar bhonn modha um ghnóthú iomlán costas agus níor tuilleadh aon chorrlach. Ní chuirtear na costais seo san áireamh i gcaiteachas na Máthairchuideachta ar shochar fostaithe.

## Nótaí

ervia